www.gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil
Forlíonadh Oideachais do Mheánscoileanna
L. 22

Lapa cúnaimh na madraí
L. 20



"Bhí Ó Foighil cosúil leis an gcumhacht aibhléise" L. 28

ISSN 2009-3055
€1.65 (£1.50)
Uimh. 48

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge
30.11.2011

Gaelscolaíocht faoi ionsaí

Katie McGreal

DAR leis an eagraíocht Gaelscoileanna Teo, a thugann tacaíocht do scoileanna lán-Ghaeilge, go bhfuil gaelscoileanna na tíre faoi ionsaí ag an rialtas.

Táthar buartha go n-éireoidh cás na ngaelscoileanna, idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna, níos measa i ndiaidh na cáinaisnéise a fhógrófar Dé Luain agus Dé Máirt seo chugainn.

Deir siad go bhfuil líon na ndaltaí i ranganna i ngaelscoileanna méadaithe agus tá thart ar 50% de na scoileanna lán-Ghaeilge ag feidhmiú i gcóiríocht shealadach agus mhí-oiriúnach. Deirtear go bhfuil sé níos deacra ag scoileanna nua aitheantas a fháil agus go bhfuil níos mó scoileanna ná riamh ag feidhmiú faoi mhíbhuntáiste.

Ar na deacrachtaí is mó a bheidh ag an ghaelscolaíocht amach anseo ná cóimheas na múinteoirí le daltaí.

Faoi láthair tá an cóimheas sna gaelscoileanna ar aon leibhéal leis na scoileanna Béarla agus iarradh ar roinnt scoileanna idir 17-23 dalta sa bhreis a thabhairt isteach sa scoil i mí Mheán Fómhair 2011 lena gcuid múinteoirí a choimeád.

Cailleadh post múinteora i suas le 31 scoil agus cailleadh dhá phost múinteora i gceithre scoil eile agus bhí ar na príomhoidí dul ar ais sa seomra ranga i 6 scoil.

Maidir le tús na scoilbhliana seo chugainn, tá Gaelscoil Dhroichead na Bandan i gContae Chorcaí dóchasach go mbeidh siad in ann bogadh isteach in iar-ionad snámha sa cheantar a dúnadh in 2008.

Beidh an t-ionad seo níos oiriúnaí dóibh ná na seomraí réamhdhéanta a bhí in úsáid acu go dtí seo. Chomh maith leis sin, d'aistrigh daltaí agus múinteoirí ó Ghaelscoil Uí Dhrisceoil i gCorcaigh ón gclub rugbaí a bhí in úsáid acu isteach in iar-óstán i nDún Citil.

Is í Siobhán Ní Chatháin, príomhoide na scoile, a thionscnaigh an togra seo. Labhair sí leis an bhforbróir Seamus Geaney a bhí chun an t-óstán a oscailt arís ach bheartaigh sé nach raibh sé indéanta mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta.

Dar le Coláiste Íosagáin sa phríomhchathair nach mbeidh an oiread céanna fadhbanna ag scoileanna seanbhunaithe ach tuigeann siad go mbíonn deacrachtaí ag scoileanna foirgneamh nua a fháil agus deir siad go mbíonn deacrachtaí ag bunscoileanna freisin.

Na ceoltóirí Maighréad Ní Dhomhnaill, Tríona Ní Dhomhnaill agus Mairéad Ní Mhaonaigh, in éineacht leis an chraoltóir aitheanta Rónan Mac Aodha Bhuí, ag seoladh Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy i mBaile Átha Cliath inné. Craoladh an seoladh ar chlár Rónáin ar RT É Raidió na Gaeltachta agus beidh an scoil féin ar siúl i nGaoth Dobhair, Dún na nGall, ag deireadh mhí na Nollag.
GRIANGHRAF LE PAUL MCERLANE

IDIRNÁISIÚNTA

Raic ag Ambasáid na Breataine san Iaráin

Áine Ní Chuaig

BHRIS agóideoirí isteach i dá chompún de chuid Ambasáid na Breataine i bpríomhchathair na hIaráine, Tehran, an lá inné.

Le linn léirsithe ina aghaidh na smachtbhannaí atá gearrtha ag Londain ar an tír, briseadh fuinneoga na hambasáide, atá suite ar Shráid Bobby Sands, agus caitheadh clocha agus buamaí peitril.

Tuairscítear gur tharraing mic léinn anuas bratach Shasana agus gur chuir siad trí thine é. Chrochadar bratach na hIaráine ina áit.

Is cosúil gur éalaigh foireann na hAmbasáide amach cúl doras.

Mar chuid de na smachtbhannaí a ghearr an Bhreatain an tseachtain seo caite, tá bac curtha ar institiúidí airgeadais Shasana gnó a dhéanamh le haon chomhlacht Iaráineach, banc ceannais na tíre ina measc.

Tá dlí ceadaithe ag an Iaráin, an tAmbasadóir Briotanach a dhíbirt taobh istigh de choicís, le díoltas a bhaint amach ar na smachtbhannaí atá gearrtha.

Níl Dominick Chilcott ina phost nua mar Ambasadóir ach le mí anuas.

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

Niamh Ní Chonghaile, as Coill Sáile i gConamara, ag glacadh páirte sa bhfíseán nua *'Hey!'* ón mbanna ceoil 'The Dirty 9's'. Rinneadh taifead ar an bhfíseán i mBaile Átha Cliath agus i mBarcelona na Catalóine le déanaí. "Bhí an siút thar barr ar fad," a d'inis Niamh do Gaelscéal. "Ní dhearna mé rud ar bith cosúil leis sin riamh agus bhí an-spraoi agam." Beidh an físeán le feiceáil ar an scáileán go luath. D'éirigh le Niamh (20 bliain d'aois) sna trialacha scáileáin a reáchtáil TG4 le déanaí agus tá sí anois i mbun cúrsa láithreoireachta leis an stáisiún. Tá Niamh sa chéad bhliain i mbun céime sna Dána in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, ag staidéar Amharclannaíocht agus Taibh-Ealaín.

Caitlicigh a mhealladh: sprioc nua an DUP

Anton Mac Cába

IN óráid s'aige do Chomhdháil an Pháirtí Aontachtaigh Daonlathaigh (DUP), dúirt Peter Robinson go raibh sé in am ag an pháirtí Caitlicigh a mhealladh.

Ba é an rud ba shuimiúla ná nár shiúil duine ar bith amach. Go dtí seo, ní heol gur éirigh duine ar bith as an pháirtí.

Agus tráchtairí ag caint air seo, is gnách leo bheith ag caint faoin bpobal Caitliceach. Le fírinne, deir seo níos mó faoin bpobal Protastúnach agus Aontachtach. Níor chuir sé uafás ar chéatadán suntasach. Bhí óráid Robinson ar an saghas ruda a thóg raic nuair a mhol an ceannaire aontachtach Terence O'Neill 40 bliain ó shoin é. An difear ná go ndeachaigh Robinson níos faide.

Mar go raibh aird ar Robinson, chuaigh rud beagnach chomh tábhachtach thart. Labhair John McCalliser, Leas-Cheannaire Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP), le Comhdháil de chuid Shinn Féin an tseachtain seo caite.

Is feirmeoir as Ráth Fraoileann ar an Dún é McCallister. Ní raibh raic ar bith faoi sheasamh McCallister. Tá Robinson pragmatach. Tá sé ag amharc ar dhá dhream. Ní cinnte cé acu is tábhachtaí. Tá Caitlicigh ann nach náisiúnaithe iad. Is den mheánaicme iad. Tá cónaí orthu taobh amuigh de cheantair Chaitliceacha, náisiúnacha an lucht oibre. Téann a gclann ar scoileanna gramadaí - scoileanna gramadaí Protastúnacha, minic go maith: leithéidí, mar shampla, Inst nó Methodist College i mBéal Feirste. Nó ní chaitheann siad vóta, nó caitheann siad vóta do Pháirtí na Comhghuaillíochta.

Bhí sciar beag den phobal Caitliceach a bhí riamh Aontachtach. (Bhí siad ann ó dheas go 1922 chomh maith). Cuid acu, is de shliocht daoine a d'aistrigh ó thuaidh in 1922 iad: daoine a d'aistrigh mar go raibh baint acu leis an sean-réimeas Briotanach. Faigheann ionadaithe tofa de chuid an DUP vótaí Caitliceacha - de bharr oibre ar an talamh. (Mar a fhaigheann Sinn Féinithe vótaí Protastúnacha). Is léir go bhfuil dúil ag Robinson go dtosnóidh Caitlicigh ag cur an DUP ar an pháipéar vótála. Ansin, toiseacht ar é a bhogadh suas an páipéar.

Nó fadhb atá ag Aontachtaithe Caitliceacha ná go bhfeictear dóibh go bhfuil an DUP seicteach. Níor chuidigh oráidí a thug Sammy Wilson agus Nigel Dodds ag an chomhdháil leis an tuairim sin a bhréagnú. Bhí an bheirt sin ann, ar ndóigh, leis an mhuintir nár mhaith leo athrú bheith ar an DUP a shásamh.

Ní bheidh aon athrú mór ar líon na vótóirí Caitliceacha don DUP. Tá an iomarca bagáiste ag an pháirtí le go dtarlódh sin go ceann i bhfad.

Ar bhonn toghchanaíochta, is fiú dornán beag bídeach de vótaí Caitliceacha. Dhéanfadh siad difear. Theip ar an DUP i roinnt suíochán sa toghchán áitiúil i mbliana - mar gur thug líon suntasach Caitliceach a chaith vótaí do pháirtithe náisiúnacha aistriúcháin don UUP. Tá tábhacht leis na vótaí seo sa choimhlint inmheánach aontachtach.

Sa suirbhé 'Life and Times' níos luaithe i mbliana, dúirt 52% de Chaitlicigh go raibh siad sásta fanacht sa Ríocht Aontaithe. Ní hionann sin is a rá go gcaithfidh siad vóta d'Aontachtaithe go luath. Tá Robinson pragmatach. Tuigeann sé nach féidir an Tuaisceart a rialú gan cead an mhionlaigh. Tá sin go háirithe nuair is mionlach 43% atá i gceist. B'shin an fáth gur dhúirt sé nach raibh sean-institiúidí an stáit ó thuaidh oiriúnach níos mó. Chomh tábhachtach le Caitlicigh, bhí sé ag caint le Protastúnaigh. Tá an DUP nimhiúil ag sciar den phobal Protastúnach. Dar leo gur páirtí seicteach é, é ina eite pholaitiúil ag an Eaglais Shaor-Phreispitéireach. Tá an DUP sa tóir ar an chineál vóta tuatach Protastúnach sin - vóta atá níos éasca a fháil ná an vóta Caitliceach.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Áine Ní Chuaig
Iriseoir
aine.nichuaig@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Nollaig i mbaol arís in árasáin i mBaile Átha Cliath

Colm Ó Broin

TÁ baol ann go gcuirfear as d'áitritheoirí i bhforbairt árasán i mBaile Átha Cliath den dara Nollaig as a chéile de bharr fadhbanna leis an soláthar cumhachta. Bhí ar roinnt teaghlach ó árasáin na Steelworks i lárthuaisceart na cathrach fanacht in óstán an Nollaig seo caite de bharr baoil a bhain leis an soláthar leictreachais. An bhliain seo tá an soláthar gáis stoptha de bharr imní faoi shábháilteacht na ngléasraí san fhorbairt.

Dúirt Bord Gáis go bhfuair siad ordú ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh ag tús na míosa an soláthar gáis a stopadh i gceithre bhloc árasáin sna Steelworks - an Forge, an Foundry, an Kiln agus an Millhouse, agus go bhfuil beagnach 50 árasán gan ghás ó shin. Braitheann formhór na n-áitritheoirí ar ghás chun a gcuid árasán a théamh ach dúirt Bord Gáis go bhfuil téitheoirí curtha ar fáil acu dóibh fad is atá an obair dheisiúcháin ar siúl.

Thóg an comhlacht forbartha Townlink Ltd na hárasáin in 2004 ach stopadh an soláthar gáis de bharr fadhbanna le púireanna (flues) i gcoirí gáis (gas boilers).

Dúirt urlabhraí Bhord Gáis gur thángthas ar lobhadh sna púireanna, a rialaíonn gás sceite ó na coirí, rud atá "thar a bheith aisteach" i bhforbairt chomh nua sin. Dúirt an tAire Comhshaoil Phil Hogan an tseachtain seo caite go dtógfaidh sé cúig seachtaine chun an fhadhb a réiteach. Ag caint di le Gaelscéal dúirt Pauline Pigott, a bhfuil a máthair ina cónaí in árasán sna Steelworks, go mbeidh daoine le ceangal má thogann sé an méid sin ama. "Bhí ar mo mháthair, atá 75 bliain d'aois, bogadh amach óna hárasán an Nollaig seo caite agus anois níl a fhios againn cathain a réiteofar an fhadhb seo. Bhí ar theaghlaigh le páistí óga an Nollaig seo caite a chaitheamh in óstán agus loitfear an Nollaig seo chomh maith má bhíonn daoine gan ghás."

"Tromluí" atá ann do na háitritheoirí de réir Teachta Dála áitiúil de chuid an Lucht Oibre, Joe Costelloe. "Ciallaíonn sé seo nach mbeidh teas agus áiseanna cócaireachta cearta acu ar feadh dhá mhí," ar seisean le Gaelscéal. "Bheadh imní orm go bhfuil dhá fhadhb nochta sa bhforbairt, an leictreachas agus an gás, forbairt a tógadh in 2004."

Ag caint dó sa Dáil dúirt Costelloe: "Bhí go leor leor fadhbanna le pirít sa toghcheantar agus bhí fadhbanna ar nós na forbartha lochtaí i Halla na Prióireachta. Tá an-imní orm go dtiocfaidh muid ar fhadhbanna den chineál céanna anseo."

Mhol sé don Aire Comhshaoil suirbhé neamhspleách a dhéanamh ar an bhforbairt nuair a bheidh an fhadhb gháis réitithe.

Tá forbairtí árasán, foirgneamh poiblí agus sínte tógtha i mBaile Átha Cliath ag Townlink Ltd ó bunaíodh an comhlacht in 1991, ina measc, síneadh le hOspidéal na Leanaí i gCromghlinn, Clinic na Carraige Duibhe, Ionad Gnó AIB i gCúirt Choirnéil agus Scoil Náisiúnta Ghort na Silíní. Idir an dá linn bhí bigil ag áitritheoirí Halla na Prióireachta Dé Luain le gearán a dhéanamh faoin moill ar obair dheisiúcháin ar an fhoirgneamh. Fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ordú ón Ardchúirt an mhí seo caite chun na háitritheoirí a bhogadh amach de bharr baol dóiteáin. Tá sé tugtha chun solais ag an iris Construct Ireland go ndearna Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann suirbhé in 2004 a léirigh nár chloígh go leor tithe le caighdeáin sábháilteachta, inslithe ná aeraithe. Rinneadh staidéar ar 52 teach a tógadh idir 1997-2002 agus nochtadh gur sháraigh 93% acu rialacha a bhain le scaipeadh tine agus truailliú ó thancanna ola. Ní raibh insliú ceart ar phíopaí, duchtanna agus sorcóirí uisce i 92% de na tithe agus ní raibh aerú ceart i 42% acu.

Tuilleadh cáinte ar an Eaglais i dtuarascálacha úra ón Choimisiún um Páistí a Chosaint

Danny Brown

BEIDH sé dheoise ag fuascailt tuarascálacha den chéad uair ar phreasócáid agus ag an am céanna ar shuíomh idirlín, nuair a fhoilseoidh an Coimisiún um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach iad níos moille inniu.

Is iad Doire, Ráth Bhoth, An Droim Mór, Tuaim, An Chill Mhór, agus Ardach agus Chluain Mhic Nóis na deoisí atá i gceist agus foilseofar tuarascálacha eile ar na deoisí eile amach anseo.

Ach tá conspóid ag baint le cuid de na tuarascálacha cheana féin, fiú sula ndeachaigh siad os comhair an phobail.

Tuairiscíodh sa nuachtán seo ar chúpla ócáid go raibh an obair uilig déanta ag an Choimisiún ar thuarascáil Dheoise Ráth Bhoth, an deoise is conspóidí acu is cosúil, ach gur cuireadh moill ar a fhoilsiú ceithre huaire gan míniú ar bith a thabhairt do na híobartaigh nó d'iriseoirí a bhí ag iarraidh fáil amach caidé an chúis a bhí leis an mhoill.

Bhí an tAthair Eugene Green, a fuarthas ciontach as coireanna gnéis in éadan páistí óga, lonnaithe sa deoise sin agus tuigtear go ndearnadh gearáin faoi go minic do na húdaráisí sa deoise ach nach ndearnadh tada le stop a chur leis.

Ar feadh cuid mhaith den am go raibh Green gníomhach sa deoise, bhí an tEaspag Séamus Hegarty i gceannas ar Ráth Bhoth agus tuigtear go mbeidh cáineadh láidir ar an Easpag sin sa tuarascáil.

Aistríodh Hegarty go dtí Deoise Dhoire sa bhliain 1994 agus d'éirigh sé as bheith ina Easpag trí seachtainí ó shin, ag rá go raibh tinneas air nach ligfeadh dó leanstan ar aghaidh ina phost mar Easpag.

Ó bhí mí Lúnasa i mbliana ann, tá daoine a d'fhulaing ionsaithe gnéis i nDeoise Ráth Bhoth ag gearán nár tugadh míniú ar bith dóibh cén fáth go raibh moill ar fhoilsiú na tuarascála agus dúirt cuid acu go raibh eagla orthu faoi na scéalta a bhí forleathan sa deoise go raibh siad ag fanacht go raibh tuarascálacha eile réidh le foilsiú ag an am céanna le tuarascáil Ráth Bhoth.

Dúirt siad ag an am gur ag iarraidh damáiste d'institiúid na hEaglaise a mhaoladh a bhí na hEaspaig agus nach raibh siad ag tabhairt chothrom na Féinne do na híobartaigh.

Beidh a fhios againn níos moille inniu an raibh bunús ar bith san fhírinne leis na barúlacha sin.

Scoileanna ag lorg cabhrach ón rialtas

Katie McGreal

TÁ eagraíocht na bpríomhoidí bunscoile, 'Irish Primary Principals' Network' (IPPN), ag iarraidh nach mbeadh ráta cáin bhreisluacha gearrtha ar scoileanna ón gcéad bhliain airgeadais eile.

Faoi láthair, ní féidir le scoileanna airgead ó cháin bhreisluacha a fháil ar ais, mar a dhéanann comhlachtaí agus gnólachtaí eile.

"Deir an rialtas gur gnólachtaí iad scoileanna nuair atá sé oiriúnach dóibh agus nach gnólachtaí iad nuair nach bhfuil sé oiriúnach," a deir Larry Flemming, an t-oifigeach cumarsáide leis an IPPN.

Deir sé go gcuireann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil scoileanna i gcatagóir na ngnólachtaí agus iad ag lorg muirear uisce.

Deir Flemming go bhfuil anchuid fadhbanna airgid ag scoileanna faoi láthair, go háirithe toisc go bhfuil an méid a thugann daoine sna rannóocaíochtaí saorálacha i ndiaidh titim le roinnt blianta anuas.

Deir uachtarán na heagraíochta do thuismitheoirí a bhfuil daltaí dá gcuid ag freastal ar iar-bhunscoil, an 'National Parents' Council Post Primary', Tommy Walshe, go bhfuil fadhbanna ollmhóra ag beagnach na meánscoileanna ar fad sa tír faoi láthair.

Seán Cottrell Stiúrthóir IPPN

"Tá sé dochreidte go bhfuil an rialtas chun an cás a dhéanamh níos measa," a deir sé agus é ag seoladh iarratas réamh-bhuiséid na heagraíochta an tseachtain seo.

Mhol an IPPN an scéim seo cheana. Tá Flemming den tuairim gur féidir é a dhéanamh toisc go bhfuil sé i bhfeidhm sa Danmhairg agus san Astráil.

Deir stiúrthóir an IPPN, Seán Cottrell, go mbeadh scoileanna in ann €12,000 a shábháil, ar a laghad, leis an scéim seo.

Tháinig an moladh seo chun solais toisc go bhfuil an rialtas ag caint faoin ráta cáinbhreisluacha a ardú 2% sa bhuiséad an tseachtain seo chugainn, go dtí 23%.

Chuir an IPPN an moladh seo in iúl don rialtas san iarratas réamh-bhuiséid a sheol siad chucu ar an Luan. Mhol siad gur cheart go mbeadh leathanbhanda tapa ar fáil i ngach bunscoil freisin chomh maith le fáil réidh leis an maorlathas a bhaineann le tograí tógála i scoileanna agus a chuireann moill orthu. Ina theannta sin, táthar ag iarraidh nach n-athróidh an rialtas an méid daltaí atá sna ranganna ach an oiread. Níl siad ag súil le haon fhreagra agus ní bheidh a fhios acu céard a cheapann an rialtas go dtí lá an bhuiséid.

Tá eagraíochtaí oideachais ag eagrú agóide ó Chearnóg Parnell go Cearnóg Mhuirfean i mBaile Átha Cliath ar an Satharn seo chugainn, 6 Nollaig, ag tosú ag 1in chun a míshástacht a léiriú.

Stailc mhór phoiblí ó thuaidh

Anton Mac Cába

BEIDH seirbhísí poiblí - ach amháin seirbhísí éigeandála - ina lánstad ó thuaidh inniu. Tá na ceardchumainn san earnáil phoiblí ar stailc lae. Is mar gheall ar chúrsaí pinsin a bheidh siad ar stailc. Tá míshástacht faoi chiorruithe i gceist chomh maith.

Mestear go mbeidh suas le 30% den lucht oibre ar stailc. Ní bheidh seirbhísí bus nó traenach ann. Fágfaidh sé sin go mbeidh daoine san earnáil phríobháideach nach mbeidh ábalta dul ar obair.

Is í seo an dara stailc mhór le dhá mhí anuas. An mhí seo caite, bhí baill den cheardchumann UNISON sa tseirbhís sláinte ar stailc.

Córas wifi saor in aisce do lár Dhroichead Átha

TÁ Droichead Átha ar an chéad bhaile in Éirinn chun córas iomlán wifi a chur ar fáil saor in aisce i lár an bhaile.

Bheartaigh Comhairle an Bhaile ar an chóras idirlín a sholáthar mar chuid d'iarrachtaí nua chun gnó a spreagadh roimh an Nollaig.

Chuidigh gnónna agus comhlachtaí áitiúla le costais an chórais a chlúdach agus dóchas acu go mbeidh tionchar dearfach ag an áis nua ar thrádáil sa bhaile, atá thíos le tamall anuas mar gheall ar na deachtrachtaí reatha eacnamaíochta.

"Bhí muid ag iarraidh rud éigin a thabhairt ar ais don bhaile," arsa Peter Durnin, bainisteoir Image Group, an comhlacht príobháideach a mhol an smaoineamh don Chomhairle áitiúil.

"Baineann sé le beocht a chur ar ais sa bhaile. Go dtí seo bhí caiféanna agus bialanna ag cur wifi ar fáil ach ní raibh sé ar fáil go forleathan ar fud an bhaile. Tá anois agus tá áthas orainn go bhfuil muid ar an chéad áit sa tír leis seo a dhéanamh."

Dar leis an Uasal Durnin gur costas €5,000 a bhí ar an tionscnamh.

I measc na dtograí eile gnó atá ar siúl ag Droichead Átha faoi láthair tá sás, nó feidhmchlár, don iPhone, a sheolfar níos moille inniu. Tá an sás saor in aisce chomh maith agus clúdaíonn sé eolas atá úsáideach do chuairteoirí agus do shiopaeirí áitiúla araon.

Iarratas ar Aighneachtaí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Dréachtscéim á hullmhú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

Tá sé á bheartú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige scéim a dhréachtú de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é príomhchuspóir an Achta a chinntiú go mbeidh fáil níos mó ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge agus go mbeidh na seirbhísí sin ar chaighdeán níos airde.

Is mian leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige aighneachtaí i ndáil leis an dréachtscéim a lorg anois ó aon pháirtithe leasmhara. Níor cheart go rachadh na haighneachtaí thar 4,000 focal (c.8 leathanach), dá mb'fhéidir é. B'fhearr aighneachtaí, a chuirfear ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, a sheoladh go leictreonach chuig public@dcya.gov.ie.

Nó seachas sin féadfar iad a chur leis an bpost chuig

Aonad Tacaíochta Gnó
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
43-49 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4

Tá eolas faoi shainordú agus ról/seirbhísí na Roinne ar fáil ar www.dcya.gov.ie

Is é an 5 pm ar an 5 Eanáir, 2012 an sprioc-am ar a nglacfar le haighneachtaí.

Is féidir tuilleadh eolais faoin Acht a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta www.ahg.gov.ie nó é a iarraidh ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@coimisineir.ie

Bronnadh Céime

Aisling Lonergan agus Sibéal Davitt ag ceiliúradh a mbronnta céime i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le déanaí.

Gaelscoil Inis Córthaidh le dúbailt

Colm Ó Broin

BEIDH Gaelscoil Inis Córthaidh i Loch Garman dhá oiread níos mó amach anseo tar éis don Roinn Oideachais suíomh nua a chur ar fáil dóibh. Tá ocht seomra ranga réamhdhéanta ag an nGaelscoil faoi láthair ach beidh 16 seomra sa scoil nua atá le hoscailt in 2013.

Cheannaigh an Roinn Oideachais suíomh in Inis Córthaidh roinnt blianta ó shin agus bhí plé faoi bhunscoil de chuid Educate Together a thógáil ann. Bhí cruinnithe ag an eagraíocht sa bhaile ach beartaíodh gan dul ar aghaidh leis an togra.

Tá an suíomh curtha ar fáil don Ghaelscoil agus do scoil do pháistí le riachtanais speisialta anois.

Dúirt príomhoide na Gaelscoile, Siobhán Uí Ifearnáin, go bhfuil áthas an domhain orthu faoin nuacht.

Tá 190 páiste ag freastal ar an scoil faoi láthair ach d'fhéadfadh sé seo ardú go thart ar 400 amach anseo.

D'oscail an scoil in 1995 agus tá an-ardú tagtha ar an éileamh ar spásanna ann le blianta beaga anuas. Bhí 20-25 páiste ag tosú sa scoil gach bliain le tamall anuas ach mhéadaigh sé seo go 44 i mbliana agus tá 50 ar an liosta le haghaidh 2012.

Éireannaigh ag filleadh tar éis na mblianta ar imirce

Máirtín Ó Catháin

BEIDH dáréag Éireannach ag filleadh ar a dtír dhúchais as Sasana Dé Sathairn seo chugainn ar feadh seachtaine faoi scáth an chláir "Fill abhaile".

Daoine iad seo nach raibh sa mbaile le fada an lá cheana agus a chaill an ceangal lena dteaghlaigh i gcuid mhaith cásanna.

"Níor tháinig an saol faoi bhláth mar a bhí beartaithe ag go leor acu," a deir Alex McDonald, an stiúrthóir ar an gclár "Fill Abhaile" atá faoi cheannas an ionaid Aisling i gCamden Town i Londain.

Seo é turas Nollaig na heagraíochta agus beidh an grúpa ag cur fúthu sa Dún Mór Thoir i bPort Láirge. Tarlaíonn sé gur as oir-dheisceart na tíre cuid mhór den dream atá ar an turas seo abhaile. Casfaidh cuid acu le gaolta den chéad uair le blianta fada.

Eagraíonn an clár "Fill Abhaile" chúig thuras anall chuile bhliain. Bíonn idir dhá dhuine dhéag agus scór ar na turais seo. Téann siad chuig áiteacha éagsúla sa tír. "Coinníonn muid le cuid áirithe den tír chomh maith agus is féidir ar chuile thuras," a deir Alex McDonald. "Bhí muid in iarthar Mhaigh Eo an i dtús mhí na Nollag anuraidh."

Seo é turas na Nollag. Ceapann lucht an aonaid Aisling i Londain gur fearr teacht anall roinnt seachtainí roimh an Nollaig; tá cúiseanna praiticiúla agus cúiseanna daonna leis sin. "D'fhéadfadh cuairt faoi Nollaig, no gar don Nollaig, goilliúint ar dhaoine ar bhealaí," a deir Alex McDonald. "Dúisíonn an Nollaig cuimhní cinn agus mothúcháin níos láidre, go háirithe má tá uaigneas i do shaol. Ach chomh maith leis sin tá taisteal, lóistín agus cúrsaí eagrúcháin níos deacra agus tú buailte ar an Nollaig."

Ba mhór i gceist beagán blianta ó shin an drochbhail a bhí ar go leor Éireannach i Sasana. Tugadh tuairiscí faoi dhaoine a bheith gan teach agus gan dídean - sin nó ina gcónaí i ndrocháiteacha agus gan beatha ná teas acu go minic. "Fir iad seo a bhí ag obair anonn agus anall i dtionscal na tógála den chuid ba mhó," arsa Alex McDonald. "Bhíodar fágtha beo bocht sa deireadh. Tá siad ag imeacht ar shlí na fírinne de réir a chéile. Ach tá daoine ann i gcónaí atá sa mbád céanna. Tá an ceangal briste leis an mbaile. Ní théann siad abhaile. Tá muide ag iarraidh an ceangal sin a neartú aríst chomh maith agus is féidir é."

Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2012

CEATHARLACH, Co. CHEATHARLACH
10ú – 15ú Aibreán

Comórtas Amhrán Nua-Chumtha

Tá comhairle Pan Cheilteach na hÉireann ag lorg Amhrán Nua-Chumtha do chomórtas náisiúnta na hÉireann. Is gá na focail agus an ceol a bheith nuachumtha. Tá duais €1000 le gnothú ag an mbuaiteoir. Beidh na hamhráin le canadh ag an gComórtas Náisiúnta in Óstán Seven Oaks, Ceatharlach ar an Déardaoin, 8 Márta 2012. Rachaidh an buaiteoir ar aghaidh chuig an Comórtas Idirnáisiúnta a bheidh ar siúl le linn na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a bheidh ar siúl i gCeatharlach 10-15 Aibreán 2012.

Seol an t-amhrán ar dhlúthdhiosca roimh 20ú Eanair 2012 chuig:
An Rúnaí, An Comórtas Amhrán Nua-Chumtha, Oifig na Féile Pan Cheilteach, Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach, Co. Cheatharlach.

Rialacha agus foirmeacha iontrála ar fáil ar shuíomh gréasáin www.panceltic.ie.Gach eolas ón oifig ar pancelticcarlow@gmail.com nó ar +353 (0)85 1340047, +353 (0)59 9158105.

COMÓRTAIS EILE PAN CHEILTEACH 2012:
Tá Coiste na Féile ag lorg iontrálacha freisin i gcóir comórtais eile Pan Cheilteach: Cóir, Fidil, Cruit/Cláirseach, Píobaireacht, Rince agus Amhránaíocht Thraidisiúnta.

Urraithe ag IMRO agus Gael Linn

imro – Cherishing Music In A Changing World

Gael Linn

Comórtas Amhrán Nua-Chumtha

Katie McGreal

TÁ Comórtas Amhrán Nua-Chumtha ar siúl ag lucht Fhéile Idirnáisiúnta Phan-Cheilteach 2012 chun amhrán na hÉireann a roghnú don chomórtas idirnáisiúnta a bheidh ar siúl le linn Fhéile Phan-Cheilteach 2012 a bheidh ar siúl i gCeatharlach, 10 - 15 Aibreán 2012.

Is gá na focail agus an ceol a bheith nuachumtha agus glacfar le hamhráin thraidisiúnta, le popamhráin, le hamhráin tíre agus le hamhráin rac cheiltigh, agus is gá iad a bheith i nGaeilge.

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas ná 20 Eanáir 2012 agus caithfear na hamhráin a sheoladh ar dhlúthdhiosca.

Déanfar gearrliosta de na hiarratais is fearr agus beidh na hamhráin a roghnófar á gcanadh ag an gcomórtas náisiúnta a reáchtálfar in Óstán Seven Oaks, Ceatharlach Déardaoin, 8 Márta.

Rachaidh buaiteoir an chomórtais sin ar aghaidh go dtí an comórtas idirnáisiúnta a bheidh ar siúl le linn na Féile Idirnáisiúnta Pan-Cheiltí. Beidh amhrán na hÉireann in iomaíocht leis na hamhráin náisiúnta eile ag Albain, an Bhreatain Bheag, Oileán Mhanann, Corn na Breataine agus an Bhriotáin chun an Corn Pan-Cheilteach a bhuachaint.

Seo an chéad uair riamh a bheidh an Fhéile Phan-Cheilteach ar siúl i gCeatharlach agus tá neart imeachtaí agus comórtas éagsúil eagraithe acu.

Beidh comórtais idircheilteacha fidléireachta, píobaireachta, rince, amhránaíochta traidisiúnta, camógaíochta agus neart eile ar siúl chomh maith le céilí, ceolchoirmeacha agus paráidí.

Tá tuilleadh eolais faoin gcomórtas amhránaíochta ar fáil ó Bhríde de Róiste ar 087 2857048 nó bridederoiste@gmail.com agus tá tuilleadh eolais faoin bhféile ar fáil ó www.panceltic.ie.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Rabhadh – rátaí úis na n-iasachtóirí airgid

LÉIRIGH suirbhé a foilsíodh san Irish Daily Mail inné go bhfuil airgead faighte ag 9% den phobal ó iasachtóirí airgid. Ó am go chéile cloistear scéalta uafáis faoi dhaoine atá i bhfiacha d'iasachtóirí agus ag íoc rátaí úis ollmhóra. Mar a tharlaíonn sé rinne an tAire Airgeadais Michael Noonan cur síos ar na rialacha a bhaineann leis an earnáil an tseachtain seo caite. Caithfidh iasachtóirí clárú leis an nBanc Ceannais agus cloí le cód cleachtais - ach níl aon teorainn ar an ráta úis a ghearrann siad. Dúirt an tAire áfach go gcaithfidh iasachtóirí airgid rabhadh soiléir a chur ar dhoiciméid a bhaineann le hiasachtaí le ráta úis níos mó ná 23% - "Warning: this is a high-cost loan". Agus aimsir na Nollag ag druidim linn is cosúil nach mbeidh móran rogha ag leor daoine ach neamhaird a dhéanamh den rabhadh sin.

€175m ó USC breise ar ioncam ard

TÁ moladh déanta ag Sinn Féin agus Comhaontas na Clé Aontaithe (ULA) go ngearrfaí tuilleadh cánach ar dhaoine saibhre seachas caiteachas a chiorrú. Tá suim léirithe ag urlabhraí airgeadais Fhianna Fáil, Michael McGrath, san ábhar chomh maith. D'iarr sé ar Michael Noonan cé mhéad airgid a bhaileofaí dá ngearrfaí muirear sóisialta uilíoch (USC) ag ráta 8% ar dhaoine singil ar ioncam níos mó ná €100,000, €125,000 agus €150,000 nó ar lánúin ar €200,000, €250,000 agus €300,000. De réir na Roinne Airgeadais bhaileofaí €175 milliún breise dá gcuirfí athrú dá leithéid i bhfeidhm.

Níos mó ná airgead i gceist le comhnascadh an Choimisinéara

TÁ cinneadh an Rialtais Oifig an Choimisinéara Teanga a shá isteach le hOifig an Ombudsman tar éis cáineadh agus agóidí a spreagadh. Cuireadh ceisteanna ar Aire Stáit Gaeltachta Dinny McGinley sa Dáil faoin bplean conspóideach an tseachtain seo caite. Dúirt Michael Kitt ó Fhianna Fáil nach sábhálfar airgead toisc go mbeidh an Coimisinéir Seán Ó Cuirreáin ina phost go 2016 agus nach ligfear oibrithe eile san oifig chun siúil. Dar le McGinley, tá níos mó i gceist ná airgead.

"Ní hamháin chun costais a ghearradh atá cinntí tógtha ag an Rialtas athchóiriú a dhéanamh ar an tseirbhís phoiblí. Creideann an Rialtas go mbeidh buntáistí le baint as líon na gcomhlachtaí poiblí a laghdú, ní hamháin i dtéarmaí laghdú costais ach i dtéarmaí timpeallacht riaracháin níos simplí agus níos éifeachtaí a bheith ann.

"Tiocfaidh na buntáistí is suntasaí ón timpeallacht riaracháin sin, rud a thabharfaidh cuntasacht dhaonlathach níos fearr, níos lú dúblála agus línte freagrachta níos soiléire maidir le seachadadh seirbhísí don saoránach."

Dúirt sé chomh maith nach é Oifig an Choimisinéara Teanga an t-aon oifig ombudsman amháin atá luaite i bplean an rialtais chun athchóiriú a dhéanamh ar an tseirbhís phoiblí.

"Tá sé soiléir ó phlean an rialtais go bhfuil Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus Oifig an Choimisinéara Teanga le cónascadh le hOifig an Ombudsman, chomh maith leis na feidhmeanna cúloifige a bhaineann le hOifig Ombudsman na Leanaí. Ó thaobh an tsaoránaigh de, luíonn sé le réasún go mbeidh cur chuige níos éifeachtaí ann mar thoradh ar dhaoine a bheith in ann triall ar Oifig an Ombudsman in ionad iad a bheith ag triall ar oifigí éagsúla ombudsman."

Beidh le feiceáil an mbeidh ciall agus réasún ag baint leis an bplean seo, má chuirtear i bhfeidhm é.

Joe Higgins ó Chomhaontas na Clé Aontaithe (ULA) atá ag iarraidh go ngearrfaí tuilleadh cánach ar dhaoine saibhre seachas caiteachas a chiorrú. PIC LE SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

Ní bheidh aon duine a ghlanann sneachta de na cosáin iad féin an geimhreadh seo faoi dhliteanas, a d'fhógair an rialtas.
PIC LE LEON FARRELL / PHOTOCALL IRELAND.

Deireadh le dílárú an Fhorais go Gaoth Dobhair

BEIFEAR ag fanacht go Feabhra 2012 don fhocal scoir ar dhílárú Fhoras na Gaeilge go Gaoth Dobhair. Aontaíodh plean in 2006 go ndéanfaí 30 post de chuid Fhoras na Gaeilge a lonnú i nGaoth Dobhair, ar bhonn céimnithe. Tá 11 post de chuid Fhoras na Gaeilge bogtha go Gaoth Dobhair go dtí seo - naoi bpost bhuana (le folúntas amháin) agus dhá phost ar chonradh. Mar chuid de phlean an rialtais maidir le hathchóiriú na seirbhíse poiblí a fógraíodh ar 17 Samhain áfach, dúradh nach raibh i gceist dul ar aghaidh le clár díláraithe an rialtais. Toisc gur áisíneacht Thuaidh/Theas é an Foras caithfidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an cinneadh a fhaomhadh. Déanfar plé ar an gceist ag an gcéad chruinniú eile i mí Feabhra 2012 agus is cosúil go mbeidh deireadh leis an scéal ag an am sin.

Glantar sneachta de na cosáin!

TÁ imní ar dhaoine go mbeidh an geimhreadh fuar agus sneachtúil mar a bhí an Nollaig seo caite. Bhí ar dhaoine dul i dtaithí ar an aimsir gharbh agus na nósanna maireachtála a bhaineann leis. Ceann amháin ná an méid sneachta agus oighear a bhí ar na cosáin - rud a chothaigh timpistí do shiúlóirí, seandaoine ach go háirithe. Bheartaigh go leor daoine na cosáin a ghlanadh as a stuaim féin ach bhíothas ag rá go bhféadfaí go mbeadh siad faoi dhliteanas dá mbeadh timpiste ag duine eile tar éis dóibh an obair seo a dhéanamh ar son an phobail. Tá sé ráite ag an Aire Dlí agus Cirt Alan Shatter áfach go bhfuil an cheist seo cíortha ag an Ardaighne agus nach mbeadh aon duine faoi dhliteanas fad is nár cruthaíodh baol nuair a ghlan siad an sneachta. An é nach asal í an dlí sa chás seo?

FOLÚNTAIS/SCÉIMEANNA

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar an bpost seo a leanas:

Oiliúnóir Oideachas Pobail Páirtaimseartha, conradh 6 mhí

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná:
8 Nollaig 2011

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar www.publicjobs.ie

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10

www.oegaillimh.ie

Foras na Gaeilge

SCÉIMEANNA MAOINITHE 2012

Tá Foras na Gaeilge ag glacadh le hiarratais do na scéimeanna a leanas:

- Scéim - An Ghaeilge sa Phobal
- Scéim um Ábhair Dhátheangacha/Ghaeilge
- Scéim um Chomharthaíocht Dhátheangach/Ghaeilge
- Scéim na gCampaí Samhraidh
- Scéim na nImeachtaí Óige
- Scéim na bhFéilte
- Scéim na gComplachtaí Drámaíochta

TUILLEADH EOLAIS
www.gaeilge.ie/sceimeanna
T: +353 1 639 8400

Bua ag náisiúnaí i bhfothoghchán i gCorn na Breataine

Anton Mac Cába

THUG náisiúnaí Cornach léi suíochán ar Konsel Kernow (Comhairle Chorn na Breataine). Bhí an bua le Loveday Jenkin ó Mebyon Kernow i bhfothoghchan i gceantar Egloswendron, dúiche iar-mhianadóireachta intíre.

Bhí méadú 16.5% ar vóta s'aici ón toghchán deireanach. Tá sé seo ar an teip is déanaí ag an Chomhrialtas sa cheantar: bhí beagnach an oiread vótaí ag Jenkin agus a bhí ag na Daonlathaigh Liobrálacha agus ag na Tóraithe le chéile.

Bhíodh Jenkin ina comhairleoir ar Chomhairle Keryer sular cuireadh deireadh leis in 2009. Is saineolaí ar chrainn í.

Tá sí ar an chuigiú comhairleoir ag Mebyon Kernow ar Konsel Kernow. Tá scór comhairleoir eile ag na náisiúnaithe ar chomhairlí paróiste agus baile. Tá Mebyon Kernow ar an tríú páirtí is mó sa tír, chun tosaigh ar Pháirtí an Lucht Oibre. Sa toghchan Eorpach deireanach, fuair siad 7% den vóta i gCorn na Breataine.

Loveday Jenkin

An dúnmharfóir ón Iorua as a mheabhair, go hoifigiúil

Katie McGreal

DEIR síciatraithe go bhfuil an tIoruach, Anders Behring Breivik, a rinne dhá ionsaí san Iorua i mí Iúil i mbliana inar mharaigh sé 77 duine agus ghortaigh sé 151, go raibh sé as a mheabhair ag am na n-ionsaithe.

Deirtear go bhfuil scitsifréine pharanóiach air agus mhol siad gur ceart go rachaidh sé faoi chúram síciatrach in ionad dul go príosún. Go díreach i ndiaidh na n-ionsaithe, dúirt an Dochtúir Tarjei Rygnestad nach raibh seans mór ann go mbeadh sé in ann a rá go raibh sé as a mheabhair toisc go raibh an oiread sin pleanála déanta roimh na hionsaithe.

D'admhaigh Breivik go ndearna sé na hionsaithe ach, sna cúirteanna, deir sé go bhfuil sé neamhchiontach agus, dá bharr sin, cheap an chúirt na síciatraithe seo chun staidéar a dhéanamh air.

Deir na síciatraithe go bhfuil cónaí ar Breivik ina dhomhan féin agus go mbíonn siabhráin aige agus sin an fáth go ndearna sé na hionsaithe.

Déanfaidh Bord Míochaine Fóiréinsí san Iorua athbhreithniú ar an tuairisc.

Tá Breivik le dul ar a thriail ar 16 Aibreán 2012 agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh deich seachtaine.

Ar 22 Iúil, ghléas Breivik i gculaith na bpóilíní agus i ndiaidh gur chuir sé buama i gcarr sa phríomhchathair Oslo a mharaigh ochtar, chuaigh sé go dtí an t-oileán, Utoeva, áit ina raibh campa óige do Pháirtí an Lucht Oibre ar siúl agus mharaigh sé 69 duine, go háirithe déagóirí.

Comórtas aintiún do Euro 2012

Katie McGreal

TÁ Aontas Phobal na Gaeilge ag eagrú comórtais chun an t-aintiún Gaeilge is fearr a aimsiú chun ceiliúradh a dhéanamh ar éacht fhoireann sacair na hÉireann áit a bhaint amach i gcraobh na hEorpa 2012.

Ní gá go gcumfadh an grúpa ná an ceoltóir ceol as an nua, is féidir leo seanfhonn a úsáid ach ní féidir leo na liricí a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge, caithfidh siad a liricí féin a chumadh.

Glacfar leis na hiarratais in aon fhoirm leictreonach - mp3, mp4, dlúthdhiosca, YouTube agus araile - agus leis an gceol agus na liricí i bhfoirm scríofa roimh 31 Eanáir 2012 ag an seoladh aintiun2012@gmail.com

Fógrófar an buaiteoir ar an gclár Rónán Beo @ 3 i mí Feabhra 2012 agus tá trí dhuais le buachaint: dhá lá taifeadta i stiúideo gairmiúil, dlúthdhiosca foilsithe, agus cuirfear an t-amhrán ar dhlúthdhiosca Raidió Rí-Rá.

Is deis é seo do cheoltóirí aonaracha nó grúpaí cheoil a phróifíl a ardú agus taithí a fháil ag obair le foireann taifeadta.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Fheargal Ó Cuilinn ó Chomhluadar ar 087 2908391 nó aintiun2012@gmail.com nó ar Facebook.

Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 cic@iol.ie www.cic.ie

Sladmhargadh na Nollag
ón Luan 28 Samhain go hAoine 23 Nollaig

lacáiste 50% ar GACH leabhar atá foilsithe ag CIC!
lacáiste suas le 25% ar gach leabhar eile!
CDs ar €10!

BRONNTANAIS NOLLAG
AR FÁIL AR €20 NÓ NÍOS LÚ

Ceannaigh dearbhán Nollag do chara agus
is fiú suas lena dhá oiread é i Sladmhargadh na Nollag.

Rogha leathan leabhair do pháistí ar fáil
www.cic.ie

UEFA EURO2012
An Pholainn - An Úcráin

Comórtas
Cum Aintiún Gaeilge Euro 2012

Duais:
taifead dhá lá i stúideó ghairmiúil
CD foilsithe
an 'Aintiún' curtha ar CD Raidió Rí Rá
€500
Iontráil:
amhrán nua-chumtha in oiriúint
mar aintiún d'fhéile sacair Euro 2012

Tuilleadh eolais: aintiun2012@gmail.com

Aontas Phobal na Gaeilge · Raidió Rí-Rá · 106.4FM Raidió na Life · 107 FM · Gaelsceal.ie · RTÉ Raidió na Gaeltachta

Tá an tine tarraingteach ach bígí cúramach

Diarmuid Ó Muirgheasa

BEAGÁN níos mó ná seachtain ó shin, eisíodh an Kindle Fire den chéad uair do thomhaltóirí Mheiriceá. Gach seans go bhfuil cloiste agat faoi Kindle, branda de chuid Amazon. Go dtí seo, ba léitheoir digiteach a bhí i gceist, le "ríomhdhúch" ar a an scáileán atá iontach cosúil le páipéar, sa chaoi go bhfuil sé i bhfad níos éasca ar na súile ná gnáthscáileán. Tá sé sin fós ann (agus níos mó ná sin nó tá trí leagan éagsúla de), ach tá ball nua sa chlann anois, an Kindle Fire thuasluaite.

Sula rachaimid níos faide, is fearr dúinn a shoiléiriú nach bhfuil an Kindle Fire ar fáil in Éirinn faoi láthair, nó in áit ar bith eile san Eoraip ach oiread, agus níl dáta seolta ar fáil. Sin ráite, níor fógraíodh an gléas ar chor ar bith ach timpeall ar sheacht seachtaine roimh an seoladh i Meiriceá, mar sin ní deacair a shamhlú go bhfeicfear anseo é roimh lár na bliana seo chugainn.

Pé am a fheicfear anseo é, áfach, tá sé suimiúil breathnú go díreach ar an méid atá déanta ag Amazon leis, mar is comhartha é den tslí a bhfuil rudaí ag dul sa mhargadh i gcoitinne. Seachas díriú ar an ngléas féin, atá iontach cosúil le taibléidí eile - ar nós an Blackberry Playbook (a seoladh ag tús na bliana) agus an Samsung Galaxy Tab (a seoladh ag deireadh na bliana seo caite) - dhírigh Amazon ar an ábhar a bheadh ar fáil air - nuachtáin, irisí, leabhair, úrscéalta grafacha, ceol, scannáin agus cláir theilifíse.

Cuireann Amazon é sin ar fad ar fáil in áit amháin, ar phraghsanna atá, den chuid is mó, iontach réasúnta. Tá córas síntiús acu chomh maith, a chosnaíonn $79 in aghaidh na bliana agus a thugann, i measc rudaí eile, cead don úsáideoir breathnú ar réimse leathan clár teilifíse pé am is mian leo, agus ar réimse leathan gléasanna lasmuigh den Fire chomh maith.

Tá seirbhís dá leithéid ar fáil ó iTunes, ach ar bhonn éagsúil ó thaobh praghsanna de, agus gan an rogha síntiúis ach oiread. Ar ndóigh, tá figiúirí ollmhóra i gceist ó thaobh an líon físeán atá díolta ag Apple, ach níl siad ceannasach go fóill mar atá sa domhan ceoil, agus is cinnte go bhfuil deis ansin do Amazon.

Lasmuigh de seo ar fad, an rud mór eile is cóir a rá faoin Fire ná go bhfuil sé iontach saor ar fad: $200, i gcodarsnacht le $500 nó mar sin don Apple iPad, Samsung Galaxy Tab nó Motorola Xoom is saoire. Tá scáileán 7" air, mar an gcéanna leis an Blackberry Playbook thuasluaite ach níos lú ná an scáileán 10" atá ar an iPad. Cothaíonn sé seo deacrachtaí áirithe ó thaobh irisí a léamh - déanann an cúpla orlach sin difríocht ollmhór ó thaobh leathanach iomlán d'iris a fheiceáil gan zúmáil.

Ritheann an Fire ar leagan speisialta de Android, atá bunaithe ar tháirge Google ach athraithe ag Amazon don Fire. Mar gheall ar chinneadh Google, tá Android ar fáil saor in aisce do dhuine ar bith, agus tá cead ag comhlachtaí é a thógáil, a athrú agus a dhíol pé slí ar mian leo. Is é seo, b'fhéidir, an píosa is tábhachtaí sa scéal seo ar fad, mar cothaíonn sé deacrachtaí móra do gach duine nach mór a bhfuil baint acu leis.

I gcás an Kindle Fire, an rud is mó a mhothóidh tomhaltóirí uathu ná Siopa Feidhmchlár ('App Store') Android. Is féidir go fóill gnáthchláir Android a chur ar an Fire, ach tá sé níos deacra ná mar a bheadh sé i gcás taibléid a ritheann ar ghnáthleagan de Android. Ar ndóigh tá Siopa Feidhmchlár ag Amazon chomh maith, agus mar sin tá réimse clár ar fáil don Kindle Fire, réimse nach bhfuil chomh leathan leis an réimse atá ar fáil do ghnáthfhóin agus do thaibléid Android, ach a bhfuil cláir ann, b'fhéidir, nach bhfuil ar fáil seachas don Kindle Fire. Is cuma cén dearcadh atá agat, tá cuma na praisí ar seo ar fad, agus níl aon dabht ach go bhfuil Apple breá sásta go bhfuil Google agus a gcairde ag cur mearbhall iomlán ar a gcustaiméirí uilig.

Is fíor an méid seo, go pointe áirithe, le fóin Android chomh maith. Buail isteach i siopa fón inniu agus tá leithéidí an Samsung Galaxy S2, a thagann le leagan 2.3 de Android, ar fáil. Ansin tá an Galaxy Mini, a thagann le leagan 2.2, agus má tá mí-ádh iomlán ort b'fhéidir go gcríochnóidh tú suas le leithéid an Sony-Ericsson X8, atá sáinnithe thiar san am, thart ar 2009, le leagan 1.6 de Android. Is mór an difríocht idir sin agus leagan 2.3, agus beidh an Galaxy Nexus linn go luath a ritheann ar leagan 4.0!

Díreach cosúil leis an difríocht idir an Fire agus taibléidí Android eile, an toradh is mó air seo ar fad ná go bhfuil sé iontach éasca gléas a cheannach nach ndéanann go díreach a bhfuil tú ag súil leis. Bígí cúramach!

● **Amazon** Kindle Fire

An t-idirlíon is cúis le méadú mór ar imreoirí lotto CLG as tíortha thar lear

Máirtín Ó Catháin

TÁ 1% de mhéadú in aghaidh na míosa ag teacht ar an líon daoine i dtíortha thar lear atá ag tacú leis na crannchir sheachtainiúla - 'lottos' - atá dá n-eagrú ag cumainn peile agus iománaíochta sa mbaile in Éirinn. Ar an gcóras idirlín atá an méadú seo le tabhairt faoi deara a deir Warren Ó hÉallaithe atá ina stiúrthóir ar an gcomhlacht Locallotto.ie atá lonnaithe sna Forbacha i nGaillimh. Tá córas ag an gcomhlacht seo a thugann deis do dhaoine a bheith páirteach sna crannchuir atá dá n-eagrú i bpobail ar fud na tíre fiú agus go bhfuil siad i bhfad ó bhaile. Cuireann an comhlacht Locallotto.ie an tseirbhís seo ar fáil anois do 555 cumann de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael ar fud na hÉireann.

"Tá an méadú ar pháirtíocht sna crannchuir as tíortha thar lear le tabhairt faoi deara le dhá bhliain anois," a deir Warren Ó hÉallaithe "agus is ag treisiú atá sé." Tá 10% de mhargadh na gcrannchur áitiúil de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael ag an gcomhlacht Locallotto.ie anois; tá cuid shuntasach den airgead ag teacht isteach thar sáile.

"Tá an Astráil ar an áit is suntasaí uilig," arsa Warren Healy, "ach tá páirtíocht láidir thríd an idirlíon sna crannchuir ag teacht as Sasana, Meiriceá, na Stáit Aontaithe agus an Nua-Shéalainn. Tugann muid faoi deara anois freisin go bhfuil ballraíocht sna crannchuir áitiúla ar an idirlíon ag méadú in áiteacha ar nós na Síne agus na hAraibe Sádaí."

Tar éis dóibh a bheith imithe ar feadh roinnt míonna a ghlacann daoine páirt sa lotto áitiúil aríst a deir Warren Ó hÉallaithe. "Bíonn go leor socruithe le déanamh ag daoine an chéad aimsir nuair a théann siad go tír eile. Ansin nuair a bhíonn áit cheart le fanacht faighte acu agus iad gaibhte ag obair bíonn sé de thriáil acu cuimhniú ar an mbaile. Tá a bhformhór anois oilte ar an ríomhaire agus tosaíonn siad ag cur tuairisce faoina bhfuil ar bun sa mbaile. Ag an tráth sin a chuirfidh siad suim an athuair i lotto áitiúil an chumainn peile baile."

In 2007 a bunaíodh an comhlacht Locallotto.ie. Tá tuilleadh forbartha dá dhéanamh ar an ngnó anois agus tá an gréasán www.myclubfinances.com bunaithe acu freisin. Tugann an córas seo deis do chumainn siopa a chur ar fáil ar an idirlíon; mar shampla tá geansaí nua Chiarraí dá chur ar an suíomh an tseachtain seo chugainn. Sin é an t-aon áit a mbeidh fáil air i dtús aimsire. Tá an suíomh seo ag déanamh ceangail freisin le cumainn rugbaí chomh maith leis an gCumann Lúthchleas Gael.

Tá cúigear fostaithe anois i Locallotto.ie agus sa tseirbhís nua atá dá bunú.

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

ATHBHREITHNIÚ AR ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

Tá tús curtha ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le hathbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, i gcomhréir leis an ngealltanas atá sonraithe i gClár an Rialtais.

Mar chuid den athbhreithniú, tá próiseas comhairliúcháin i gceist le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Oifig an Choimisinéara Teanga, Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile, eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne.

Ba chóir aighneachtaí i nGaeilge nó i mBéarla a chur chuig maire.uichurraoin@ahg.gov.ie nó chuig Máire Uí Churraoin, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Is é an **31 Eanáir 2012** an spriocdháta chun aighneachtaí a chur faoi bhráid na Roinne.

Tá gach eolas maidir leis an athbhreithniú ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie.

TRÁCHTAIREACHT

Srian á chur ar an iriseoireacht iniúchach

Anton Mac Cába

TÁ cás an Athar Kevin Reynolds ina sheans ag daoine gur mhaith leo srian a chur ar an iriseoireacht iniúchach. Agus go háirithe daoine gur mhaith leo srian a chur ar Prime Time: nó chuir an clár sin isteach go mór ar neart daoine cumhachtacha. Is é seo an t-am acu le díoltas a bhaint amach ar an chlár, agus ar sheirbhís cúrsaí reatha RTÉ i gcoitinne. Bheadh ceisteanna agam faoina bhfuil ag spreagadh daoine atá anois ag éileamh fiosrúchán agus eile ó RTÉ. Tagann an abairt Bhéarla 'payback time' isteach i m'aigne.

Nó i gcás mar seo, is fiú seasamh siar i gcónaí agus ceist a chur - cén dream go n-oirfeadh seo dóibh? Tá freagra soiléir air sin: Caitlicigh choimeádacha, lucht an rachmais, sean-Fhianna Fáil; bhí siad uilig ar a gcosaint le tamall de bhlianta. Feiceann siad uilig seans teacht ar ais. Tá eagla orm go mbeidh leisc ar RTÉ scéalta conspóideacha a leanúint: agus tuigim cad chuige go mbeadh.

Tá trí fhiosrúchán curtha ar bun sa rud a tharla. Is léir go bhfuil brú ann ó fhórsaí tábhachtacha. Ní dhearnadh cúrsaí eile a fhiosrú. Na rudaí seo, níor bhotúin iad a tharla aon uair amháin, ach botúin a rinneadh ar feadh blianta fada: mar shampla, an bhearna sa tuairisceoireacht ar an Tuaisceart thar na blianta ó RTÉ.

Tá an locht dá chur ar an iriseoir. Tá lucht a cáinte ag cur i leith Aoife Kavanagh gur dhúirt sí go raibh an tAthair Kevin Reynolds ciontach - gan fianaise ceart bheith aici. Tá siad ag glacadh leis go bhfuil Aoife Kavanagh ciontach - gan fianaise ceart bheith acu.

Aoife Kavanagh, an t-iriseoir ag lár chás an Athar Kevin Reynolds. Grianghraf le Photocall Ireland

Is ceap milleáin sa chás seo í. Níorbh ise a shocraigh go gcraolfaí an clár. Ba bhainisteoirí a rinne sin. Ba iad, agus dlíodóirí, a scrúdaigh. Tá sé éasca go maith ag iriseoir botún a dhéanamh maidir le scéal. Castar finné ort, cuma orthu go bhfuil scéal s'acu inchreidte. Is é an jab atá ag an bhainistíocht ná an scéal seo a cheistiú. Cé chomh láidir agus atá an cruthúnas? An glacfadh cúirt leis an chruthúnas?

Tá, cheana, an-srian ar na meáin. Ó thaobh an chlúmhillte, tá dlíthe na hÉireann ar aon dul leis an Ríocht Aontaithe. Is é sin, tá siad iontach sriantach. Mar sin, tá tuairicsiú clúmhillteach ina thionscal anois. Eisítear eascairí i mBaile Átha Cliath, Londain agus Béal Feirste - faoi scéalta a fhoilsítear i bhfad i gcéin. Anuraidh, shínigh Barack Obama reachtaíocht a chur cosc ar Mheiriceánaigh a leithéidí a dhéanamh. Ar thaobh amháin, tá Meiriceá iontach coimeádach; ar an taobh eile, tá níos mó saoirse cainte ann.

Tá taithí ag daoine sa bhainistíocht in RTÉ ar dhlíthe an chlúmhillte. Ba mhinic a agraíodh orthu. Mar eagraíocht go bhfuil buiséad mór aige, is targaid fhiúntach é an stáisiún. Is léir gur teip bainistíochta a lig dó seo tarlú.

Níl buiséad mar sin ag Gaelscéal, agus tá fhios agam go mbíonn sé cúramach.

Chomh maith le dlíthe an chlúmhillte, tá an iriseoireacht iniúchach faoi bhrú de bharr cúrsaí geilleagair. Tá buiséid agus foireann in easnamh sna rannóga nuachta ar fud na meán: caithfidh níos lú daoine níos mó oibre a dhéanamh, agus níos lú acmhainní acu.

Tá iriseoireacht iniúchach costasach. Tógann sé am - agus in amanna faigheann tú amach gurb é an scéal ... ná nach bhfuil scéal ar bith ann. Mar shaor-iriseoir, tá scéalta gur mhaith liom a leanúint - ach nach bhfuil na hacmhainní agam chuige.

Sin an fáth go bhfuil sé tábhachtach go dtig le RTÉ iriseoireacht iniúchach a dhéanamh. Tá buiséad agus foireann acu. Is saol beag é saol na tíre seo. Tá an-chumhacht ag dornán fir ghnó, ag feidhmeannaigh shinsearacha sa tseirbhís phoiblí - agus, ar ndóigh, ag polaiteoirí.

Tá an-bhearna sa Tuaisceart. Bhíodh Insight ar UTV agus Spotlight ar an BBC mar chláracha iniúchacha. Cuireadh deireadh le hInsight. Tharla sin nó bhí OFCOM (an rialtóir) ag ligint do UTV gan a dhualgais seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Níl an faobhar céanna ar Spotlight le tamall. In amanna, is fearr leasainm Newton Emerson air: 'dim bulb'. Tá iriseoireacht iniúchach faoin Tuaisceart níos riachtanaí ná riamh. Tá ceithre cinn de na sé pháirtí sa Tionól sa bhFeidhmeannas. Mar sin, is ar éigean má tá freasúra ann.

I Sasana, tá súil ag an bhunaíocht úsáid a bhaint as scannall an News of the World le srian a chur ar an iriseoireacht. Ach b'iriseoir iniúchach, Nick Davies ón Guardian, a dheimhnigh a raibh ar siúl. Agus bhí a raibh dá dhéanamh ag an News of the World mídhleathach. Ní gá srian a chur ar na meáin. Ní gá ach na dlíthe atá ann a chur i bhfeidhm.

Tá Anton Mac Cába ina rúnaí craoibhe i gCeardchumann Náisiúnta na nIriseoirí agus ina bhall de Choiste Gnó na hÉireann den Cheardchumann. Tá sé ag scríobh ar bhonn phearsanta, ní thar ceann an cheardchumainn.

Tá áibhéil á déanamh ar an deighilt idir

Colm Ó Broin

TÁ an caidreamh idir náisiúntóirí an Tuaiscirt agus pobal an deiscirt idir chamáin ó d'fhógair Martin McGuinness go raibh sé chun seasamh sa toghchán Uachtaránachta. Chuir Peter Robinson casadh eile sa scéal nuair a dúirt sé le déanaí go bhféadadh an tAontas brath ar thacaíocht na gCaitliceach amach anseo.

Tá dhá dhream ag iarraidh áibhéil a dhéanamh ar an deighilt idir náisiúntóirí ó thuaidh agus an pobal ó dheas - Aontachtóirí agus críochdheigilteoirí ó dheas.

Le linn an toghcháin Uachtaránachta, maslaíodh náisiúntóirí an Tuaiscirt nuair a dúradh le linn díospóireachtaí gur 'eachtrannach' a bhí in McGuinness a bhí ag teacht 'anuas anseo'. Ní luíonn an tuairim seo le hAirteagal 2 de Bhunreacht na hÉireann ar thacaigh 95% den phobal leis in 1998. Deirtear san airteagal: "Tá gach duine a shaolaítear in oileán na hÉireann, ar a n-áirítear a oileáin agus a fharraigí, i dteideal, agus tá de cheart oidhreachta aige nó aici, a bheith páirteach i náisiún na hÉireann."

Ní fhéadfaí a bheith níos soiléire nach 'eachtrannaigh' atá i náisiúntóirí an Tuaiscirt. Ní mór a rá gur tuairim é seo atá ag mionlach beag bídeach ó dheas. Tá sé suimiúil nach mbeadh sé de dhánacht acu a rá gur 'eachtrannach' í iar-Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa - tá a fhios acu go dtarraingeodh siad cáineadh fíochmhar forleathan.

Tugtar ardán as cuimse do thuairimí críochdheighilteacha sna meáin in Éirinn ar chúiseanna áirithe. An príomhcheann acu siúd ná eagla na bunaíochta sa Phoblacht go mbeadh daoine ó dheas i gcomhbhá le náisiúntóirí ó thuaidh, nó níos measa fós, go dtacódh siad le foiréigean polaitiúil.

Ceann de na rudaí is oilce a chothaigh an claonadh sin sna meáin ná an íomhá bhréagach atá ag go leor náisiúntóirí sna sé chontae faoi thuairimí an deiscirt i dtaobh athaontú na tíre. Chaith mé trí bliana i mo chónaí i mBéal Feirste agus an taithí a bhí agam ná go raibh iontas ar náisiúntóirí nuair a luaigh mé suirbhé a rinne an Sunday Business Post in 2006 a léirígh go raibh 80% den phobal ó dheas ar son Éireann Aontaithe. Níor cheap siad go raibh tacaíocht chomh láidir sin ann, ná baol air. Ar ndóigh dá mbeifeá ag léamh na nuachtán in Éirinn ní bheadh clú dá laghad agat go raibh an méid sin daoine ar son Éireann Aontaithe.

Dá gcreidfeá suirbhéanna an NILT ó thuaidh, go deimhin, tá tacaíocht d'Éirinn Aontaithe níos ísle i measc Caitliceach sna sé chontae ná mar atá sé ó dheas.

Nua-Aontachtachas? Fearadh na fáilte roimhe

Eoghan Ó Néill

NÍOR thaispeáin na ceamaraí teilifíse aghaidh Gregory Campbell ná Nelson McCausland, Maurice Morrow ná Jim Wells, an tOir Willie McCrea ná Edwin Poots, ná duine ar bith eile de na 'Fir Sneachta.'

Níl mé cinnte go dtógfaí croí Caitliceach ar bith a gheobhadh spléachadh ar na Fir Sneachta sin agus Peter Robinson ag fógairt Dé Sathairn go gcuirfeadh a pháirtí fáilte feasta roimh Chaitlicigh Aontachtacha.

B'fhéidir go bhfuil mé mícheart.

B'fhéidir go bhfuil an ceart ag Peter agus go bhfuil scair de Chaitlicigh sa Tuaisceart atá dílis don phunt seachas dá bpobal is dá gcultúr.

Ar ndóigh nuair a cuireadh i leith Protastúnach is Aontachtaithe go raibh siad sin dílis don Leath-Choróin seachas don Choróin chuaigh siad le daoraí. Dar leo, agus an ceart acu, gur mhasla millteanach a bhí ann.

Ach b'fhéidir go bhfuil Caitlicigh ann sa Tuaisceart ar treise a ndílseacht don phunt Sterling ná dá bpobal is dá ndúchas féin.

Go bhfuiltear ann ar cuma leo an Teach Fuar a chruthaigh na Fir Sneachta dóibh le glúin anuas.

Agus go fiú féin b'fhéidir go bhfuil 'Fíníní' ann a bhí sna tríthí gáire agus iad ag breathnú ar Sammy Wilson ag comhdháil an DUP ag scigmhagadh faoi 'Seamas' agus faoina pháistí salacha 'ag dul ar an phlúid.'

B'fhéidir.

Polaitíocht na fantasaíochta é áfach a chreidiúint go bhfuil scair mhór de Chaitlicigh sa Tuaisceart a thacódh leis an DUP ach an DUP labhairt go deas leo.

Tá an Caitliceach Aontachtach seachantach agus gann.

Peter Robinson

Tá Caitliceach de shórt eile líonmhar áfach.

A Pheadair, chaith 273,000 de do chomharsana vóta ar son Shinn Féin is an SDLP i mí Bealtaine.

Creideann siad sin nach bhfuil an tAontas leis an Bhreatain ar a leas.

Seachas dul a mhealladh an aosa sheachantaigh sin de Chaitlicigh Aontachtacha cad chuige nach bhféachann tú leis an Aontas a dhíol leis an 273,000 duine sin?

Liomsa.

Thiocfadh leat a lua liom go bhfuil an pobal Gaeilge in Albain agus lucht labhartha na Breatnaise i gCymru ag déanamh go fíormhaith faoi phátrúnacht Westminster.

Níos mó cláir theilifíse i nGaeilge ná riamh in Albain. An Ghaeilge á brú le díograis ag Bord na Gaidhlige sa scoil agus sa saol poiblí.

Sa Bhreatain Bheag tá Acht Teanga acu agus é á threisiú i rith an ama. Ollchaiteachas ar an teanga in achan rannóg den tsaol agus maoiniú mór do S4C.

Is mar sin a fheidhmíonn an tAontas do lucht na Gaeilge in Albain agus lucht na Breatnaise i gCymru.

An mbeadh an DUP sásta an tAontas a fheidhmiú ar an tslí sin do lucht na Gaeilge sa Tuaisceart?

Níl ann ach sampla amháin.

An mbeadh an DUP ar son chothrom na Féinne do shiombailí an phobail ar fad sa Tuaisceart seachas siombailí aicme amháin den phobal?

An mbeadh siad ar son cearta cónaitheoirí a chur san áireamh seachas a mhaíomh go bhfuil ceart ó Dhia ag Oráistigh máirseáil cibé áit ar mhaith leo?

Nuair a bhí lucht cearta sibhialta ar na sráideanna in 1969 ní raibh a mbunús ag iarraidh Éire Aontaithe.

Bhí siad ag iarraidh chothrom na Féinne do gach duine sa stát beag beann ar a ndílseacht pholaitiúil.

Ba é an rosc acu ná 'British Rights for British Citizens.'

In 1921 agus arís eile in 1969 scaoil Aontachtaithe saor madraí an chogaidh de rogha ar ghlacadh le cothrom na Féinne do gach saoránach.

Nó ní hionann Aontachtaithe an Tuaiscirt agus Aontachtaithe sa Bhreatain Bheag nó in Albain.

Sna háiteanna sin bíonn Aontachtaithe ag iarraidh go bhfaigheadh gach aicme den phobal agus gach saoránach buntáistí an aontais ar bhonn cothrom.

Glacann Aontachtaithe in Albain agus i gCmyru leis an teanga agus leis an chultúr dúchasach cionn is go bhfuil an tAontas ar son na héagsúlachta.

Bhí agus tá Aontachtachas sa Tuaisceart bunaithe cuid mhór áfach ar fhrith-Éireannachas agus go minic ar fhrith-Chaitliceachas.

Sa ghearrthréimhse níl Peter Robinson ag dul leagan nua-aimseartha den Aontachtachas a fhorbairt agus a dhíol leis an DUP.

Ní raibh i gcaint Peter faoi fháilte roimh Chaitlicigh ach iarracht chun baint d'íomhá chrua dhiúltach sheicteach an DUP.

Féacháil lena dhéanamh níos fusa do vótóirí an UUP nó an Alliance vótáil don DUP.

Ach in imeacht ama d'fhéadfadh an chaint a rinne sé Dé Sathairn a bheith cinniúnach.

Den chéad uair riamh chuir sé an DUP ag caint faoi Thuaisceart Éireann Aontaithe, faoi ligean i ndearmad an dearcaidh 'Ná Géill Orlach.'

Is le céim bheag mar sin a thosaíonn turas fada ag polaiteoir cumasach.

Tá Peter Robinson cumasach.

An bhfuil sé ag tosú ar thuras fada chun Nua-Aontachtachas a chruthú? Aontachtachas a leagfadh béim ar bhuntáistí an Aontais do gach duine seachas éileamh ar Chaitlicigh is náisiúnaigh a ndílseachtaí pobail is cultúir a threigean sula bhféadfaidís buntáistí an Aontais a bhlaiseadh?

Nó an bhfuil sé ag imirt cleasa díreach chun buntáiste a bhreith ar an UUP is an Alliance?

Ní fios go fóill.

Creidim féin go bhfuil sé ag tosú ar fhorbairt Nua-Aontachtachais. Agus guím gach rath air.

náisiúntóirí an tuaiscirt agus pobal an deiscirt

De réir an NILT áfach tá níos mó tacaíochta ag an SDLP ná Sinn Féin, mar sin ní ceart dúinn a bheith iomlán muinníneach as.

De réir an tsuirbhé, tá go leor Aontachtóirí Caitliceacha ann. Agus mé ó thuaidh níor tháinig mé ar Chaitliceach a dúirt go vótálfadh siad don DUP, UUP, TUV nó ar son na Ríochta Aontaithe, ach tháinig mé ar bheirt a dúirt go raibh siad 'Briotanach', duine amháin a bhí san RIR.

Cuirtear críochdheighilteachas i leith daoine sa Phoblacht go minic, ach tá sí le fáil i measc náisiúntóirí an Tuaiscirt chomh maith. Ba cheart dom a shoiléiriú gur críochdheighilteachas le 'c' beag atá ann den chuid is mó, rud atá tarlaithe mar go bhfuil dhá dhlínse san oileán. Is iad na rudaí beaga atá i gceist agam - ní ceisteanna móra polaitiúla. Daoine a chaith go leor ama i Sasana, ach nach raibh i mBaile Átha Cliath riamh. Daoine nach mbreathnaíonn ar nuacht RTÉ ach a bhreathnaíonn ar nuacht an BBC ó Londain. Daoine a léann an Daily Star Sasanach (nach bhfuil faic ann faoin Tuaisceart) seachas an Daily Star Éireannach. Daoine nach bhfuil a fhios acu cé hiad Joe Duffy, Gráinne Seoige nó 'réaltaí' eile ó dheas. Cé mhéad acu atá ann? Líon beag, thart ar an méid céanna leis na críochdheighilteoirí ó dheas, b'fhéidir. Dála an scéil bhuail mé le daoine ó chúlra Aontachtach le tuairimí éagsúla ar pholaitíocht agus féiniúlacht, ina measc sin daoine a dúirt gur Éireannaigh iad agus duine amháin a bhí ar son Éireann Aontaithe.

An mbeidh go leor fíor-Aontachtóirí Caitliceacha ann chun an tAontas a shábháil amach anseo, mar a bhfuil súil ag Peter Robinson leis?

Táthar ag caint faoi chúrsaí déimeagrafaíochta sa Tuaisceart le blianta fada agus tá áibhéil déanta ar luas an athraithe. Ach tá dhá rud nach féidir a shéanadh - tá líon na gCaitliceach ó thuaidh ag ardú, agus tá gaol an-láidir idir líon na gCaitliceach agus líon na vótaí náisiúnacha.

Is Caitlicigh iad 51% de pháistí scoile an Tuaiscirt le deich mbliana ar a laghad. Is Protastúnaigh iad 40% acu agus tá reiligiún eile nó reiligiún ar bith ag baint le 9%.

An rud a léirítear sna figúirí ná gur ceist ama é go raibh móramh Caitliceach sna sé chontae. Mar sin is cosúil go mbeidh a mhalairt de staid reatha na mblocanna in Stormont againn amach anseo - móramh beag Náisiúnach, 40% de na suíocháin ag Aontachtóirí agus na cinn eile ag an Alliance agus na Glasaigh. Tá gach seans go mbeidh mórámh náisiúnach i mBéal Feirste roimh 2016. An gciallaíonn sé sin go mbeidh Éire Aontaithe ann? Níl freagra na ceiste sin ag éinne.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Samhain, 2011

Rudaí anaithnide anaithnide

Conall Ó Móráin

SA bhliain 2002 thug Iar-Rúnaí Cosanta Stáit Aontaithe Mheiriceá, Donald Rumsfeld, míniú ar na fáthanna nach raibh arm Mheiriceá in ann teacht ar aon armlón núicléach san Iaráic. Bhí an míniú chomh casta i mBéarla go bhfuil sé anois mar alt ann féin in Wikipedia. Sin de bharr an tráchta a rinne Rumsfeld ar chúrsaí 'aithnidiúla anaithnide'.

Go garbh, is é an méid a dúirt sé ná (agus ní dhéanann sé aon chiall is cuma cén teanga ina scríobhtar é) go bhfuil rudaí ann go bhfuil a fhios againn fúthu, tá rudaí go bhfuil a fhios againn go bhfuil a fhios againn fúthu. Tá a fhios againn freisin go bhfuil rudaí nach bhfuil a fhios againn fúthu - is é sin le rá go bhfuil rudaí ann go bhfuil a fhios againn nach bhfuil a fhios againn. Ach freisin tá rudaí nach bhfuil a fhios againn nach bhfuil a fhios againn fúthu - na rudaí sin nach fios dúinn nach fios dúinn. Is iad seo, dar leis, na rudaí anaithnide anaithnide.

D'fhéadfaí Rumsfeld a thabhairt isteach anois mar urlabhraí do Bhanc Ceannais na hEorpa mar tá míniú dá lorg ag daoine ar an rud a tharlóidh má theipeann ar an Euro, nó de réir cosúlachta 'nuair' a theipfidh ar an Euro. Is féidir liomsa míniú níos soiléire a thabhairt ar an chonstaic agus ar na deacrachtaí a bhaineann leis seo má tharlaíonn sé ach fágfaidh mé faoin saoi Rumsfeld míniú a thabhairt ar a bhféadfadh teacht as i ndeireadh báire mar is faoi chúrsaí anaithnide anaithnide a bheadh seisean, nó mise, ag scríobh.

Go bunúsach tá an chuma air go bhfuil an Euro chun teipe. Má tharlaíonn, agus deir mo chuid saineolaithe liom go dtarlóidh sa tríú seachtain i mí Eanáir - tomhas iomlán ag mo chuid 'saineolaithe' caithfear a rá - is dócha go gcruthófar an dara Euro. Beidh Euro Inmheánach (EuroI) againn agus beidh Euro seachtrach (EuroS) againn. Beidh an Ghearmáin, an Fhrainc, is dócha, agus cúpla ceann eile de na geilleagair mhóra in ann cloí le EuroI. Titfidh luach an EuroS, lena mbeidh muidne ag maireachtáil, chun na deacrachtaí móra atá againne, ag an nGréig, ag an bPortaingéil srl a léiriú.

Go maith sular bunaíodh an Euro, siar i 1992, bhí an seanphunt Éireannach againne. Iad siúd atá sean go leor, is cuimhin leo gur shroich an tír seo íosphointe (eile!) i gcúrsaí geilleagair na tíre agus i ndeireadh báire, i gcoinne mhian an rialtais, deineadh díluacháil ar ár bpunt. Thar oíche d'athraigh gach rud sa gheilleagar agus is féidir a rá gur díreach ansin a cuireadh préamhacha na míorúilte geilleagraí a chonaic muid ina dhiaidh sin - Ré an Tíogair - sa talamh eacnamaíochta.

Nuair a dhéanann tú díluacháil ar do chóras airgid gearrann tú a luach agus luach na n-acmhainní sa tír ina ndéantar an díluacháil i gcomparáid le córais airgid eile: an Dollar, an Franc Eilbhéiseach srl. Cé go mbíonn sé i bhfad níos costasaí orainn dá bharr dul thar sáile ar laethanta saoire nó carr nua a cheannach ón nGearmáin nó ón gCóiré, mar go bhfuil a bpraghas imithe in airde de dheasca easpa cumhachta ceannaithe san airgead againne, is féidir a fheiscint go simplí gur dea-rud é seo. Níl luach ár gcuid airgid ag dul chun buntáiste ag tíortha eile. Mar an chéile, de bharr titim luach earraí agus seirbhísí a chuireann muidne ar fáil anseo imíonn méid ár gcuid easpórtála in airde go mór agus go tapa nuair a thagann eachtrannaigh chugainn chun a leithéid a cheannach.

Is trua nach bhfuil an scéal chomh simplí sin áfach. Le deich mbliana anuas tá muid tar éis a bheith ceangailte go dlúth leis an Euro agus dá bharr ghlac ár gcuid banc - AIB, BoI srl - iasachtaí ó bhainc eile Eorpacha chun morgáistí a thabhairt dúinne. Dá bharr, má thiteann praghas an EuroS (sin muidne) abair 30% i gcoinne an EuroI (an Ghearmáin ónar thógamar cuid mhór dár n-iasachtaí) chiallódh sé sin go mbeadh caillteanas 30% áit éigin sa chóras, sin 30% de luach na n-iasachtaí - carn ollmhór airgid. Bheadh ar dhuine nó ar dhream éigin díol as sin mar go mbeadh poll mór dubh áit éigin le líonadh le hairgead. Seo deacracht fhíorbhunúsach. Más chun cabhrú linn teacht as na deacrachtaí geilleagair ina bhfuil muid faoi láthair go ndéanfadh muid díluacháil - bhuel, ní fiú dada é má chuireann sé leis an bhfiachas náisiúnta (is cuma conas a áirítear é) agus is féidir a fheiscint go soiléir nach mbeadh a leithéid cabhrach, ach a mhalairt. Caithfear teacht ar bhealach éigin thart air seo agus thógfadh sé intinn i bhfad níos géire ná mo cheannsa an méid sin a dhéanamh.

D'fhéadfadh, ar ndóigh, dea-scéal de shórt teacht as, mar, chun cúiteamh a dhéanamh ar aon mhéadú sna hiasachtaí idir sinne (agus an Phortaingéil, an Ghréig srl - grúpa an EuroS) b'fhéidir go mbeifí in ann ísliú anmhór, an-suntasach, a dhéanamh ar chostas an airgid atá glactha ar iasacht againn. Is é sin, go n-ísleodh Banc Ceannais na hEorpa (a bheadh anois i gceannas ar dhá gheilleagar Eorpacha, EuroI agus EuroS) na rátaí úis orainne, agus ar na hothair eile cosúil linne atá san aonad dianchúram eacnamaíochta. Dá gcuirfidís maoiniú éigeandála ar fáil chabhródh sé go mór. Chiallódh sé sin go dtitfeadh costas iasachta go mór ar lucht gnó, rud a chabhródh go tobann le cúrsaí dífhostaíochta mar go mbeadh daoine ag dul ar ais ag obair go tapa.

Ach (agus bíonn an 'ach' sin i gcónaí ann nach mbíonn?), caithfidh duine éigin díol as an airgead 'saor' seo. Agus faoi láthair an t-aon dream le hairgead ná na Gearmánaigh agus níl fonn orthu siúd airgead a chur ar fáil do dhaoine cosúil linne mar gheall ar ár gcuid peacaí caiteachais. Ar an taobh eile ('ach' eile), mura gcabhraíonn siad linne, agus ós rud é go bhfuil an oiread sin d'airgead a gcuid banc (Commerzbank agus a leithéid) againne, agus é caillte nó caite againn ar fhorbairtí tithíochta, ar fiú geall le dada anois iad, d'fhéadfadh an méid sin géarchéim a chruthú sa chóras baincéireachta sa Ghearmáin, agus an Ghearmáin - an t-aon bhád tarrthála atá fágtha againn - a chur go tóin poill.

Ní féidir tomhas cruinn, nó fiú míchruinn, a thabhairt faoi láthair ar a bhfuil amach romhainn de réir Theoiric Rumsfeld. Tá i bhfad an iomarca rudaí anaithnide anaithnide nach bhfuil fhios againn fúthu fós.

'Sétanta' ag léiriú an bhealaigh don drámaíocht Ghaeilge

Síle Ní Bhraonáin

CÚPLA oíche ó shin, chuaigh mé ag breathnú ar dhráma nua darb ainm "Sétanta" i Seanscoil Shailearna. Is é Paul Mercier a scríobh an dráma seo agus tá sé á léiriú ag Fíbín i gcomhpháirtíocht le hAmharclann na Mainistreach. Seo an chéad uair riamh a bhfuil an Amharclann ag comhoibriú le comhlacht Gaeltachta in iarracht den chineál seo.

Tá seanchleachtadh agam a bheith ag dul chuig drámaí agus bhí mé páirteach i gceann nó dhó in imeacht na mblianta, ach caithfidh é a rá go raibh an ceann seo difriúil thar aon cheann atá feicthe agam go dtí seo ar go leor bealaí agus bhain mé an-taitneamh as.

Ní hé amháin go raibh an scéal féin iontach suimiúil ach bhí an léiriú thar cionn ar fad. Cúigear aisteoirí a bhí ar stáitse ach d'athraigh na carachtair chomh minic sin gurbh chosúil go raibh i bhfad níos mó daoine ag aisteoireacht ann. Bhí mascanna éagsúla ar na haisteoirí do gach carachtar agus dúradh liom go raibh dhá mhasc agus caoga ar fad sa léiriú iomlán. Bhí sé soiléir go raibh an-chuid oibre curtha isteach ag na haisteoirí agus bhí sé le feiceáil freisin cé chomh hildánach a bhí gach duine a bhí páirteach ann. Bhí siad thar cionn!

Thaitin an seit go mór liom freisin - chuile rud beo faoin léiriú go deimhin. Bhí sé simplí go maith agus éasca le leanacht, ach baineadh úsáid as físeán agus ceol iontach chun cur leis an dráma. Agus d'oibrigh sé! Bhí sé níos éasca ag an lucht féachana greim níos mó a fháil ar an dráma agus chuir sé go mór leis an scéal. Bhí sé dáiríre agus greannmhar ag an am céanna agus bhí an lucht féachana meallta ón nóiméad a thosaigh sé.

Dráma é 'Sétanta' atá spleodrach, spraíúil agus lán go béal le fuinneamh. Tá aisteoireacht den scoth ann, neart geáitsíochta agus gníomhaíochta agus tá rudaí ag athrú ann gach re nóiméad. Tá moladh mór dlite do chuile dhuine a bhí páirteach sa léiriú iontach seo agus bhí an bualadh bos a fuair siad ag deireadh an dráma tuillte go maith ag an bhfoireann iomlán a bhí páirteach ann, ar stáitse agus ar chúl stáitse.

Tá "Sétanta" ar siúl i Seanscoil Shailearna go dtí an 3ú Nollaig agus beidh sé ar siúl in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath 6-10 Nollaig.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ní mór dúinn dul chun cinn na Gaelscolaíochta a chinntiú

I MEASC na scéalta dóchais is mó atá againn mar phobal teanga tá fás agus forbairt na Gaelscolaíochta le 40 bliain anuas.

Tá earnáil bheoga láidir Ghaeloideachais riachtanach do thodhchaí na Gaeilge ar fud na tíre agus tá éacht déanta ag múinteoirí, tuismitheoirí, daltaí agus tacadóirí eile na hearnála maidir leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

Ní gan dua a glacadh na céimeanna sin ar ndóigh agus ba mhinic a d'oibrigh scoileanna, mar aon leis an phobal tacaíochta thart orthu, ar a gconlán féin gan aon chuidiú ó na húdaráis chun a spriocanna a bhaint amach.

Más mór an obair atá curtha i gcrích cheana féin, tá a fhios againn ar fad go bhfuil go leor fós le déanamh sula bhfíorófar ár bhfís don oideachas Gaeilge agus do thodhchaí na tíre.

Is ar an ábhar sin, mar sin, nach mór dúinn a chinntiú nach laghdófar ar fhás ná ar fheabhas na Gaelscolaíochta de dheasca na cáinaisnéise an tseachtain seo chugainn.

Tuigeann muid go mbeidh an córas oideachais ar fad faoi bhrú mar gheall ar na socruithe nua airgeadais atá le fógairt ag an rialtas ach tá imní léirithe cheana féin ag ionadaithe Gaeloideachais faoin tionchar a bheas ag an cháinaisnéis ar scoileanna Gaeilge.

Tá dualgas ar an rialtas an chabhair chuí a chur ar fáil don Ghaelscolaíocht agus leanfaidh muid linn ag cur a gcuid freagrachtaí in iúl d'Airí agus do Theachtaí Dála sa tréimhse chinniúnach amach romhainn.

Ag an am céanna, ní thig linn a bheith ag brath ar an Stát amháin má tá an Ghaelscolaíocht chun teacht tríd an bhrú breise seo.

Is ón phobal aníos a tháinig na forbairtí is suntasaí atá bainte amach ag an Ghaeilge go dtí seo agus beidh an dlúthpháirtíocht sin - idir fheachtais áitiúla, stocaireacht, bhailiú airgid agus eile - de dhíth arís anois go háirithe in aimsir seo na gciorruithe.

Bíodh an misneach againn gur féidir linn dlús a choinneáil le dul chun cinn ár gcórais luachmhair.

"Scrooge" Hogan mar phríomh-namhaid an stáit

Páidí Ó Lionáird

Tá táillí á mbeartú ag an Aire Phil Hogan. Grianghraf: Sasko Lazarov/Photocall Ireland

AN lá seo an tseachtain seo chugainn beidh an chaint agus an comhrá ar fad bunaithe ar a mbeidh de cháinaisnéis tugtha ag an Aire Airgeadais Michael Noonan dúinn.

Tá sé ráite ag na tráchtairí ar fad nach cuimhin leo aon bhliain riamh cheana ina raibh an oiread sin sceite dá bhfuil le baint, le gearradh agus le cur mar bhreis-laincis chánach orainn.

Mar sin cad a bheidh ar an gclár aige?

Ní doigh liom go bhfuil aon cheist ann ach go mbeidh cruatan i ndán dúinn d'fhonn a sprioc de €3.6 billiún a bhaint amach.

Tá Phil 'Mór' "an Scrooge" Hogan, an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, tar éis an dá ráithe seo caite a chaitheamh dár n-ullmhú don táille tighis €100 a bheidh mar réamhtheachtaí don táille a bheidh bunaithe ar luach na talún ar a bhfuil do thigh tógtha.

Ar ndóigh, agus é ag dul i dtaithí ar a chuid réamhfhógraí, tá a fhios againn go bhfuil táille uisce le teacht go luath chomh maith agus a thiocfaidh i bhfoirm comhlachta nua - Uisce na hÉireann. Beidh méid áirithe uisce saor in aisce agus íocfaimíd don fhuílleach - costas eile nach dtaitneoidh le mná tí na Gaeltachta.

Agus an Ghaeltacht luaite agam, tá Oifig an Choimisinéara Teanga le cur faoi scáth Oifig an Ombudsman. Tá go leor teoiricí faoi cén fáth gur chinn an tAire Sóisearach Donnchadh Mac Fhionnlaoich ar Oifig an Choimisinéara a chur ar bhloc an bhúistéara.

Mhol Colm McCarthy go gcuirfí Údarás na Gaeltachta faoi smacht Enterprise Ireland agus an IDA ach ba léir nár oir sé sin an tAire bíodh is gur beag atá ar bun faoi dhíon an chinnárais sna Forbacha agus gur léir, ceal airgid, gur beag a bheidh ar bun ann amach anseo.

Ina áit áfach, chinn sé ar gur lú dochar a dhéanfadh sé Oifig an Choimisinéara a mhalartú leis an Údarás - gníomh nach déanfaidh oiread is cent amháin de shábháil. Tá rud éigin mícheart anseo.

Ní dócha go mbeidh an tAire ag seasamh sa chéad olltoghchán eile mar sin ní ag ceannach vótaí atá sé anseo, mar sin cén fáth? Cé na ladhracha sa rialtas nó i ranna rialtais ar sheas Oifig an Choimisinéara orthu?

Ní sa Ghaeltacht a chualamar faoin gcéad cheann eile seo áfach ná sa tír seo fiú. Tá údar náire ann dúinn ar fad gur ónár 'gcairde' Gearmánacha a fuaireamar amach faoin ardú 2% ar an gcáin bhreisluacha ó 21% go 23%.

Mhol Colm McCarthy go gcuirfí Údarás na Gaeltachta faoi smacht Enterprise Ireland agus an IDA ach ba léir nár oir sé sin don Aire bíodh is gur beag atá ar bun faoi dhíon an chinnárais sna Forbacha agus gur léir, ceal airgid, gur beag a bheidh ar bun ann amach anseo.

Ar a laghad cheapfainn go mbeadh sé de chiall ag an Aire Noonan an tardú seo a chur siar go Feabhra nó Márta na bliana seo chugainn agus seans éigin anála a thabhairt do shiopadóirí na tíre mar níl radharc níos measa ná an chuma mhantach a bhíonn ar shráid siopadóireachta i mbaile beag nó i gcathair mhór ceal siopaí atá in acmhainn maireachtáil.

Cad eile atá le teacht? Bhuel má tá tú ag iarraidh lá nó seachtain a bhaint amach ar €210, bí ag súil le ciorruithe.

Má tá cárta leighis agat, bí ag súil le táille bhliantúil air sin. Beidh breis len íoc agat ar do chuid cógas as seo amach freisin.

Má tá tú ar liosta feithimh do chóir leighis éigin, bí ag súil le síneadh ar an tseirbhís sin. Ní i ngiorracht a bheidh na liostaí feithimh sin ag dul in ainneoin gach a ndúirt an tAire Sláinte, an Dr. James Reilly.

Ar ndóigh, ta sé ráite ag iliomad foinsí go n-ardófar cáin bhóthair do ghluaisteáin chomh maith. Cím ciall leis an ardú seo.

Tá trí ghluaisteán sa chlós againn sa bhaile, péire acu ón ré ina raibh cáin ard nó i bhfocail eile gluaisteáin réamh-2008, ceann acu le hinneall de chumhacht aon líotar (1.0L) agus cáin bhóthair de €172 sa bhliain, ceann le hinneall de chumhacht dhá líotar (2.0L) agus cáin bhóthair de €614 sa bhliain.

Tá an tríú gluaisteán bliain go leith d'aois agus inneall de chumhacht 1.6L aige ach le cáin bhóthair de €104 sa bhliain. Sin €68 níos lú ná an carr beag 1.0L? Seafóid!

Bíodh is go ngoilleann sé orm an tsuim ollmhór a íoc ar an gcarr 2.0L, goilleann sé níos mó orm an bhreis a íoc ar an ngluaisteáinín beag!

Ar aon nós, tá méadú chomh hard le 63% d'ardú cloiste le teacht ar chuid de na rátaí! Go bhfóire Dia orainn agus bíodh údaráis an rialtais á n-ullmhú féin don iliomad gaothscáthanna gan aon pháipéarachas orthu!

Agus é sin má éiríonn linn ár ngluaisteáin a chur chun bóthair ar an gcéad dul síos, a dhaoire is a bheidh an líotar breosla a chuirfear iontu! Sea, tá an praghas díosail agus peitril le méadú go mór freisin.

Agus líon an tainc ola téite tí chomh maith más féidir leat!

Ná dearmadaimís an táille atá le gearradh ar chlár úinéireachta damhaigh séarachais. Agus ná cuimhnigh ar an gcostas a bheidh ann iad a chur in oiriúint!

Muna bhfuil sé d'acmhainn agat tiomáint chun na hoibre, chun do thuarastal a thuilleamh agus do chuid cánach a íoc, agus muna bhfuil leas bainte agat as an scéim rothaíochta chun na hoibre, déan an tseachtain seo é agus muna bhfuil do thigh chomh teolaí is ba mhaith leat go mbeadh, cuir isteach ar an scéim insliú tí, déan an tseachtain seo é! Ní bheidh siad ann i bhfad eile.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Samhain, 2011

An cuma Malcolm MacArthur saor?

Dónall Mac Giolla Chóill

THARLA ar na mallaibh dom i mBaile Átha Cliath, agus tráthnóna amháin i ndiaidh na hoibre, mar is dual dom, bhí mé i mo shuí i mbeár agus nuachtán os mo chomhair.

Bhí agallamh ar an nuachtán céanna a rinneadh le Malcolm MacArthur agus deireadh seachtaine ar scor á chaitheamh aige i nDún Laoghaire.

Spreag sé seo mo shuim.

Cérbh é MacArthur?

Sin ceist a chuirfeadh duine ar bith nár rugadh roimh na 1980í.

Nach raibh sé as radharc le fada, faoi ghlas agus dearmadtha againn?

Ní bheadh iomrá air anois ach amháin go raibh sé amuigh i measc an phobail, ligthe saor ó phríosún agus tamall á chaitheamh aige le baill chlainne i ndeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath.

Bhí cuimhne agam ar chás MacArthur, agus gach a bhain leis i dtús na 1980í, GUBU agus araile.

Dóibh siúd nach bhfuil sean go leor, is dúnmharfóir é MacArthur, dúnmharfóir faoi dhó.

Tá tuairim is tríocha bliain caite aige i bpríosún, mar gheall ar bhanaltra óg, Bridie Gargan, a chur den tsaol seo agus í ag déanamh bolg le gréin i bPáirc an Fhionnuisce, lá samhraidh i 1982.

Chomh maith, mharaigh sé feirmeoir, Dónal Dunne, i gContae Uíbh Fhailí, ar mhaithe le gunna a ghoid uaidh, agus dóbair an tríú híospartach a bheith ann, máthair MacArthur féin a bhí tar éis é a fhágáil gan pingin nó bonn, ach gur gabhadh é.

Agus mé ag léamh an phíosa seo faoi, bhuail fear isteach sa bheár agus shuigh in aice liom.

Chonaic sé an t-ábhar léitheoireachta agam, agus thoisigh sé comhrá.

Ní hamháin go raibh cuimhne aige ar chás MacArthur, bhí aithne aige ar MacArthur.

D'oibrigh mo dhuine, mo chomhghleacaí sa bheár, lá den tsaol in Captain America ar Shráid Grafton, agus sna laethanta sin ar a bhfuil mé ag trácht, na 1980í, ba ghnách le MacArthur lón a chaitheamh sa bhialann chéanna.

Feoilséantóir ab ea é, agus de réir cosúlachta, chaitheadh mo dhuine, an freastalaí, freastal air.

"Duine corr a bhí ann," arsa mo dhuine, "dóigheanna aisteacha aige agus nósanna coimhthíocha!"

Ní ghlacadh sé a chuid ó dhuine ar bith ach mo dhuine, an freastalaí.

Gabhadh MacArthur ag an am agus é ag cur faoi in árasán de chuid Ard-Aighne rialtas Fhianna Fáil, Patrick Connolly, agus as sin a tháinig an frása sin ó Conor Cruise O'Brien, (GUBU - Grotesque, Unprecedented, Bizarre, Unbelievable), nuair a dúirt Charlie Haughey: "It was a bizarre happening, an unprecedented situation, a grotesque situation, an almost unbelievable mischance."

Bhí GUBU mar fhotheideal ar na rialtais uile a bheadh Haughey ina mbun, agus tá ó shin blaiseadh de GUBU ag baint le gach feidhmeannas de chuid FF.

Tá MacArthur anois le ligint saor, i ndiaidh dó leath a shaoil a chaitheamh i ngéibheann.

De réir tuairiscí, beidh sé saor roimh Nollaig na bliana seo.

Ar chóir é a ligint saor?

An bhfuil a phionós caite aige, a bhreithiúnas aithrí déanta aige agus, thairis sin uile, an baol dúinn feasta é?

Is cinnte gur tír iomlán athraithe í Éire an lae inniu a fheicfidh MacArthur nuair a scaoilfear saor é faoi dheireadh, agus go dtógfaidh sé seal air dhul i dtaithí ar an tír seo, agus gur chuige sin a ligint saor ag deireadh seachtainí, le cleachtadh a fháil ar an tsochaí seo againn.

B'fhéidir nach bhfuil rudaí chomh hathraithe sin i ndeireadh na dála, áfach, mar go raibh cúrsaí eacnamaíochta i dtraipisí sna 1980í agus muid uile beo bocht.

An t-aon difear idir an dá thréimhse ná gur dhiúltaigh Haughey don IMF ag an am, agus iad ag cnagadh ar an doras.

Níor ligeadh isteach an t-am sin iad.

Tá siad istigh sna laethanta seo, agus a gcosa sáite go maith faoin tábla, agus an teach iomlán faoina gcos acu.

An leor leath do shaoil a chaitheamh i bpríosún mar gheall ar dhúnmharú?

Níor ciontaíodh MacArthur ach i mbás an bhanaltra Bridie Gargan, níor ciontaíodh é i mbás an fheirmeora Dónal Dunne.

Dá mba rud é go raibh aon tábhacht le mo thuairim féin, déarfainn gur cheart agus gur chóir é a ligint saor, ní anois, ach fada an lá ó shin.

Ba chóir dó a bheith amuigh agus dearmad déanta de le fada an lá anois.

Tá daoine ag siúl na sráideanna sa tír seo agus níos measa déanta acu ná é, a bhuíochas le Comhaontú Aoine an Chéasta, agus ná gabhaimis síos an bóthar siúd is go ndéanfainn trácht ar lucht baincéireachta agus airgeadais - fágaimis na polaiteoirí lena n-olc féin.

Seanduine é MacArthur anois agus é i bpríosún dá chruthú féin. Tá fada an lá caite aige i ngéibheann, agus nuair a ligfear saor é ar ball, beidh go leor le déanamh aige le dhul i dtaithí ar an ghnáthshaol ar thaobh seo bhallaí na bpríosún ina raibh sé.

Agus an cás dearmadtha ag mórchuid den phobal, agus an bheirt a rinne sé a sheoladh chun na síoraíochta fágtha anois mar nótaí i leabhair staire, cén dochar a dhéanfaidh sé agus é amuigh?



SÚIL SIAR na Seachtaine

Gearán faoi Easpa Téacsleabhar Gaeilge

Donncha Ó hÉallaithe

CAOGA bliain ó shin ag Cruinniú Chinn Bhliana Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge pléadh ceist na dtéacsleabhar i bhfianaise na titime a bhí ag teacht ar líon na scoileanna iarbhunoideachais a bhí ag múineadh ábhar trí Ghaeilge.

Níor foilsíodh ach dhá théacsleabhar trí Ghaeilge sa tréimhse trí bliana idir 1959 agus 1961 agus ní iontas ar bith mar sin go raibh laghdú suntasach ag teacht ar theagasc trí Ghaeilge.

Ar ndóigh, tá fadhb na dtéacsleabhar Gaeilge ina ábhar clamhsáin i gcónaí do scoileanna agus do mhúinteoirí atá ag déanamh a ndíchill ábhair a mhúineadh trí Ghaeilge ach ní ábhar clamhsáin nua é mar a léiríonn an mhír seo a leanas ón nuachtán seachtainiúil INNIU.

INNIU, 24 Samhain, 1961

An Dochar Mór atá Díth Téascleabhar á dhéanamh.

"Cé gur mhó líon na meánscoileanna de 64 i 1960 ná a líon i 1954 tháinig laghdú ar líon na A-scoileanna sa tréimhse sin.

An Bráthair A.P. Caomhánach a dúirt sin agus é ag cuidiú leis an rún: 'Go n-iarrann an cruinniú seo ar an Rialtas socruithe speisialta práinneacha a dhéanamh chun téacsleabhair i nGaeilge a sholáthar do na meánscoileanna.'

Dúirt sé nach tógtha ar na scoileanna nó ar na múinteoirí é a d'éirigh as na hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge nuair nach raibh na téacsleabhair á gcur ar fáil.....

D'éirigh na múinteoirí tuirseach de bheith ag feitheamh agus dá dheasca sin is ar gcúl atá múineadh na n-ábhar trí Ghaeilge. Dúirt sé nach gcuirfeadh na comhlachtaí príobháideacha na téascsleabhair ar fáil mar nár léir dóibh go mbeadh aon airgead ann dóibh.

Tá fáinne fí sa scéal. Níl na téacsanna ann de bhrí nach bhfuil go leor éilimh orthu agus níl go leor éilimh orthu de bhrí nach mbíonn siad ann nuair a théann daoine a lorg.

Caithfear córas nua a cheapadh chun na téacsleabhair a chur ar fáil.

Is mar leanas atá idirdhealú déanta idir na meánscoileanna: A-Scoil, scoil a múintear gach ábhar trí Ghaeilge inti; B 1, scoil a múintear oiread ábhar trí Ghaeilge inti agus a mhúintear trí Bhéarla;

B 2, ábhar amháin trí Ghaeilge; C, scoil nach mbíonn aon ábhar á mhúineadh trí Ghaeilge.

Seo é an t-athrú, dúirt sé, a tháinig ar na meánscoileanna idir 1954 agus 1960:

	1954	1960
A	85	76 (-9)
B 1	63	70 (+7)
B 2	59	54 (-5)
C	240	311 (+64)*
Iomlán	447	511 (+64)
Daltaí	54,019	73,392 (+ 19,373)

Léirigh na figiúirí sin, dúirt an bráthair, a phráinní a bhí sé go ndéanfaí gach dícheall an bhliain seo chugainn le scéal na dtéacsleabhar a chur ina cheart."

** Bhí botún san uimhríocht ar an dtábla a bhí ar INNIU. Tháinig méadú de 71 ar líon na Scoileanna C, ní méadú de 64 mar a bhí ráite sa tuairisc.*

- In eagrán na seachtaine seo caite, tré bhotún, fágadh ar lár an mhír ón nuachtán Inniu faoi cheist na dtéacsleabhar Gaeilge a bhí curtha ar fáil ag Donncha Ó hÉallaithe. Cuireadh i gcló an réamhrá gan an mhír. Tá an scéal á chur ina cheart an tseachtain seo.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cathair na Gaillimhe

Athchóiriú faoi lán seoil ag Taibhdhearc na Gaillimhe

Katie McGreal

THOSAIGH obair ar Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, An Taibhdhearc, thart ar cheithre seachtaine ó shin, go luath i ndiaidh gur sheol Bord Stiúrtha na hAmharclainne na pleananna nua don fhoirgneamh ar 4 Samhain.

Tá Róisín Ní Dhuigneáin, cathaoirleach na heagraíochta, ag siúl le go mbeadh an obair ar fad críochnaithe i mí Aibreáin nó Bealtaine na bliana seo chugainn agus go mbeadh ócáid ollmhór ar siúl acu don oscailt.

Chomh maith leis sin, deir Ní Dhuigneáin go bhfógrófar post an stiúrthóra ealaíne san athbhliain. Níl aon stiúrthóir ealaíne ag an amharclann ó d'éirigh Séamus Ó hAodha as an bpost ag deireadh an tsamhraidh.

Tá costas €900,000 i gceist ar atógáil an fhoirgnimh. Gheall an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta €300,000 dóibh thar dhá bhliain nuair atá an foirgneamh críochnaithe agus deir Comhairle Cathrach na Gaillimhe go dtabharfaidh siadsan €300,000 dóibh thar shé bliana freisin.

Bhailigh lucht na Taibhdheirce €200,000 agus tá €100,000 eile fós á lorg acu. Chun é sin a fháil, táthar ag díol suíochán san amharclann ar €700 an ceann agus, má cheannaíonn tú ceann, cuirfear d'ainm ar phlaic san fhorhalla. Tá tuilleadh eolais faoi seo ar fáil ó oifig na Taibhdheirce ar 091 562024.

Beidh an chuma chéanna ar an bhfoirgneamh ón taobh amuigh ach beidh roinnt athruithe ar an taobh istigh. Beidh an forhalla thar a bheith difriúil agus beidh na leithris thíos staighre athraithe. Chomh maith leis sin, beidh spás istigh san amharclann d'ocht gcathaoir rothaí.

Deir Ní Dhuigneáin go bhfuil ag éirí go breá leis an obair go dtí seo.

"Ní raibh aon fhadhb againn go dtí seo," a deir sí.

Deir Ní Dhuigneáin go bhfuil Bord Stiúrthóirí na Taibhdheirce ag fáil treorach mar gheall ar na poist atá le líonadh acu faoi láthair. Deir sí go bhfógróidh siad na folúntais uilig a bheidh ar fáil go poiblí san athbhliain, post an stiúrthóra ealaíne san áireamh.

Faoi láthair, tá muintir na Taibhdheirce ag obair ar Gheamaireacht na Nollag, 'Cochaillín Dearg'. Is scéal cáiliúil atá ann faoi chailín beag a bhuaileann leis an Mac Tíre mór scanrúil atá ag tarraingt aird lucht féachana sean agus óg leis na blianta.

Beidh neart aisteoirí ón sobaldráma 'Ros na Rún' le feiceáil ann chomh maith le neart aisteoirí eile. Tá thart ar 25 duine óg agus thart ar naonúr fásta páirteach ann.

Scríobh Maeve Ingoldsby an dráma agus tá Séamus Ó hAodha á stiúradh. Beidh sé ar siúl sa Dubhlann ar Bhóthar na Díge i gCathair na Gaillimhe ó 13 - 18 Nollaig ag 7in. Is féidir ticéad a fháil ar líne ar www.tht.ie nó is féidir glaoch ar 091 569777. Tá costas €10 orthu.

"Is rud uafásach mór é dúinne," a deir Róisín faoin ngeamaireacht agus tá sí ag súil go mór leis.

Scrios tine foirgneamh na Taibhdheirce in 2007 agus, ó shin, bhí muintir na Taibhdheirce ag cur seónna agus drámaí ar siúl in áiteanna éagsúla timpeall na cathrach agus i gConamara.

Conamara

'Ransú smaointe' ag Seanadóir ar an gCoill Mhór

Máirtín Ó Catháin

TÁ an chosúlacht ar an scéal nach i dTeach Laighean a bheidh an Seanadóir Fidelma Healy-Eames Dé Luain seo chugainn; tá an Seanadóir i mbun ullmhucháin le daoine atá bainteach leis an turasóireacht i gConamara a thabhairt le chéile i Mainistir na Coille Móire an lá sin.

Deirtear go mbeifear ag caitheamh súil chun cinn ag an ócáid ar an gCoill Mhór ar bhliain "theacht le chéile" na nGael agus a sliocht in 2013 - "Year of the Gathering" mar atá baistithe ag an Rialtas air. Ní cosúil go bhfuil Fáilte Éireann tosaithe ag réiteach don bhliain mhór "teacht le chéile" fós; an chéad bhliain eile a chuirfidh siadsan borradh faoin bhfeachtas. Ach níl an Seanadóir Healy-Eames ina cónaí ar an gCoill Mhór. Dúirt foinsí san áit gur seisiún "ransaithe smaointe" faoi bhliain an "teacht le chéile" a bheadh ann. Tuigtear go raibh scéalta faoi ócáid an Luain seo chugainn curtha amach chuig tuairim is 12 lucht óstáin faoin tráth a raibh muid ag scríobh.

Tuigtear gurb í an Seanadóir Healy-Eames a spreag an ócáid agus nach bhfuil baint dhíreach ag lucht stiúrtha na turasóireachta i Mainistir na Coille Móire leis.

Mar a tharlaíonn sé tá Mainistir na Coille Móire ar an áit is mó san iarthar atá ag mealladh turasóirí i gcónaí. Meastar go mbeidh 200,000 turasóir tagtha an bealach sin i mbliana ach a dtógfar an cuntas deireanach i ndeireadh mhí na Nollag. Léiríonn na figiúirí seo go raibh méadú 20% ar an líon daoine a tháinig don Choill Mhór in 2011 i gcomórtas leis an líon a thagadh ann le blianta beaga anuas. Tá rud suntasach ag baint leis an líon daoine a tháinig ann i mbliana freisin sa méid agus go mba Éireannaigh tromlach na gcuairteoirí. Roimhe seo ba iad muintir na Fraince ba thréine a bhíodh ag triall ar an áit. Dúirt urlabhraí ar an gCoill Mhór go dtugann seo léargas go bhfuil níos mo de mhuintir na tíre seo ag tógáil saoire sa mbaile.

Teastas á bhronnadh ar Threasa Seoige, Áill na Brún, ag Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, in Ionad Cuimneacháin an Phiarsaigh i Ros Muc an tseachtain seo caite. Bronnadh an teastas ar Threasa, as Leitir Móir ó dhúchas, de bharr í a bheith rannpháirteach i dtionscadal Coiste Gairmoideachais / AE ar a dtugtar Grundtvig. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

FOLÚNTAIS

SAOISTÍ Á LORG

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Scéimeanna Fostaíochta Pobail
Ceantar Chonamara

Tá dhá shaoiste á lorg ag Údarás na Gaeltachta do Scéimeanna Fostaíochta Pobail i gceantar Chonamara. Bheadh sé ina bhuntáiste go mbeadh na scileanna/cáilíochta seo a leanas ag an iarrthóir:

- Ábalta oibriú as a stuaim féin
- Taithí ar Fhorbairt Pobail Tuaithe a bheith aige/aici
- Sárscileanna idirphearsanta, cumarsáide agus scileanna bainistíochta ar thograí a bheith aige/aici
- Scileanna ríomhaireachta
- Ceadúnas iomlán glan tiomána

Is gá go mbeidh ar chumas an duine a cheapfar dualgais an phoist a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge.

Tá tuarastal sa ráinse €24,542 - €40,170 ag dul leis an bpost seo, ag braith ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Seoltar iarratais, mar aon le Curriculum Vitae roimh **16 Nollaig 2011** chuig an seoladh thíos.

An Bainisteoir Forbartha Pobail
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe

Teil: 091-503100 **Facs:** 091-503101 **Ríomhphost:** eolas@udaras.ie

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Mic léinn de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar bronnadh MA orthu in OÉ Gaillimh, mar chuid de bhronnadh an gheimhridh. Líne cúil (ó chlé): Sinéad Warnock, Aisling Gavin, Gráinne Ní Riain, Marie Ní Chríodáin, Treasa Ní Lochlainn, Máirín Nic Con Iomaire. Líne láir (ó chlé): Mairéad Bhreathnach, Siobhán Uí Dhálaigh, Ciara Lyons, Bríd Doherty, Emma Lowry, Damien Ó Domhnaill, Eibhlín Ní Riada, Séamas Ó Coileáin, Ursula Ní Shionnáin. Chun tosaigh (ó chlé): Dorothy Ní Uigin, Treasa Uí Lorcáin, Conchúr Ó Giollagáin, Peadar Mac Muiris, Jim Browne (Uachtarán OÉ Gaillimh), Nollaig Mac Congáil (Meabhránaí OÉ Gaillimh), Dónall Ó Braonáin (Príomhfheidhmeannach an Acadaimh), Séamus Ó Coileáin, agus Laoise Ní Thuairisg.

Feachtas tosaithe i gConamara Theas chun 'Óige Phoblachtach' a bhunú

Meadhbh Ní Eadhra

Tá sé tagtha chun solais go bhfuil Sinn Féin ag cur tús le cumann nua d'Ógra Shinn Féin i gConamara Theas. Is cosúil nach bhfuiltear ag iarraidh Ógra Shinn Féin a thabhairt ar an gcumann; tá 'Óige Phoblachtach' roghnaithe acu mar theideal, rud atá spéisiúil. De réir dealraimh, níl aon chumann dá chineál ann i nGaeltacht Chonamara agus tá grúpa daoine ann atá ag iarraidh é sin a athrú. Tá Micheál Ó Fátharta, arb as Gaeltacht Chonamara dó féin, ar dhuine díobh siúd taobh thiar den togra nua seo. Deir sé go bhfuil siad ag súil go mbeidh an cumann nua ar an bhfód ag tús na hathbhliana.

"Le linn fheachtas toghchánaíochta na hUachtaránachta, tugadh faoi deara go bhfuil tacaíocht daingean agus calmánta ag Sinn Féin sa cheantar seo, ó Bhearna go Carna. Mar aon leis seo, is cúis docháis freisin a bhí sa sainordú dobhréagnaithe a fuair an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh le linn an olltoghcháin ag tús na bliana," ar sé. "Mar sin, is i dtreo é seo a láidriú agus a chaomhnú atá muid ag iarraidh tús a chur leis an chraobh nua seo. Is seans iontach atá ann d'óige na Gaeltachta agus Chonamara a gcuid tuairimí agus ceisteanna a phlé agus a réiteach."

Beidh ranganna Gaeilge ag tosú in Oifig Shinn Féin i nGaillimh tar éis na Nollag.

"Is seans é seo do dhaoine a bhfuil spéis acu snas a chur ar a gcuid Gaeilge agus í a labhairt agus a chaomhnú," a deir Ó Fátharta.

Tá an tUasal Ó Fátharta agus a chomhghleacaithe ag súil go mbeidh siad in ann na fadhbanna atá ag déanamh imní dóibh féin agus dúinn go léir, a nochtadh agus a chur i mbéal an phobail. Is seans atá ann freisin chun casadh le cairde nua a bhfuil na suimeanna céanna acu. Má tá suim agat a bheith páirteach san fheachtas nua seo, is féidir r-phost a sheoladh chuig maofatharta@gmail.com

Aonach Nollag an Spidéil

Áine Ní Chuaig

IS é Daidí na Nollaig a bheidh i lár an aonaigh i gColáiste Chonnacht ar an Spidéal, an Domhnach beag seo 4 Nollaig. Is ann a reáchtálfar Aonach Mór na Nollag ón mheán lae go dtí 5.00in. Ní ghearrfar aon táille ar an doras ach beidh costas €6 le dul isteach ar cuairt chuig Daidí na Nollag.

Beidh coirnéal speisialta do na gasúir, áit a mbeidh siad in ann dul i mbun ceardaíochta agus a n-éadan a fháil péinteáilte. Chun an t-atmaisféar ceart a chruthú, beidh amhránaithe i láthair chun carúil na Nollag a chanadh. Beidh ticéid le díol ar an lá do Chrannchur Mór na Nollag freisin.

Má tá bronntanais Nollag le ceannach agat, bí cinnte do bhealach a dhéanamh go Coláiste Chonnacht mar go mbeidh stallaí ealaíne agus ceardaíochta leagtha amach ann don lá. Tá lá spraíúil i ndán do na gasúir ach ní bréag é a rá go mbeidh rud éigin ann do shean agus óg araon.

Maigh Eo

Seoladh 'Logainmneacha Acla'

Katie McGreal

Seolfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Donncha Mac Fhionnghaile, an dlúthdhiosca ar 'Logainmneacha Acla' in Áras Forbairt Acla amárach, Déardaoin 1 Nollaig, ag 6in.

Labhróidh Tomás Mac Seáin agus Tomás Mac Conmara ag an ócáid agus beidh Pádraig Mac Giollabháin i láthair freisin.

Thosaigh Coiste na Gaeilge ag obair ar an mbailiúchán in 2003 agus tá thart ar 1,600 logainm ann.

Tá fáilte roimh chách agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó Mháire Angeal Nic Lochlainn ar maire@acaill.com.

Coiste Dúiche Mhaigh Eo

TIONÓLFAR cruinniú cinn bhliana de Choiste Dúiche Mhaigh Eo de Chonradh na Gaeilge, Caisleán an Bharraigh, ar an gCéadaoin 7ú Nollaig. Is in Óstán an Welcome Inn sa bhaile a thosóidh an cruinniú ag 8.30in. Tá míle fáilte roimh óg agus aosta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó na huimhreacha 094-90-22444 / 087-9781166 nó seol ríomhphost chuig: eolas@conradhmhaigheo.ie

CUIREADH OSCAILTE

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Dóibh siúd a bhfuil spéis acu sa réimse turasóireachta chuig

Seisiún Eolais Poiblí maidir le Cúrsa i dTreorú Mara & Tuaithe (Treorú Réigiúnach & Áitiúil) FETAC Leibhéal 6

11.30 r.n. Dé Luain 5ú Nollaig 2011
Óstán na Páirce, An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Cuirfear eolas ar fáil ag an gcruinniú maidir le cúrsa do Theastas i dTreorú Mara & Tuaithe (Treorú Réigiúnach & Áitiúil) FETAC Leibhéal 6 a bheidh á reáchtáil ag Coiste Ghairmoideachas Co. na Gaillimhe i gcomhair le hÚdarás na Gaeltachta agus Fáilte Éireann i Ros Muc ó mí Eanáir ar aghaidh. Tá aitheantas idirnáisiúnta ag na teastais seo.

Tabharfaidh an cúrsa seo na scileanna cuí duit le bheidh id' threoraí proifisiúnta neamhspleách le heolas allamuigh atá sonrach do Ghaeltacht Chonamara agus ceantair cois chósta.

Tabharfaidh an cúrsa seo deis duit freastal ar riachtanais chuairteoirí & turasóirí don cheantar. Cuireann an clár i dTreorú Mara agus Tuaithe (Marine and Countryside Guide) rogha modúil ar fáil ina n-áirítear turasóireacht, taighde margaíochta, cúraim custaiméirí, seandálaíocht áitiúil, scileanna treoraithe, cumarsáide agus teanga.

Fáilte Ireland

Fáilte roimh chách!

Tuilleadh eolais ó: Eithne Nic Dhonnchadha aeo@cogalvec.ie nó 091 874538

Sonya Nic Lochlainn snl@udaras.ie nó 091 503100

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Oíche Tiomsaithe Airgid ag an New Theatre

Katie McGreal

DÉANFAIDH an t-aisteoir Rónán Wilmot léiriú den seó aonair 'The Watchman' le Seán Lawlor sa New Theatre ar Shráid Essex Thoir i mBaile Átha Cliath an deireadh seachtain seo, 2 - 4 Nollaig mar chuid d'ócáid tiomsaithe airgid.

Is dráma é ina mbreathnaítear ar Bhaile Átha Cliath na seanlaethanta. Breathnaíonn sé ar na daoine éagsúla a bhí ann, na sráideanna, na foirgnimh agus araile. Rinneadh an chéad léiriú den dráma in Amharclann na Péacóige i 1988.

Mairfidh sé thart ar 50 nóiméad agus beidh briseadh beag ann ina dhiaidh.

I ndiaidh an bhrisidh, déanfaidh Glen Hansard, amhránaí leis an mbanna ceoil The Frames ceolchoirm bheag mar chuid den ócáid. Seinnfidh sé roinnt amhrán cáiliúil.

Rachaidh an t-airgead a bhaileofar ar an oíche chun sochair na hamharclainne. Ceannófar trealamh leis agus beidh dráma á léiriú ann i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine agus cabhróidh an t-airgead seo le léiriú an dráma sin.

Tá tuilleadh eolais agus ticéid don oíche ar fáil ón New Theatre ar 01 6703361. Costas €25 atá ar na ticéid.

Áras na Scríbhneoirí

TÁ neart ar siúl in Áras na Scríbhneoirí ar Chearnóg Parnell i mBaile Átha Cliath faoi láthair.

Beidh an chéad léamh eile de bhuaiteoirí an chomórtais 'The Lonely Voice' ar siúl anocht ó 7in. Is comórtas míosúil é do scríbhneoirí gearrscéalta agus léifidh ceathrar a saothar amach. Tá fáilte roimh scéalta i nGaeilge freisin.

Léifidh an scríbhneoir iar-chogaidh, Matthew Sweeney, neart píosaí nua atá scríofa aige, roinnt dánta san áireamh. Is imeacht saor in aisce do bhaill é seo agus tá costas €5 do gach duine eile. Tosóidh sé ag 7.30in.

Beidh ceardlann ar scríbhneoireacht chruthaitheach ar siúl gach Satharn ag 1.30in le Sarah Griffin. Maireann sé ar feadh uair an chloig agus is ócáid saor in aisce í. Déanfar imeachtaí chun cabhrú le daoine teacht aníos le smaointe do scéalta.

Tá tuilleadh eolas faoin Áras ar fáil ó 01 8721302 nó ar an suíomh www.writerscentre.ie.

Seirbhís dramhaíola Átha Cliath le príobháidiú

Colm Ó Broin

DÉANFAR príobháidiú ar an tseirbhís dramhaíola dheireanach i mBaile Átha Cliath san athbhliain. Cuirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath deireadh lena seirbhís bailiúcháin dramhaíola ar 16 Eanáir. Tá príobháidiú déanta ar bhailiúchán dramhaíola i bhFine Gall, in Átha Cliath Theas agus i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin cheana féin. Dúirt an Chomhairle Cathrach go sábhálfaidh an príobháidiú €60 milliún thar chúig bliana. Ní íocann daoine ar ioncam íseal i gceantar na Comhairle as an tseirbhís i láthair na huaire ach ní fios an mairfidh an socrú.

Tá sé ráite ag leasbhainisteoir na Comhairle go mbeidh tarscaoileadh ar fáil ar feadh 12 mí tar éis an phríobháidithe, ach níltear cinnte an leanfaidh sé ar aghaidh ina dhiaidh sin. Tá tarscaoileadh bruscair ar fáil go fóill i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ach cuireadh deireadh leis in Átha Cliath Theas mí Aibreáin seo caite. Stopfaidh Comhairle Fhine Gall a seirbhís san athbhliain agus ní bheidh tarscaoileadh ar fáil do dhaoine ar ioncam íseal. Deir na comhairlí go raibh siad ag cailleadh airgid ar a gcuid seirbhísí agus nach raibh an dara rogha acu ach iad a phríobháidiú. Ceann de na príomhchúiseanna go bhfuiltear ag cailleadh airgid áfach ná go bhfuil comhlachtaí príobháideacha tar éis custaiméirí nach bhfuil i dteideal tarscaoileadh a mhealladh. Beidh Comhairle Cathrach Átha Cliath ag labhairt le ceardchumainn faoin athrú atá beartaithe.

Tá sé socraithe i bhFine Gall go mbogfar oibrithe dramhaíola na Comhairle chuig rannóga eile san údarás áitiúil nuair a stopann an bailiú dramhaíola i mí Eanáir. Is faoin mBainisteoir Contae atá sé polasaithe dramhaíola a shocrú agus níl aon chumhacht ag Comhairleoirí Contae ina leith. Cháin an Comhairleoir Pat Dunne ó Dhaoine Roimh Bhrabús an t-athrú á rá go gcuirfí ualach breise ar dhaoine dá bhfaighfí réidh leis an tarscaoileadh nó dá n-ardófaí táillí amach anseo. Mhaígh sé freisin go dtarlódh an proiseas príobháidithe céanna dá ngearrfaí táillí ar uisce sa todhchaí.

Breithiúna den Ardchúirt - An tOnórach Henry Abbott (ar chlé) agus An tOnórach Mary Laffoy (ar dheis), ag tréaslú a mbua le Barra Ó Leidhin agus Anna Ní Uiginn ó fhoireann an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath ag Bréagchúirt Uí Dhálaigh Gael Linn 2011. PIC: MAXWELL'S

165 post teicneolaíochta

CRUTHÓFAR 165 post i ndá chomhlacht teicneolaíochta Éireannach i mBaile Átha Cliath roimh dheireadh 2013. Beidh 90 post ar fáil ag Version 1 agus 75 ag Ammeon.

Cuireann Version 1 seirbhísí teicneolaíochta ar fáil don earnáil sláinte,airgeadais, oideachais, cógasaíochta agus eile.

D'oscail an comhlacht ceannáras nua i dTeach na Mílaoise i mBaile ÁthaCliath 1 Dé Luain. Mhéadaigh láimhdeachas 40% go €25 milliún i mbliana agus deir príomhfheidhmeanach an chomhlachta, Justin Keatinge, go méadóidh díolacháin 20% an bhliain seo chugainn.

Chuir an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta, Richard Bruton, fáilte roimh an bhfógra ag rá go bhfuil gá le fás eacnamíochta dúchasach óir déanann comhlachtaí Éireannacha trí oiread níos mó ar an meán don gheilleagar ná comhlachtaí ilnáisiúnta.

Tá an comhlacht bogearraí teileacumarsáide Ammeon ag cruthú naoi bpost ina chuid oifigí i Sasana chomh maith. Tá céimithe agus speisialtóirí bogearraí á lorg chun seirbhísí néalríomhaireachta an chomhlachta a fhorbairt. Tá 46 post líonta go dtí seo ag Ammeon.

Ceatharlach

Margadh na Nollag agus Gaeilge le Chéile

Katie McGreal

BEIDH Margadh na Nollag ar siúl sa Plaza athchóirithe os comhair Halla an Bhaile i gCeatharlach ar an Domhnach seo, 4ú Nollaig, 2 - 6in. Beidh roinnt seastán agus taispeántas ceardaíochta ann chomh maith le cácaí Nollag agus bronntanais. Tiocfaidh Daidí na Nollag freisin agus beidh cóir ag canadh na gcarúl agus beidh mainséar beo ann freisin. Ag deireadh an lae, déanfar soilse na Nollag a lasadh.

Tá 'Gaeilge le Chéile' ag eagrú oíche sóisialta trí Ghaeilge ar an Déardaoin seo, 1 Nollaig ag 9.00in i dteach tábhairne Reddy d'aon duine a bhfuil suim acu sa Ghaeilge. Go hiondúil, tagann siad le chéile ar an gcéad Déardaoin i ngach mí le linn na bliana chun Gaeilge a labhairt go sóisialta agus cuirfear fáilte go háirithe roimh dhaoine atá ag freastal ar chúrsaí Gaelchultúir faoi láthair.

Bíonn an Club Cultúrtha do dhaoine fásta ar siúl ar an gcéad Déardaoin i ngach mí freisin. Beidh an chéad chruinniú ar siúl ar an Déardaoin seo, 1 Nollaig ar 7.30in i Leabharlann Bhaile Cheatharlach. Pléifear ábhair éagsúla mar léitheoireacht, filíocht, DVDanna, ceol, taisteal agus neart eile.

Lú

Comhfhorbairt idir Dún Dealgan agus Iúr Cinn Trá molta

Colm Ó Broin

NÍ mór comhoibriú ar fhorbairt eacnamaíochta i nDún Dealgan agus san Iúr a láidriú, de réir tuairisce nua.

Choimisiúnaigh Cumann Tráchtála Dhún Dealgan an tuairisc, agus is é iar-eacnamaí Bhanc Uladh, Pat McArdle a scríobh í.

De réir na tuairisce, tá Dún Dealgan níos boichte ná bailte móra eile ó dheas den teorainn agus tá bochtanas ina fhadhb mhór san Iúr freisin.

Tá trian de mhuintir an Iúir ar an ngannchuid agus tá bochtanas níos measa i nDún Dealgan ná i mbailte eile i gceantar na teorann: Leitir Ceanainn, Cora Droma Rúisc, an Cabhán, Sligeach agus Muineachán.

Tá Dún Dealgan ar an cheantar tairsí (gateway) is boichte sa Phoblacht chomh maith, dar le McArdle.

Dúirt sé go léiríonn taighde go bhfuil gá le ceantar cathrach chun gur féidir leis an fhocheantar go leor infheistíochta idirnáisiúnta agus intíre a mhealladh.

Foilsíodh tuairisc in 2006 inar dúradh go bhféadfaí cathair chúpla a thógáil thart ar Dhún Dealgan agus an Iúr. Molann McArdle staidéar a dhéanamh ar an gcomhoibriú idir cathracha mar Malmo agus Cóbanhávan agus Vín agus an Bhratasláiv le cur leis na hiarrachtaí tuilleadh nasc a chothú idir Dún Dealgan agus an Iúr.

An Iarmhí

Treoirleabhar do mhúinteoirí Gaeilge

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Domhnall Ó Lúbhlaí, údar an leabhair 'Éire mar ba mhian le...', a thugann cúnamh do mhúinteoirí atá ag teagasc labhairt na Gaeilge, ag taisteal timpeall na tíre faoi láthair agus é ag tabhairt taispeántais speisialta faoin leabhar.

Beidh an chéad taispeántas eile ar siúl sa Mhuilleann gCearr, in Óstán an Greville, ar 7.30in Dé Luain seo chugainn, agus beidh ceann eile ar siúl i Halla Cuimhniúcháin an Phiarsaigh i Ros Muc ar 7.30in ar 15 Nollaig.

Is leabhar é seo atá foilsithe ag Foilsitheoirí an Athréimithe, a chreideann nach leor an Ghaeilge 'a chur chun cinn' agus gur gá í a athréimiú mar phríomhtheanga na tíre arís.

Tá costas €50 ar an leabhar agus is féidir é a ordú ar 014589110 nó proinnsiaso@gmail.com .



GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Samhain, 2011

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Corca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Titim na foirne caide

MO léan cráite is baolach go bhfuil foireann sinsir caide na Gaeltachta díbeartha go dtí Roinn a 2 i sraith-chomórtas an chontae, tar éis 17 bliain i Roinn 1, ainneoin gur thugadar an bua leo in aghaidh Ard Fhearta le déanaí. Tá Abhainn an Scáil ina gcomhluadar. Is léir go raibh ádh le foirne eile a bhí ar tí 'titim'. Tá sé ráite go minic gur cheart níos mó 'gluaiseachta' a bheith ó roinn go roinn agus gur cheart na trí fhoireann is ísle ins gach roinn a dhíbirt 'síos' agus na trí fhoireann a bheadh ar bharr na sraithe féna mbun a 'ardú' . Deirtear go raibh san ann ar feadh tamaill ach go mb'fhearr leis na foirne ba threise ná beadh. Má tá aon chiall leis sin cén fáth ná cuireann an bhainistíocht i gCLG i bhfeidhm é. Pé scéal é beidh Cruinniú Cinn Bhliana an chumainn chaide ar an nDomhnach an 18ú Nollaig. Meastar go mbeidh an triúr atá i mbun bainistíochta ar an bhfhoireann ag éirí as a ndualgaisí nó ag glacadh sosa. Tá siad ag súil go mbeidh ógánaigh dhíograiseacha sásta na dualgaisí a ghlacadh. Tá trí bliana caite ag duine amháin cé gur bliain a bhí i gceist aige ar dtús. Glacfar le hainmneacha suas go dtí an 16ú lá.

Múscraí

Éigse Bhliantúil Dhiarmuidín i gCúil Aodha

Áine Ní Chuaig

TÁ sé deacair a chreidiúint go bhfuil Diarmuid Ó Súilleabháin ar shlí na fírinne le scór bliain.

Ag deireadh na bliana 1991, d'imigh beirt de laochra an tSean-Nóis uainn as an saol seo. Ba mhór an buille ar an lá fuar Geimhridh sin, an dara lá de mhí na Nollaig, nuair a tháinig an scéala faoi bhás tubaisteach Dhiarmaidín. Bhí Seán Chóilín Ó Conaire (as Ros Muc i gConamara ó dhúchas) imithe ar shlí na fírinne taobh istigh d'uaireanta a'chloig ina dhiadh.

Ní hamháin go bhfuil cuimhní soiléir agam de mo thuismitheoirí féin a bheith fágtha gan mhothú ach bhí muintir na nGaeltachtaí ar fad trí chéile mar an gcéanna. Bhí beirt dár laochra ar lár.

Rugadh Diarmuidín sa bhliain 1947. Tógadh é i gCúil Aodha, áit a raibh na hamhráin agus an ceol ina thimpeall ón gcliabhán. Bhí tionchar mór ag na hamhránaithe agus filí áitiúla air, dream a chuaigh i bhfeidhm go mór air tríd a shaol.

Bhí sé mar bhall de Chóir Chúil Aodha ó bunaíodh iad in 1963. D'eirigh leis Fleadh Cheoil na



Diarmuid Ó Súilleabháin (1947-1991)

hÉireann a bhaint amach sa bhliain 1974. Cé go raibh stór mór d'amhráin éagsúla aige, trom agus éadrom, thug sé leis amhráin mhóra Mhúscraí go paiteanta. Bhí croí ina chuid ceoil agus draíocht ina ghuth.

Chaith sé roinnt blianta ina mhúinteoir scoile sula ndeachaigh sé ag obair mar láithreoir agus léiritheoir le RTÉ. Is ag obair mar iriseoir le RTÉ Raidió na Gaeltachta i mBaile na nGall a chaith sé na blianta deiridh dá shaol.

Ach go deimhin níl dearmad déanta ar Dhiarmuidín mar is ina cheantar dúchais, Baile Mhúirne agus Cúil Aodha i nGaeltacht Mhúscraí, a bhailíonn muintir na nGaeltachtaí ar fad i gcuimhne air go bliantiúil.

Cruinneoidh na daoine an deireadh seachtaine beag seo, áit a bhfuil clár leathan d'imeachtaí leagtha amach arís i mbliana. Beidh scoth an traidisiúin amhránaíochta, ceoil agus damhsa le blaiseadh.

Ar an Aoine, osclóidh an ceoltóir Tomás Ó Canainn an Éigse go hoifigiúil. Cuirtear béim ar an amhránaíocht go speisialta ag an Éigse seo agus, mar chuid den chlár, cuirfidh daoine óga as na Gaeltachtaí éagsúla agus ó Alba taispeántas amhránaíochta ar siúl an tráthnóna céanna.

Ar an Satharn, tionólfar ceardlann ó 10-12 le scoth na dteagascóirí, ina measc, Máire Ní Chéilleachair (Amhráin ar an Sean-Nós) agus Dainí Mhaidhc Ó Súilleabháin (Amhráin Thraidisiúnta Bhéarla). Beidh cuid mhór de na teagascóirí, i measc aíonna eile, ag glacadh páirte sa cheolchoirm mhór ag 8.00in.

I measc na léachtaí atá leagtha amach don deireadh seachtaine, pléifidh an Dr. Lillis Ó Laoire 'Ceist na hÁilleachta sna hAmhráin' agus tabharfaidh Tríona Ní Shíocháin léacht ar Mháire Bhuí Ní Laoghaire, 'File Béil agus Fáidh Míleannach'. Ar an Domhnach, beidh an ceoltóir agus an t-amhránaí Séamus Mac Mathúna ag insint faoi amhráin ghrinn an cheantair ag an léacht 'The Comic Songs of Baile Mhúirne'.

Ar an Domhnach chomh maith, ceiliúrfear Aifreann na hÉigse le Cór Chúil Aodha, faoi stiúir Pheadair Uí Riada. Ina dhiadh sin, leanfar le ceadal sa séipéal i gcomhluadar Colm Gannon, Mick Conneely agus Jimí Ó Ceannabháin, Buaiteoir Chorn Uí Riada 2011.

I measc na n-imeachtaí eile ar an chlár don Éigse, taispeánfar scannán ar shaol Dhiarmuidín. Tionólfar seisiúin amhránaíochta i dteanna leithéidí Nell Ní Chróinín agus Mháire Ní Choilm.

Téigh chuig an suíomh www.eigse.ie le haghaidh clár iomlán na hÉigse a fháil.

Scrogall TV ag craoladh

BHÍ a gcéad chlár fada poiblí ag an tseirbhís teilifise áitiúil Scrogall TV, Súil Duibhneach, sa Daingean ar an Satharn seo caite. Clár uair an chloig a bhí ann, a bhí ag plé mar a dúradh, abhar leochaileach, meabhairghalar nó sláinte meabhrach. Bhí triúr aoi i láthair, An Dochtúir Conchúir Ó Brosnacháin, Jennifer Sheedy agus Daryl Broe, agus bhí an Dochtúir Peadar Ó Fionnáin sa chathaoir.

Bhí go leor des na hionadaithe ó eagraisí tacaíochta a bhíonn ag plé leo siúd atá thíos leis an bhfadhb shláinte seo an-sásta le tacaíocht an phobail. Bhí is baolach an-díomá ar scata acu go raibh ciorruithe 'gan dealramh' curtha i bhfeidhm ag an Stát agus deireadh ar fad curtha le heagraíochtaí, cuid acu de thoradh gan aon chúnamh stáit a bheith ar fáil. Dúirt Noel Ó Néill a chaith na blianta ag éileamh cearta dóibh siúd fé mhíbhuntáiste sláinte agus a bhí fostaithe le cúig bliana déag i mbun na hoibre sin go raibh an bóthar fachta acu. "Thárla sé de gheit," ar sé.

Sa chaint dúradh go raibh am ann agus go raibh na céadta á seoladh go mí-ádhmharach go hóispidéil mheabhairshláinte.

Bhíodh timpeall 1,000 duine i gceist i gCiarraí sna caogaidí. Dúradh go raibh daoine san otharlann mheabhairshláinte i gCill Airne ná raibh dada puinn cearr leo ach baineadh úsáid as an gcóras a bhí ann le daoine aosta nó daoine a bheadh 'ag teacht sa tslí', a dhíbirt.

Duradh gur fadhb mhór iad siúd sa phobal a bhíonn breoite agus ná téann i ngar d'aon dochtúir ná óispidéal. Is trua mór iad san. Mheas daoine eile go raibh sé in am an dlí a athrú agus lámh a bheith ag an nGarda Síochána i gcomhar le dochtúir áitiúil agus síceolaí le cás duine a mheas. Is daoine a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dóibh féin, nó do dhaoine eile, a bheadh i gceist. Dar leis an nDochtúir Teaghlaigh Conchúir Ó Brosnacháin, níl aon chead ag dochtúirí aon bhaint, i leith galair intinne, a bheith acu le daoine a bhíonn ólta, rud a mheas sé a chruthaíonn fadhbanna. Bhí daoine cáinteach fén gcás ina bhfuair cailín óg ceithre bliana bás le déanaí mar gur tugadh na drugaí míchearta di.

D'aithris an file Darina Ní Chinnéide dán a léirigh an follús a bhraitheann daoine a bhíonn buailte ag an ngalar dubhach. Ba léir ná raibh aon 'náire', mar a bhíodh ar dhaoine cheana, ar scata acu siúd a labhair. Measadh go mba an-chabhair na grúpaí tacaíochta a bhí bunaithe ag daoine mar Tim Baker agus a leithéidí. Bhí Tim ina theagascóir Talamhaíochta in Iarthar Duibhneach uair agus d'eagraigh grúpa le go mbeadh caoi acu siúd a bhí ag fulaing, labhairt le chéile. Chuir san an-mhisneach orthu, dar leis. "Is dócha gurb iontach an rud é go bhfuil feabhas chomh mór tagtha ar shaol daoine mar seo, mar go bhfuil go leor acu siúd atá buailte, ag cur in iúl go bhfuil siad ag fulaingt," arsa Daryl Broe. "Bíonn daoine go mbuaileann cuid des na galair seo iad go diail agus lán de mhisneach ar feadh tamaill, ach tagann na laethanta dubhacha, nuair nach féidir leis an nduine sin dada a dhéanamh." "Cinnte bhí an t-ábhar an-trom mar thús," arsa an Dr Ó Fion-

Muireann Nic Amhlaoibh, Áine Lally, Ciara Considine, Dónall Ó hAiniféin, agus Breandán Mac Fhionnghaile, aoichainteoirí a labhair ag Buntáiste Breise na Gaeilge i Luimneach an tseachtain seo caite. Eagraithe ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, bíonn na seimineáir seo dírithe ar dhaltaí iar-bhunscoile sna ranganna sinsearacha i scoileanna ar fud na tíre. Le linn na seimineár pléitear na buntáistí breise a thugann an Ghaeilge duit agus tú ag dul i mbun do ghairme beatha.

Dara Jauch ceamaradóir de chuid Scrogall.

Michael Colivet agus Hugh O'Neill, FBD (urraitheoirí na ngradam) le Cabríní de Barra, Comhlucht Forbartha na nDéise, buaiteoir an ghradaim don 'Nuálaíocht is Fearr i nGnó' ag an 'Dungarvan & West Waterford Chamber Ball' in Óstán Gold Coast, Dún Garbhán ar an 18ú Samhain. PIC: SEÁN BYRNE/DÉISE MEDIA.

náin, "ach b'eo seachtain na meabhairshláinte agus d'oir sé go scagfaí an t-ábhar go hoscailte, rud a deineadh."

"Sea," arsa fear ón Daingean, "tá ár Late Late féin againn anois, a bhuíochas le Daryl agus a chairde."

Santa i mbun reatha

MÁ tá fonn ort páirt a ghlacadh i rás 5km San Nioclás sa Daingean ar an 18ú den mí seo, féach chuige go mbeidh an éide cheart in áirithe agat. Táthar ag súil go mbeidh scata mór San Nioclás ag rás tré shráideanna an Daingin fé lán éide, ach ní bheidh aon chóiste, fia, ná fiú Rudolf, ag aon duine acu. Ní chosnaíonn culaith shealadach Santa agus rannpháirtíocht sa rás ach €5.

Ceardlann faoi ghinealaigh

MÁ tá fonn ort eolas a aimsiú fé do shinsir, níl áit níos fearr a bheifeá ná oíche amárach Déardaoin, an chéad lá de mhí na Nollag, in Ionad an Bhlascaoid i nDún Chaoin. Beidh ceardlann saor in aisce ann agus tá fáilte roimh aon duine gur suim leis ginealach a mhuintire, bheith i láthair.

Soilse le lasadh

AR eagla ná beadh dada le déanamh agat, beidh Féile na Soilse [na Nollag] ar bun sa Daingean an tseachtain seo, ó amárach Déardaoin go Domhnach an 4ú. Beidh béim ar bhia agus táirgí áitiúla, siúlóidí, ceardlanna ceoil, tóraíocht taiscí, turais capaill agus cairte, ceardaíocht, margadh feirmeoirí, scannáin, 'cosán ceoil' agus fiche rud eile. Níor cheart go mbeadh aon leithscéal ag éinne anso fé easpa caitheamh aimsire, sna ceithre lá seo romhainn.

Leabhar le léargas ar an saol i Múscraí

Seán Ó Loingsigh

TUGANN leabhar nua dar teideal 'Muskerry Through the Lens of Dennis Dineen' léargas ar an saol i gceantar Mhúscraí i rith tréimhse ina raibh mórán athruithe ag tarlú, na 1950í go dtí na 1970í. Grianghrafadóir, tábhairneoir agus tiománaí tacsaí ab ea Dennis Dineen a mhair i Maigh Chromtha ón mbliain a rugadh é, 1927, go tráth a bháis i 1985. Bhí cáil ar a ghrianghrafanna d'imeachtaí áitiúla agus den saol mar a bhíodh i mbaile Mhaigh Chromtha agus i gceantar Mhúscraí i gcoitinne, agus chuireadh sé iad ar fáil do na nuachtáin áitiúla go rialta. Is é an grianghrafadóir Seán Mac Suibhne ó Mhaigh Chromtha agus ó Chill na Martra ó dhúchas a chuir an cnuasach seo de 500 grianghraf de chuid an Duinnínigh le chéile. Tá bliain caite ag Seán ag scagadh 5,000 grianghraf de chuid an Duinnínigh agus ag bailiú eolais fúthu.

B'é an cumadóir amhrán Jimmy McCarthy ó Mhúscraí a sheol an leabhar ag ócáid ar ar fhreastail slua mór i Halla an Athar Ó Riain i mbaile Mhaigh Chromtha. Dúirt Jimmy go raibh na grianghrafanna sa leabhar cosúil le hamhráin mar go n-ínsíonn siad scéal. Beidh pé airgead a dhéanfar as an leabhar á chur ar fáil ar mhaithe le síneadh a chur le hIonad na Sinsear i Maigh Chromtha chun ionad lae a bhunú ann le haghaidh daoine go bhfuil Alzheimers orthu.

Tá an leabhar ar díol in Ionad na Sinsear i Maigh Chromtha, i siopa leabhar an bhaile, agus tá sé le ceannach ar líne chomh maith ón suíomh idirlín Localbooks.ie, siopa leabhar idirlín de chuid an chomhlachta Bard na nGleann i mBéal Átha an Ghaorthaidh.

Bean faoi choimeád i leith eachtra gadaíochta Bhaile Bhúirne

I GCÚIRT Dúiche Dhroichead na Bandan an tseachtain seo caite cuireadh siar faoi choimeád bean 34 bliain d'aois ó chathair Chorcaí atá cúisithe maidir le heachtra gadaíochta a thárla i mBaile Bhúirne ar an gcúigiú lá den mhí seo. Tá trí chúis curtha i leith Bridget O'Sullivan ó Shráid na Blárnann i gCorcaigh - gur dhein sí buirgléireacht i dtigh cónaithe i mBaile Mhic Íre Thoir, go raibh sí ag láimhseáil an ábhair goidte ón dtigh, agus gur ghoid sí roinnt ábhair eile ó ionad stór Dairygold i sráidbhaile Bhaile Mhic Íre ar an lá céanna. Nuair a bhí éisteacht maidir leis an gcás seo i gCúirt Dúiche Mhaigh Chromtha trí seachtaine ó shin, chuir na gardaí in aghaidh bannaí a thabhairt don mbean toisc go ndúradh nár tháinig sí os comhair na cúirte cheana maidir le cásanna eile nuair a bhí sí ar bannaí, agus de bharr chomh tromchúiseach is a bhí ceann des na cúiseanna atá curtha ina leith i gcás Bhaile Mhic Íre.

Dúradh sa chúirt gur chaith Bridget O Sullivan tréimhse sa phríosún i mbliana maidir le cúis eile gur daoradh í ina leith sa Chúirt Dúiche i gCill Áirne. Ba ar an 20ú lá den mhí seo caite a scaoileadh saor ón bpríosún í. Tá sí le bheith os comhair na cúirte arís i nDroichead na Bandan ar an dara lá den mí seo chugainn.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Dún na nGall

Oidhreacht Rann na Feirste - Scéalaíocht, Filíocht agus Amhránaíocht le seoladh

Eoin Mc Garvey

DÉ hAoine seo 2ú Nollaig seolfaidh Neil Comer, Uachtarán Chomhaltas Uladh, Oidhreacht Rann na Feirste, leabhar agus dlúthdhiosca ar scéalaíocht, filíocht agus amhránaíocht na háite in Áislann Rann na Feirste ag 8.00in.

Tá an leabhar seo bunaithe ar léacht a thug Pádraig Ó Baoighill do Chumann Seanchais agus Staire Chloich Cheann Fhaola i nGort an Choirce in 2006. Ba sin an dara léacht chuimhneacháin ar Chonall Ó Domhnaill agus bhunaigh an t-údar an léacht ar oidhreacht agus dúchas Rann na Feirste, an áit ar fuineadh agus ar fáisceadh Conall Ó Domhnaill (Condaí Mhicí Hiúdaí) nach maireann.

Tá cur síos ann fá theaghlach cheolmhar Mhicí Hiúdaí, fán obair a rinne a dhearthair Hiúdaí Mhicí don cheol agus don tseanchas mar a rinne a fhear gaoil Aodh Ó Duibheannaigh a bhfuil amhráin dá chuid ar an dlúthdhiosca.

Tá amhráin ann chomh maith ó Chonnie Ó Gallchóir (Connie Mhary Mhicí) agus Sally Ní Ghallchóir, agus seanscéal ó scéalaí mór de chuid an bhaile Sorcha Chonaill Mhic Grianna chomh maith le filíocht de chuid an scéalaí mhóir eile, Mícheál Tharlaigh Mhóir agus Séamus Ó Domhnaill (a chum An Chéad Mháirt d'Fhómhar) aistrithe ag an údar.

Tá mórán eolais fá scéalaithe móra an bhaile mar Micí Sheáin, Annie Bhán agus Neidi Frainc, agus fá scéalaithe gan iomrá, cuid mhaith nár cuireadh i gcló riamh. Tá léiriú maith sa leabhar ar an dóigh a dtáinig an scéalaíocht, an fhilíocht agus an amhránaíocht anuas ó ghlúin go glúin agus tá an t-údar bródúil go bhfuil Club Óige Rann na Feirste go mór chun cinn ag cur an oidhreacht luachmhar seo chun cinn.

Is leabhar an-tábhachtach seo do na scoileanna agus d'aon duine a thug cuairt riamh ar Choláiste Bhríde Rann na Feirste agus cruthaíonn seo go bhfuil na healaíona dúchasacha chomh láidir agus a bhí riamh ar an bhaile.

Le cur leis an seoladh beidh oíche cheoil agus amhrán a stiúradh ag Tony Mac Ruairí, a bhuaigh Corn Cuimhneacháin Amhránaithe Sean-Nóis Chonamara ag Oireachtas na Samhna 2011.

Tá fáilte mhór roimh gach duine.

Iar-dheisceart an chontae gan leabharlann

Anton Mac Cába

TÁ an leabharlann a dhéanann freastal ar iar-dheisceart Dhún na nGall druidte. Tá ceantar mór Gaeltachta san áireamh. Níl anois leabharlann idir an Clochán Liath agus Baile Dhún na nGall. Is é an ceantar seo fód dúchais an scríbhneora Patrick McGill. Sin mar atá an scéal ó druideadh leabharlann na gCealla Beaga.

Druideadh leabharlann na gCealla Beaga cúpla seachtain ó shoin nuair a chuaigh an leabharlannaí páirt-aimseartha Sylvia Murrin amach ar pinsean. Níl Comhairle Contae Dhún na nGall ábalta leabharlannaí nua a earcú - mar go bhfuil cosc ar an tseirbhís phoiblí baill foirne nua a earcú.

Chomh maith le leabhair, tá áiseanna ríomhaireachta sa leabharlann. Tá sin tábhachtach nó gur calafort iascaireachta atá sna Cealla Beaga. Tá iascairí eachtrannacha ábalta dul i dteangmháil leis an bhaile ar an ríomhphost.

Dúirt Thomas Pringle TD go raibh an leabharlann níos gnóthaí ná riamh leis an mheathlú. "Sna hochtóidí, druideadh leabharlanna i bPaite Gabha agus Ráth Maoláin, agus níor osclaíodh arís iad," ar seisean. Dúirt urlabhraí thar ceann Chomhairle Contae Dhún na nGall go raibh an Chomhairle tiomanta do sheirbhís leabharlainne a chur ar fáil don phobal.

"Faoi láthair, tá an Chomhairle ag scrúdú roinnt roghanna le seirbhís a chur ar fáil sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma," arsa an t-urlabhraí. "Tá súil rogha inmharthanach bheith ar fáil go luath."

Cead forbartha ag Coláiste Adhamhnáin

Anton Mac Cába

THUG Comhairle Bhaile Leitir Ceanainn cead do Choláiste Adhamhnáin i Leitir Ceanainn scoil nua a

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Samhain, 2011

Dún na nGall

Aisteoir, Gael agus fear uasal as Gaoth Dobhair ar lár

Eoin Mac Garvey

FUAIR duine d'aisteoirí móra stáitse Thír Chonaill bás ag deireadh na seachtaine. Bhí Niall Ó Maolagáin as Machaire Clochair, Gaoth Dobhair 95 bliain d'aois.

Bhí aithne leitheadach ar 'Neily Mulligan', ní amháin ina cheantar dúchais, ach ar fud na tíre mar aisteoir, fear grinn, Gael agus fear uasal, ar ndóigh. Bhí saol fada agus sláinte mhaith aige thar na blianta ach le roinnt míonna anuas bhí sé ag éirí lag agus tuirseach de réir duine den teaghlach. Bhí baint anmhór ag Neily le haisteoirí Ghaoth Dobhair thar na blianta fada agus is iomaí gáire a bhain sé as an lucht féachana in amharclanna ar fud na tíre. Níl ach cúpla bliain ann ó bhí sé ar an stáitse in Ionad Cois Locha i nDún Lúiche i gcuideachta Francie Ó Duibhir as Gort an Choirce agus é i mbun a chuid 'maistíneacht stáitse' a d'fhág a lucht féachana ag cuarta tuilleadh den spórt agus den ghreann a bhí san fhear chéanna.

I ngach ceantar bíonn ainm duine greanta i gcuimhne daoine agus bhí ainm Neily Mulligan greanta i gcuimhne gach duine - óg agus aosta. Carachtar mór de chuid Ghaoth Dobhair a bhí ann agus duine a raibh meas ag gach duine air agus aige ar gach duine.

Neily Mulligan, in éineacht le Francie Diver ar clé, agus é ar an ardán ag ceolchoirm ómóis do Phroinsias Ó Maonaigh i nDún Lúiche roinnt blianta ó shin. PIC: EOIN MC GARVEY

Peileadóir den scoth a bhí ann chomh maith agus is minic a bhuail sé an liathróid ar son Ghaoth Dobhair ar pháirceanna an chontae.

D'obair sé mar mhaor ar na bóithre le Comhairle Contae Dhún na nGall, rud arís a chuir i gcomhluadar daoine é agus ba sin an t-am is sásta a bhí Neily nuair a bhíodh sé ag comhrá le daoine. Bhí sé ina Uachtarán ar Chumann an Bhun Bhig de Fhianna Fáil.

Rinne TG4 clár faisnéise air dhá bhliain ó shin agus is minic a bhíodh sé le cluinstin ar RTÉ Raidió na Gaeltachta chomh maith.

Is caill mhór a bhás dá bhean chéile Mary, dá cheathrar mac, dá thriúr iníon, dá theaghlach iomlán, do phobal Ghaoth Dobhair agus do gach duine a raibh aithne acu air.

Cuireadh é i reilig Mhachaire Gathlán é i ndiaidh aifrinn i dteach pobal Mhuire sna Doirí Beaga Dé Luain.

thógáil fá choinne 900 dalta.

Is lámh leis an scoil reatha a thógfar é. Tá síneadh a tógadh in 1979 le leagadh.

Tá Coláiste Adhamhnáin, a tógadh in 1904, ina struchtúr atá faoi chosaint. Roimhe sin, bhí an chéad eaglais Chaitliceach ar an bhaile i ndiaidh na bPéindlíthe lonnaithe ar an suíomh. Osclaíodh ar dtús é mar chliarscoil do Dheoise Ráth Bhoth. Ba scoil chónaithe go dtí 1992 é.

I measc na mac léinn ba chlúití dá raibh ann, bhí an scríbhneoir Seosamh Mac Grianna.

Dar le Claire McCallan, oifigeach caomhnaithe Chomhairle Chontae Dhún na nGall, nach raibh an t-iarratas inghlachta mar ní dhearna sé an suíomh a chosaint agus go raibh an iomarca forbartha ar shuíomh cúng. Mar sin féin, thug na pleanálaithe cead dó. Faoi láthair, tá Coláiste Adhamhnáin ar cheann den bheagán meánscoileanna do ghasúir amháin in iarthar na tíre.

Aontroim

Méadú ar líon na gcimí

Anton Mac Cába

TÁ méadú mór tagtha ar líon na bpríosúnach ó thuaidh le cúig bliana anuas. Tá méadú suntasach i ngach ceann den cheithre phríosún.

In 2006, bhí ar an mheán 773 cime i Maigh gCabraí, an príosún is mó. Coicís ó shin, bhí 995 ann. Cúig bliana ó shin, bhí 39 i bpríosún na mban in Hydebank. Coicís ó shin, bhí 61 ann. I gcás Aird Mhic Giollagáin i gContae Dhoire, mar a bhfuil an leibhéal slándála níos ísle, bhí méadú ó 409 go 516. Is ar líon na bhfear óg, a choinnítear in Hydebank, a tháinig an méadú is lú, 198 go 230.

Ní fios go díreach cad chuige a bhfuil an méadú seo ann. Tugtar le fios i dtuarascáil bhliantúil 2010 Sheirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann go raibh líon níos lú coireanna ann le hais 1998-9.

Dar leis an tuarascáil, tháinig athrú ar an saghas coire thar an tréimhse sin. I 1998-9, ba choireanna foréigneacha in éadan an duine 20% de na coireanna.

In 2010-11, ba 31% den iomlán coireanna den chineál seo.

Lainseáil RITH 2012 curtha ar ceal

Katie McGreal

TÁ lainseáil Bhéal Feirste den fhéile náisiúnta Gaeilge RITH 2012, a bhí le tarlú inniu i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich ar Bhóthar na bhFál curtha ar ceal de bharr na stailce poiblí. Cuirfear é ar siúl ar an Déardaoin seo chugainn, 8 Nollaig in ionad.

Cuirfidh bainisteoir RITH 2012, Cóilín Ó Cearúil pleananna na bliana seo chugainn i láthair ag an lainseáil agus beidh deis ag daoine ceisteanna a chur. Bunófar fo-choiste Bhéal Feirste freisin.

Beidh an fhéile ar siúl 8-17 Márta 2012, i rith Sheachtain na Gaeilge. Tá cúrsa 1000 ciliméadar leagtha amach chun ollrith sealaíochta, ó mhaidin go hoíche, a dhéanamh ó Ghaoth Dobhair go hInis Mór thar 10 lá agus beidh daoine ó thart ar 200 baile éagsúil timpeall na tíre páirteach ann.

Beidh ar na rannpháirtithe baitín sealaíochta lámhdhéanta agus a mbeidh teachtaireacht folaithe istigh ann a iompar agus iad ag rith. Léifear amach an teachtaireacht tacaíochta seo don Ghaeilge ar Lá Fhéile Phádraig in Inis Mór, Árainn.

Is bealach nua é Rith 2012 chun teanga agus cultúr na Gaeilge a cheiliúradh go feiceálach i bpobail ar fud na hÉireann agus airgead á bhailiú d'fhorbairt na Gaeilge ag an am céanna. Bhí an chéad fhéile den chineál seo ar siúl in 2010 agus ghlac 20,000 duine páirt ann.

Ard Mhacha

Seoladh leabhar in Ard Mhacha

Katie McGreal

SEOLFAIDH Antaine Ó Donnaile agus Seán Mac Cionnaith ó Ard Mhacha a gcuid leabhar in Ionad Eamhain Mhacha ag 7in Dé Sathairn, 3 Nollaig. Seolfaidh Ó Donnaile a chnuasach filíochta, 'Urú Gealaí Goirme' agus seolfaidh Mac Cionnaith a leabhar úr 'Mar a Déarfá'. Coiscéim a d'fhoilsigh an dá leabhar. Beidh an Dr Diarmuid Ó Doibhlin i láthair ag an ócáid le caint a thabhairt ar shaothar Eoghain Uí Dhonnghaile, file ceannródaíoch as Ard Mhacha a bhí ina shagart i bparóiste Ard Mhacha sa bhliain 1683.

Tá fáilte roimh chách.

An Dún

Cruinniú Poiblí Gaeilge ag an Bhord Póilíneachta san Iúr

Katie McGreal

BHÍ an tríú cruinniú poiblí Gaeilge ag Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann aréir i dTeach Éigse Sheáin Uí Chuileannáin san Iúr, Co. An Dúin. Labhair Leas-Chathaoirleach an Bhord Póilíneachta, Gearóid Ó hEára ag an ócáid faoi obair an Bhord Póilíneachta. Rinne ionadaithe ó SPTÉ (PSNI) cur i láthair faoin obair a dhéanann siad sa cheantar agus rinneadar plé ar rudaí a bhaineann le lucht na Gaeilge san Iúr.

Bhí deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur i ndiaidh gach cur i láthair. Ag tús na hoíche, chuir Méara Chomhairle an Iúir agus Mhúrn, an Comhairleoir Charlie Casey fáilte roimh gach duine agus bhí Déaglán Ó Mocháin mar éascaitheoir ar an oíche.

Táthar ag eagrú na gcruinnithe seo mar chuid de straitéis teagmhála leis an phobal agus eagraíodh an ceann áirithe seo i gcomhpháirt le Comhairle an Iúir agus Mhúrn. Táthar ag súil go gcuirfidh na cruinnithe leis na hiarrachtaí deachaidreamh a chothú idir an SPTÉ agus cainteoirí Gaeilge na háite.

Bhí cluasáin agus ateangaire ann d'aon duine a bhí á lorg.

Antaine Ó Donnaile a sheolfaidh a chnuasach filíochta 'Urú Gealaí Goirme' in Ard Mhacha an Satharn seo.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

I láthair ag an seoladh i gCeol-Acadamh Ríoga na hÉireann le déanaí, bhí triúr de na hamhránaithe ban atá le cloisteáil ar an albam nua 'Amhráin Ghrá'. Ó chlé go deas: Kathleen Watkins, Deirdre Ní Fhloinn-Kelleher, Fionnuala Mac Lochlainn agus Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Gael Linn. Tá an t-albam nua le fáil ar lipéad Gael Linn.

Ó chlé go deas: Kate Ní Dhonncha-Uí Bhroin in éindí leis na hamhránaithe Eilís Ní Chonghaile agus Orla Ní Fhinneadha, an bheirt a tháinig sa tríú háit i gComórtas Amhránaíochta ar an Sean-Nós ag Féile na Mí i Ráth Chairn le déanaí.

Colm Ó Cinnseala, Pleanálaí Teanga do cheantar an Spidéil, ag bronnadh duais Ghlór na nGael ar Natasha Ní Ghamhnáin, dalta Ardteiste ó Choláiste Chroí Mhuire, an Spidéal. Is í Natasha a dhear an lógó do Phlean Teanga an Spidéil.

Cormac Ó Braonáin (22 mí), as Indreabhán, ag cur suime i bpictiúrleabhar nua do pháistí, "Cáca don Rí" a seoladh i nGaelscoil Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach, Gaillimh Dé hAoine seo caite. Is é Cáca don Rí an dara leabhar atá foilsithe ag Ailbhe Nic Giolla Bhrighde leis na foilsitheoirí 'Futa Fata'. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

Clodagh Evans, as Maigh Dearmhaí i gCo. na Mí, atá dhá bhliain go leith d'aois, ag spraoi le linn an cheiliúrtha an tseachtain seo caite ar an obair fhoilsitheoireachta atá ar siúl ag an Gúm le bliain anuas.

Roinnt den slua a d'fhreastail ar fhéile scéaldrámaíochta a d'eagraigh an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta sna Dúnaibh, Tír Chonaill an deireadh seachtaine seo caite. Ó chlé go deas: Micheál Ó Tuairisg, Corr na Móna, Conamara; Séamus Mac Conmidhe, Carn Tóchair, Co. Dhoire; Máire Nic Cathmhaoil agus Máire Uí Dhochartaigh, Árainn Mhór, agus Proinsias Ó Cuilinn, na Dúnaibh.

Bronnadh Teastas i gConamara: Fionnuala Ní Ghiobúin (Camus) agus Gearóid Ó Dubháin (an Aird Mhóir) in éindí lena n-iníon, Sadhbh, in Ionad Chuimhneacháin an Phiarsaigh i Ros Muc an tseachtain seo caite. Ag an ócáid, bhronn Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Teastas an Chlár Gníomhachtúcháin Saothair i gCill Chiaráin, FETAC Leibhéal 3, ar Ghearóid. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

CÚRSAÍ SAOIL

Lapa cúnaimh na

Ní hionann madra agus peata i gcónaí, is féidir leo a bheith ina n-áis tacaíochta agus compoird dóibh siúd a bhfuil uathachas orthu.

Treasa Bhreathnach

IS iomaí madra a fheictear ar na sráideanna agus iad ina gcabhair acu siúd atá dall nó a bhfuil fadhbanna radhairc acu. Cuireadh tús le madraí treorach a thraenáil tar éis an Chéad Chogadh Domhanda agus faoi na 1970í bhí madraí cúnaimh á dtraenáil do dhaoine le héagsúlacht ollmhór míchumas taobh amuigh d'fhadhbanna radhairc.

Cé gurb é an pór labradór atá aitheanta go traidisiúnta le ról an mhadra threorach, tá neart pór eile ann atá ábalta cabhair a thabhairt do dhaoine atá faoi míchumas. Is féidir le madra cúnaimh a bheith ina chabhair go sonrach dóibh siúd atá ag fulaingt le galair nó le neamhoird faoi leith, uathachas *(autism)* mar shampla. Cé gur forbairt sách nua í seo i réimse na madraí cúnaimh in Éirinn, is forbairt í atá ag dul i neart gach bliain.

Tá tábhacht na madraí cúnaimh dóibh siúd le huathachas aitheanta in Éirinn le 6 bliana anuas ag Cumann na hÉireann um Madraí Treorach (Irish Guide Dogs Association). Déanann an Cumann an pór labradór den chuid is mó a thraenáil le haghaidh ról an mhadra chúnaimh, ach baineann siad úsáid as pórtha eile chomh maith: alsáiseach, an labradoodle (crosphórú den labradór agus den phúdal) agus an goldendoodle (crosphórú den aimseadóir buí agus den phúdal), a bhfuil gruaig in áit fionnaidh acu, rud a chiallaíonn go bhfuil siad feiliúnach mar mhadra cúnaimh do dhaoine a bhfuil ailléirgí le madra acu. Le 6 bliana anuas tá Cumann na hÉireann um Madraí Treorach tar éis 180 madra cúnaimh a chur ar fáil do pháistí le huathachas ó cheann ceann na tíre.

Dar le Cumann Uathachais na hÉireann, is éard atá i gceist le huathachas ná neamhord *(disorder)* a bhaineann le forbairt néarach agus a bhfuil tionchar aige ar chaidreamh sóisialta an duine. Bíonn fadhbanna le scileanna cumarsáide agus le caidrimh a chothú le daoine ag daoine a bhfuil uathachas orthu. Bíonn fadhbanna acu chomh maith le forbairt scileanna teangeolaíochta agus in úsáid agus tuiscint ar choincheapa teibí. Léirítear an neamhord seo i ngníomhaíochtaí athchleachtacha, agus i ndiúltú glacadh le hathruithe beaga i ngnáthaimh an lae. Léirítear uathachas níos minice i mbuachaillí ná cailíní.

Cé nach bhfuil aon fhigiúr cinnte faoin méid daoine in Éirinn atá ag fulaingt leis an neamhord, fógraíodh le déanaí sa Bhreatain go bhfuil duine i ngach 166 ag fulaingt le huathachas, agus ceaptar nach bhfuil na figiúirí mórán difriúil in Éirinn. I Meiriceá, mar shampla, is é an 3ú neamhord forbartha is coitianta sa tír é le beagnach 400,000 ag fulaingt leis.

Cé nach bhfuil aon fhigiúr cinnte faoin méid daoine in Éirinn atá ag fulaingt leis an neamhord, fógraíodh le déanaí sa Bhreatain go bhfuil duine i ngach 166 ag fulaingt le huathachas, agus ceaptar nach bhfuil na figiúirí mórán difriúil in Éirinn. I Meiriceá, mar shampla, is é an 3ú neamhord forbartha is coitianta sa tír é le beagnach 400,000 ag fulaingt leis.

Is neamhord géiniteach den chuid is mó atá i gceist le huathachas agus níl aon bhaint ag an gcaoi a dtógtar páistí leis an seans go mbeidh an neamhord orthu. De ghnáth tugtar an galar faoi deara sula mbíonn an páiste 3 bliana d'aois, mar gheall ar fhorbairt an pháiste a bheith beagán mall i gcomparáid le páistí eile ar comhaois leo. Is ag an am seo, go hiondúil, a dhéantar tástáil ar an bpáiste chun fianaise den neamhord a chinntiú. Tá speictream an uathachais iontach leathan agus mar sin is féidir leis an neamhord tionchair éagsúla a bheith aige ar dhaoine éagsúla ag brath ar cén áit sa speictream a dtagann an cineál uathachais atá acu.

Ní bhíonn tionchar an neamhoird riamh mar an gcéanna ar aon bheirt pháistí, mar sin is féidir roinnt de na hairíonna atá aitheanta le huathachas a bheith acu nó iad uilig. Léiríonn an neamhord é féin ar bhealaigh difriúla. D'fhéadfadh sé gur fearr leis an bpáiste am a chaitheamh leis nó léi féin agus nach bhfuil mórán suime acu i gcairde a dhéanamh. D'fhéadfadh racht feirge teacht orthu go minic, nó gan iad a bheith aireach dá gcuid sábháilteachta féin. In amanna eile d'fhéadfadh siad a bheith foréigneach ina gcuid iompair agus bíonn an baol ann go ngortóidh siad iad féin nó daoine eile. Bíonn fadhbanna cumarsáide agus codlata acu agus is minic a dhéanann siad neamhaird ar dhaoine eile nó ar a dtimpeallacht.

As siocair go mbíonn faitíos ar roinnt páistí le huathachas roimh an domhan timpeall orthu, déanann siad iarracht cloí le gnáthchleachtais laethúla nó a bheith dírithe ar bhréagán áirithe chun seasmhacht éigin a thabhairt dóibh. Is féidir leis an iompraíocht seo a bheith deacair do mhuintir an té le huathachas mar go minic caithfidh siadsan géilleadh d'éilimh an pháiste.

Is dúshlán mór é ag páistí le huathachas déileáil leis an domhan mórthimpeall orthu. Nach bhfuil an baol ann mar sin gur dúshlán sa bhreis a bheadh i madra cúnaimh dóibh? Bíonn nasc láidir idir úinéir peata ar bith agus an peata féin, mar sin an bhfuil sé níos deacra ag páistí le huathachas déileáil le bás madra, coincheap atá chomh teibí agus atá ann?

Deir Ken Brydon, bainisteoir oibríochtaí i gCumann na hÉireann um Madraí Treorach, "Go dtí seo sa chlár madraí cúnaimh d'uathachas, ní bhfuair aon cheann dár madraí bás. Baineann National Service Dogs Canada úsáid as madraí cúnaimh uathachais agus tá taighde déanta acu ar an gceist seo. Ó thosaigh siadsan ar a gclár madraí cúnaimh uathachais, tá triúr de na madraí tar éis bás a fháil. Síleann siad nach bhfuil greim láidir go leor ag na páistí le huathachas ar choincheap an bháis agus nár thuig siad go hiomlán céard a bhí i gceist leis, agus dá bharr, nach raibh an tionchar chomh holc sin." Is í an eagraíocht

madraí

National Service Dogs Canada an chéad eagraíocht ar domhan a raibh sé ar a gcumas acu madraí cúnaimh a sholáthar do pháistí le huathachas.

Nuair a bhunaigh Cumann na hÉireann um Madraí Treorach a gclár madraí cúnaimh in 2005, ba é an chéad cheann dá leithéid san Eoraip. Is é ceann de na fáthanna gur thosaigh siad ar an mbóthar seo ná mar gheall ar bhean as Corcaigh a bhfuil páiste le huathachas aici. Tháinig sí chucu agus í ag cuardach madra cúnaimh uathu, rud nach raibh d'acmhainn ag an gCumann a sholáthar ag an am. Threoraigh an bhean áirithe seo as Corcaigh iad i dtreo National Service Dogs Canada, áit ina raibh madraí cúnaimh á dtraenáil ag an am.

Deir Ken Brydon, "Bhí sé go hiontach dúinn dul ag breathnú ar an gclár seo i gCeanada mar gur thosaigh siad amach ar dtús mar theagascóirí madraí treorach, díreach cosúil linn féin. Ag an am i gCumann na hÉireann um Madraí Treorach bhí roinnt mhaith dár madraí nach raibh feiliúnach a bheith ina madraí treorach tar éis dóibh an clár traenála a chríochnú, agus bhí orainn iad a dhíol mar pheataí ansin, rud a chiallaigh go ndeachaigh an traenáil sin ar fad amú. Leis an gclár nua seo, agus lenár gcláir eile, 'madraí compánaigh', bhí muid in ann na madraí sin nár chríochnaigh an clár do mhadraí treorach a úsáid."

Déanann Cumann na hÉireann um Madraí Treorach a gcuid madraí ar fad a phórú iad féin. Nuair atá na coileáin 8 seachtaine d'aois téann siad chuig teaghlach uchtaithe go dtí go mbíonn siad timpeall 15 mhí d'aois. Is ag an am sin a thosaíonn an traenáil do mhadraí cúnaimh. Bíonn clár traenála 20 seachtain i gceist. Caitheann teagascóirí 5 lá leis na madraí in ionad traenála an Chumainn i gCorcaigh le grúpa de cheathrar tuismitheoirí. Is ag an ionad traenála a fhaigheann na tuismitheoirí tuiscint ar iompraíocht na n-ainmhithe. Faigheann siad eolas ar na horduithe don mhadra agus is ann a thugtar tuiscint dóibh ar thábhacht a nglórtha agus iad ag tabhairt na n-orduithe don mhadra. Tar éis an chúig lá traenála leis na tuismitheoirí, déantar traenáil leis na páistí ina dtithe féin, áit a bhfuil siad compordach ann agus a bhfuil eolas maith acu air.

Bíonn Cumann na hÉireann um Madraí Treorach ag freastal ar pháistí le huathachas suas go dtí 8 mbliana d'aois. "Is é an fáth go bhfuil uasteorainn aoise i gceist ná ar mhaithe le sábháilteacht na bpáistí agus na madraí mar nuair a éiríonn na páistí níos sine bíonn siad róláidir do na madraí," a deir Ken. Míníonn sé an dóigh an n-oibíonn na madraí agus páistí amuigh ag siúl. "Bíonn crios thart timpeall ar choim na bpáistí agus é ceangailte leis an madra, díreach cosúil le coniall (lead). Nuair a tharraingíonn an páiste ar an gcrios, tá an madra traenáilte chun cur isteach ar phatrún iompraíochta an pháiste a d'fhéadfadh é nó í a chur i gcontúirt. Is cabhair ollmhór é seo do thuismitheoirí dá mbeadh an baol ann go rithfeadh an páiste amach sa trácht, nó dá rithfeadh siad uathu agus iad in ionad siopadóireachta, mar shampla."

Do pháistí níos sine nó daoine fásta a bhfuil uathachas orthu, tá clár eile ag Cumann na hÉireann um Madraí Treorach dar teideal 'madraí compánaigh' (companion dogs). Tá idir 20 agus 30 madra compánaigh le teaghlaigh áirithe faoi láthair fud fad na tíre. Ní hamháin go bhfuil na madraí compánaigh ar fáil dóibh siúd le huathachas ach dóibh siúd le míchumas nó riachtanais speisialta eile.

Ní bhíonn an iompraíocht chéanna le feiceáil in aon bheirt pháistí le huathachas agus ní bhíonn na buntáistí céanna ag baint le haon dá mhadra cúnaimh uathachais ach oiread. Is féidir leis na madraí seo cabhrú leis an bpáiste níos mó neamhspleáchais a bhaint amach, a chinntiú go bhfuil an páiste féin níos sábháilte, múineadh don pháiste faoi dhualgais, agus cabhrú leo a scileanna cumarsáide a fhorbairt. Ach, taobh leis sin, is féidir leis na madraí a bheith ina gcairde ag na páiste, suaimhneas a thabhairt dóibh, a bhfonn ionsaithe a ísliú, agus cabhrú leo ciall a bhaint as an domhan mórthimpeall orthu, agus a gcaidreamh leis an domhan céanna a dhéanamh níos éasca.

Deir Ken Brydon, "Tagann deireadh le saol oibre an mhadra nuair atá siad timpeall 9 mbliana d'aois agus téann siad ar scor ag an am sin. Cé go bhfuil deireadh lena saol oibre, níl deireadh leis an gcaidreamh atá acu leis an bpáiste agus fanann siad leis an teaghlach sin mar pheata as sin amach."

Bíonn costas mór ar Chumann na hÉireann um Madraí Treorach le madra cúnaimh a thraenáil, idir €30,000 agus €34,000 in aghaidh an mhadra. Is eagraíocht charthanach é agus bíonn 85% dá mhaoiniú ag brath ar fhlaithiúlacht an phobail. Cuireann údaráis éagsula an stáit an 15% eile ar fáil dóibh. Ag deireadh na bliana seo, beidh bille de thimpeall €4 mhilliún acu agus iad ag iarraidh an eagraíocht a reáchtáil ar feadh na bliana.

Más mian libh tuilleadh eolais a fháil faoi mhadraí cúnaimh uathachais, nó más mian libh iarratas a dhéanamh do mhadra cúnaimh, téigh chuig suíomh idirlín Chumann na hÉireann um Madraí Treorach, www.guidedogs.ie. Is féidir dul i dteagmháil leis an gCumann trí ghlaoch a chur ar 1850 506 300 nó ríomhphost a sheoladh chuig info@guidedogs.ie.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Ceapadóireacht
AISTE: Tionchar an ríomhaire ar shaol an lae inniu

Níl dabht ar bith ach gur mór an tionchar a bhíonn ag an ríomhaire ar shaol an lae inniu. Tríocha bliain ó shin ba bheag trácht a bhí ar an ríomhaire mar áis nuatheicneolaíochta cé go raibh ré an ríomhaire tagtha, fiú ag an am sin. Ach, de réir a chéile, mhéadaigh tionchar an ríomhaire i measc lucht ghnó agus i measc an phobail i gcoitinne. Is beag gnó atá ag feidhmiú sa tír seo i láthair na huaire gan chabhair an ríomhaire. Is beag teach cónaithe nach bhfuil ríomhaire istigh ann. Is beag duine faoi bhun trí scór bliain nach bhfuil in ann an ríomhaire a úsáid.

An deathionchar nó drochthionchar atá ag an ríomhaire ar shaol an lae inniu? Ceist mhór í sin agus is ceist í gur deacair í a fhreagairt, i ndáiríre. Tá fuath nimhneach ag daoine airithe do Bill Gates, Rí an Ríomhaire, de bharr gur chuir sé tús le réabhlóid nuatheicneolaíochta, réabhlóid nach dtaitníonn le chuile dhuine. Iad siúd a deir gur deathionchar atá ag an ríomhaire i saol an duine, bíonn siad ag caint faoi chomh háisiúil is atá an ríomhaire agus na buntáistí go léir a ghabhann leis. Is féidir an t-idirlíon a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le gaolta agus cairde ar fud an domhain. Baintear leas as an ríomhphost chun teachtaireachtaí a sheoladh go tapa is go héifeachtach i gcúrsaí gnó. Baintear úsáid as an ríomhaire i gcúrsaí gnó, in aerphoirt, i stáisiúin thraenacha, ar bord loinge agus mar sin de. Úsáideann na Gardaí an ríomhaire le heolas a bhailiú agus a stóráil. Feiceann tú daoine anois ag obair go dian ar an ríomhaire glúine agus iad ag taisteal ar an traein nó ar an mbus nó ar bord eitleáin.

Is áis iontach í an ríomhaire is aithníonn gach éinne na buntáistí a ghabhann leis. Múintear cúrsa ríomhaireachta i mbeagnach gach scoil in Éirinn um an dtaca seo agus is áis iontach foghlama é an ríomhaire agus is feidir le daltaí scoile eolas a fháil ar an idirlíon dá dtograí agus dá gceachtanna baile. Anuas ar seo, is iontach go deo an gléas é an ríomhaire le haghaidh cluichí agus le haghaidh siamsaíochta. Múineann an ríomhaire scileanna éagsúla do dhaoine óga, scileanna a dteastódh go géar uatha ina saol oibre nuair a bheidh an scoil fágtha acu.

Bheinn anseo go maidin dá dtosóinn ag lua buntáistí an ríomhaire i gcúrsaí gnó, i gcúrsaí foilsitheoireachta, sna meáin chumarsaide, i gcúrsaí taistil, i gcúrsaí tionscalaíochta agus mar sin de. Glactar leis go bhfuil an ríomhaire fíor-úsáideach sna réimsí seo go léir.

Mar sin féin níl an ríomhaire gan locht. Is cinnte go mbíonn drochthionchar aige freisin ar shaol an lae inniu. Glactar leis go gcruthaionn sé difhostaíocht i margadh na hoibre. Déanann an ríomhaire an obair a dhéanadh an duine daonna daichead bliain ó shin. Anuas ar seo, is gléas neamhphearsanta é agus ní thaitníonn sé le daoine áirithe ar an ábhar sin. An locht is mó a bhaineann leis an riomhaire ná go bhféadfadh sé daoine, go hairithe daoine óga, a thruailliú go háirithe ó tháinig an t-idirlíon ar an saol. Bíonn ionaid phornagrafaíochta ar fáil go héasca ar an idirlíon agus is minic a bhíonn páistí agus daoine óga in ann teacht orthu gan stró ar bith i ngan fhios dá dtuismitheoirí. Bíonn daoine gránna agus daoine gan puinn scrupaill in ann teagmháil a dheanamh leis na daoine óga seo agus iad a mhealladh ar bhóthar a n-aimhleasa. Mar sin, tá sé soiléir go mba chóir súil ghéar a choinneáil ar dhaoine óga agus iad i mbun an ríomhaire.

É sin ráite, ar nós an ghutháin phóca, tá an ríomhaire linn go buan um an dtaca seo is caithfimid dul i dtaithí air agus é a úsáid ar mhaithe linn féin agus lenár ndaoine óga.

● Tá fuath nimhneach ag daoine airithe do Bill Gates, Rí an Ríomhaire

Prós Ainmnithe don Ardteist 2012:
Gearrscannán: Cáca Milis

Achoimre ar an scannán

Tugann Catherine aire dá máthair atá i gcathaoir rotha. Duine mífhoighneach, cantalach í agus is fuath léi na dualgaisí a bhaineann le cúram a máthar.

Fágann sí an cúram sin faoi Nóra, an altra, agus téann sí ar thuras traenach. Tagann fear dall, Paul, agus suíonn sé ag an mbord céanna léi.

Tá Catherine ag léamh leabhair. Cuireann an fear seo déistin uirthi. Ní theastaíonn uaithi labhairt leis ná aon bhaint a bheith aici leis.

Labhraíonn Paul le Catherine mar sin féin agus agus iarrann sé uirthi ceist a chur air faoina bhfuil le feiscint trí fhuinneog na traenach. Freagraíonn Paul an cheist i gceart ach insíonn Catherine dó go bhfuil dul amú air agus tugann sí cuntas bréagach dó faoina bhfuil le feiscint tríd an bhfuinneog.

Bíonn Paul trína chéile nuair a chloiseann sé é sin.

Tosaíonn Paul ag ithe cáca mhilis agus déanann sé iarracht cuid de a thairiscint do Catherine ach diúltaíonn sí aon chuid de a ithe.

Ansin deir sí leis go bhfuil péist bhándearg sa chíste agus go bhfuil cuid di ite aige. Scanraíonn sí Paul agus tagann racht asma air. Lorgaíonn sé an t-analóir ach bogann sí uaidh é. Tá an chuma ar Paul go bhfuil sé á thachtadh agus go bhfaighidh sé bás.

Agus an chuma ar Paul go bhfuil sé marbh, éiríonn Catherine ina seasamh agus fágann sí an traein.

Ceist le freagairt

Ar thaitin an gearrscannán Cáca Milis leat? Cuir fáthanna le do thuairim. Is leor dhá fháth.

Níor thaitin an scannán seo liom. Seo iad na fáthanna:

(a) Ceapaim go bhfuil an scannán i bhfad ró-ghearr. Níl aon fhorbairt déanta ar na carachtair Catherine agus Paul. Ní chreidim go bhféadfadh duine ar bith rud chomh gránna leis an rud a rinne Catherine a dhéanamh do strainséir. Ní raibh aithne dá laghad ag Catherine ar Paul. Ar an ábhar sin ceapaim nach bhfuil plota an scannáin ró-mhaith. Ba cheart go mbeadh an scannán i bhfad níos faide ionas go gcreidfinn na heachtraí a tharlaíonn ann.

(b) Ceapaim go bhfuil an iomad foréigin sa scannán. Ní foréigean nádúrtha atá ann ach an oiread. Ní chreidim go bhféadfadh Catherine a bheith chomh cruálach agus chomh gránna agus atá sí. Bhí an rud a rinne sí do Paul mailíseach agus mínádúrtha. Ach níos tábhachtaí ná sin bhí sé dochreidte freisin, dar liom.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Cúinne na Gramadaí 11:
An tUrú

(i) Urú ar Ainmfhocail

- Ar lorg na n-uimhreacha **seacht, ocht, naoi, deich**
  ms. ocht mbliana déag d'aois; naoi gcéad; deich n-asal srl
- Ar lorg na n-aidiachta sealbhacha **ár, bhur, a**
  ms. ár n-athair; bhur dtuismitheoirí; a gcótaí srl
- Ar lorg an réamhfhocail 'i'
  ms. i gcruachás; i mBaile Átha Cliath; i dTrá Lí; i gcead duit srl
- Sa Tuiseal Tabharthach Uatha ar lorg na réamhfhocal agus an ailt
  ms. leis an mbuachaill; ar an mballa; faoin mbord; as an ngnáth; ón gcailín srl
- Sa Tuiseal Ginideach, Iolra
  ms. Sliabh na mBan; Carraig na bhFear; trasna na dtonnta; ceol na n-éan srl
- I ndiaidh réamhfhocal áirithe
  ms. ar ndóigh; ar gcúl; ar dtús; go bhfios (dom) srl

(ii) Urú ar Bhriathra

- I ndiaidh na míreanna **an, nach, go, cá**
  ms. an bhfaca tú? nach dtuigeann tú? deir sí go mbeidh sí déanach; cá bhfuair tú é sin? Srl
- I ndiaidh na gcónasc **dá, mura, sula**
  ms. dá mbeadh seans agam; mura dtagann sí; sula n-éiríonn siad
- I ndiaidh an fhorainm choibhneasta **'a'**
  ms. an cailín a bhfuair a hathair bás; an sráidbhaile as a dtáinig Bob Dylan srl
- I ndiaidh faorainm coibhneasta an méid **'a'**
  ms. is leat a bhfuil agam; ólann sé gach a dtuilleann sé srl

Samplaí

(i) Cheannaigh sí naoi bpéire bróg agus seacht ngúna.
(ii) Ba cheart go mbeadh gach éinne suite um an dtaca seo.
(iii) Muna dtagann Seosamh rachaidh mise go dtí an phictiúrlann.
(iv) Níl tuairim dá laghad agam cén treo as a dtáinig an ghaoth.
(v) Tá ceo ar bharra na gcnoc ar maidin.

Cleachtaí (foilseofar na freagraí an tseachtain seo chugainn)

(i) Léim siad as (a: craicne) nuair a chuala siad guth an phríomhoide.
(ii) Chuaigh sé céim amháin chun tosaigh agus dhá chéim (ar: cúl).
(iii) D'fhág Síle (a: cóta) ar an (cathaoir) ach d'fhág Seán agus Pól (a: cótaí) ar an (bord).
(iv) Caithfimid (ár: dícheall) a dhéanamh sula (tagann) Diarmaid.
(v) Tá cónaí ar Dhónall i (Gaillimh) agus tá cónaí ar Shíle i (Tír Chonaill).

Freagraí ar CnaG 10

(i) de gheit
(ii) don chailín . . . a huncail . . . a haintín
(iii) Má cheannaíonn
(iv) Sular chaill . . . chrosta
(v) De bharr . . . Scoil Bhríde . . .

Ceapadóireacht
Scéal/Eachtra

Déan cur síos ar an uair a fuair tú suim mhór airgid caillte ar thaobh na sraide

Bhí mé ag teacht abhaile ón scoil Dé Luain seo caite. Chuaigh mé isteach i siopa agus cheannaigh mé barra seacláide. Lean mé orm ag siúl agus mé ag ithe na seacláide ag an am céanna. Nuair a bhí an barra ite agam chuir mé an fillteán isteach sa bhosca bruscair. Chonaic mé vallait caite ansin in aice leis an mbosca bruscair. Bhí €700 istigh ann agus cárta Visa ina theannta.

Thóg mé an vallait abhaile liom. Thaispeáin mé do mo thuismitheoirí í. Dúirt siad liom í a thabhairt síos go dtí Stáisiún na nGardaí láithreach bonn. Seo liom síos agus thug mé don nGarda í. Dúirt mé leis cá bhfuair mé í. Bhí sé anbhuíoch díom. Dúirt sé liom suí síos. D'imigh sé uaim ar feadh tamaill.

Nuair a d'fhill sé bhí aoibh an gháire ar a aghaidh. 'Bhí mé ag labhairt leis an bhfear ar leis an vallait sin anois díreach', ar seisean. 'Dúirt sé liom gur chaill sé í ar a bhealach thar n-ais chuig an oifig inniu. Tá áthas an domhain air go bhfuarthas í. Gheall sé go dtabharfadh sé €70 duit nuair a bhaileoidh sé í. Tá sé ar a bhealach anseo anois. Beidh sé anseo i gceann trí nóiméid.'

D'fhan mé mar a raibh agam. Tháinig an té ar leis an vallait. Bhí ríméad air an vallait a fháil thar n-ais. Thug sé €70 mar chúiteamh agus d'imigh mé abhaile go sona sásta.

Filíocht

Droimeann Donn Dílis

A dhroimeann donn dílis,
A shíoda na mbó,
Cá ngabhann tú san oíche
Is cá mbíonn tú sa ló?
Bíonn mise ar na coillte
Is mo bhuachaill im chomhair,
Agus d'fhág sé siúd mise
Ag sileadh na ndeor.

Níl fearann, níl tíos agam,
Níl fíonta ná ceol,
Níl flatha im choimhdeacht,
Níl saoithe ná sló;
Ach ag síoról an uisce
Go minic sa ló,
Agus beathuisce is fíon
Ag mo naimhde ar bord.

Dá bhfaighinnse cead aighnis
Nó radharc ar an gcoróin,
Sasanaigh do leadhbfainn
Mar do leafhbfainn seanbhróg,
Trí chnoca, trí aillte
Is trí ghleannta dubha ceo
Agus siúd mar a bhréagfainnse
Mo Dhroimeann donn óg.

Ceisteanna

A (Buntuiscint)
(i) Cá mbíonn an droimeann san oíche agus i rith an lae?
(ii) Cad a bhíonn le hól ag naimhde na droiminne?
(iii) Dá bhfaigheadh an droimeann cead troda, cad a dhéanfadh sí do na Sasanaigh?

B (Léirthuiscint Ghinearálta)
(i) An dóigh leat gur dán meafarach (ie. dán a bhfuil níos mó ná brí amháin leis) an dán seo? Tabhair dhá fháth le do fhreagra.
(ii) Cén saghas duine é an file, dar leat, a chum an dán seo?
(iii) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Cuir fáthanna le do thuairim. Is leor dhá fháth.

Gluais

Droimeann - (=droimfhionn/droim + fionn)
bó dhonn/bhán - ainm fileata ar Éirinn;
fearann - talamh; tíos - teach;
flatha - ceannaire;
im choimhdeacht - im theannta;
cead aighnis - cead troda;
leadhbfainn - bhuailfinn;
bhreagfainnse - mheallfainnse.

www.oideachas.gaelsceal.ie
Léamhthuiscint

Téigh chuig suíomh oideachais Gaelscéal chun cleachtaí léamhthuisceana a fháil bunaithe ar ailt nuachta a bhí in Gaelscéal. Tá cleachtaí léamhthuisceana ann atá feiliúnach don Ardteistiméireacht agus don Teastas Sóisearach.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSSP – Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil

Maoirseacht - Lorg Carbóin

Bíonn tionchar ag an mbealach a mhaireann muid ó lá go lá ar an timpeallacht. Is féidir an tionchar atá ag duine ar théamh domhanda a thomhas mar lorg carbóin. Is é seo an méid dé-ocsaíde carbóin a scaoiltear isteach san atmaisféar mar gheall ar ár nósanna maireachtála. Déantar do lorg carbóin a thomhas mar thonnaí sa bhliain. Ar an meán, tá lorg carbóin 12 thonna ag duine in Éirinn, trí oiread níos mó ná an meán domhanda.

Cén chaoi ar féidir linn ár lorg carbóin a laghdú?
Seo a leanas liosta de rudaí simplí is féidir linn a dhéanamh chun ár lorg carbóin a laghdú:

- Cas as gléasanna leictreacha nach bhfuil in úsáid. Tá an teilifís ar cheann de na gléasanna leictreacha is mó a chuireann le lorg carbóin.
- Cas síos an teas lárnach céim nó dhó. Is féidir billí teasa a laghdú ar 8% ach an teas lárnach a laghdú ar chéim amháin .
- Cuir lód iomlán sa mhiasniteoir agus sa mheaisín níocháin. Sábhálfaidh sé seo uisce, leictreachas agus púdar níocháin.
- Déan turas siopadóireachta amháin sa tseachtain.
- Úsáid bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh.
- Insligh na ballaí, an t-áiléar agus an t-umar uisce the.
- Téigh ar obair nó ar scoil in aon charr le daoine eile.
- Taistil sa bhus nó sa traein in áit sa charr.

Uair an Chloig ar son an Domhain 2011
8.30in Dé Sathairn 26ú Márta 2011. Déanann Uair an Chloig ar son an Domhain ceiliúradh ar thiomantas daoine chun feabhas a chur ar an Domhan. Gach bliain, ar feadh uair an chloig, tagann saoránaigh an Domhain le chéile chun cumhacht leictreach a chasadh as. Déantar an gníomh simplí chun aird a tharraingt ar an méid cumhachta a úsáideann muid agus chun maoirseacht ar ár lorg carbóin a spreagadh. Cuireadh tús le hUair an Chloig ar son an Domhain in 2007 i gcathair Sydney. Chas 2.2 milliún teaghlach a gcuid soilse as. Spreag an gníomh seo daoine eile agus anois bíonn daoine i gcathracha ar fud an domhain ag glacadh páirte in Uair an Chloig ar son an Domhain.

Taighde
Déan taighde ar an idirlíon agus i leabhair ar na bealaí is féidir linn ár lorg carbóin a laghdú.

Bíonn tionchar ag an mbealach a mhaireann muid ó lá go lá ar an timpeallacht

Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil

Bíonn tionchar ag an mbealach a láimhseáiltear dramhaíl ar an timpeallacht. Caithfidh an timpeallacht - aer, uisce, talamh agus plandaí - a bheith sláintiúil ionas go mbeidh muidne sláintiúil. Tá sé tábhachtach bainistíocht cheart a dhéanamh ar dhramhaíl.

Is féidir bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl trí laghdú, athúsáid agus athchúrsáil. Tá sé tábhachtach an trí ghníomh shimplí seo a dhéanamh ionas go mbeidh muid in ann maireachtáil i dtimpeallacht shláintiúil.

Laghdú
Dá lú an méid dramhaíola a chruthaíonn muid is amhlaidh is fearr dár dtimpeallacht. Mar shaoránaigh fhreagracha caithfidh muid an méid dramhaíola a thairgeann muid a laghdú. Chun dramhaíl a laghdú is féidir:

- Gan táirgí leis an iomarca pacáistithe a cheannach
- Málaí in-athúsáidte a thabhairt leat agus tú ag siopadóireacht.
- Torthaí agus glasraí nach bhfuil réamhphacáilte a cheannach.
- Do lón a chur i mbosca lóin seachas é a chlúdach le plaisteach, le scragall alúmanaim nó le scannán cumhdaithe.
- Gan rudaí a cheannach nach féidir a athchúrsáil nó gan rudaí a cheannach a thagann i bpacáistiú nach féidir a athchúrsáil.

Athúsáid
Is é an bealach is fearr chun athchúrsáil a dhéanamh ná athúsáid a bhaint as rudaí. Is féidir go leor táirgí a úsáid go minic sula gcaitear amach iad. Mar sin sula gcaitheann tú rudaí amach, smaoinigh ar dtús an féidir athchúrsáil a dhéanamh orthu? Seo a leanas noda chun athúsáid a bhaint as rudaí:

- Athúsáid clúdaigh litreacha tríd an seoladh a chlúdach agus seoladh nua a chur ar a bharr.
- Cuir rudaí nach bhfuil in úsáid timpeall an tí, bréagáin agus éadaí mar shampla, chuig siopaí carthanais. Tabharfaidh siad na rudaí do dhaoine a bhainfidh úsáid astu arís.
- Nuair atá tú réidh lé crúscaí agus le potaí, is féidir iad a athúsáid chun bia a stóráil iontu arís.
- Ceannaigh ceallraí in-athluchtaithe mar gur féidir iad a athúsáid go minic.

Athchúrsáil
Is lú fuinneamh a chaitear ar tháirge a athchúrsáil ná ceann nua a dhéanamh. Nuair a úsáidtear níos lú d'acmhainní an domhain ní dhéantar an oiread céanna dochair dó.

- Bain úsáid as an ionad áitiúil athchúrsála. Is féidir gloiní, cannaí stáin, earraí leictreacha, plaisteach agus éadaí a thabhairt chuig na hionaid seo.
- Déan an dramhaíl a scagadh sa bhaile ina dramhaíl ghinearálta agus athchúrsála.

Fíricí suimiúla faoin athchúrsáil

- Páipéar agus cairtchlár a bhíonn in 23.7 % den bhruscar sa bhaile.
- Le gach tonna de pháipéar athchúrsáilte, is féidir 17 gcrann a shábháil chomh maith le 380 galún ola, trí shlat chiúbacha de spás i láithreán líonta talún, 4,000 kw fuinnimh agus 7,000 galún uisce.
- Trí athchúrsáil a dhéanamh ar alúmanam, sábháiltear 95 % den fhuinneamh a thógann sé le halúmanam a fháil mar amhábhar.
- Nuair a dhéantar canna amháin a athchúrsáil sábháiltear dóthain fuinnimh le teilifís a choinneáil ar obair ar feadh trí huaire an chloig.
- Is féidir cruach a athchúrsáil go brách gan aon ísliú caighdeáin.
- Tá tomhaltas plaistigh ag méadú 4% sa bhliain in iarthar na hEorpa.

Taighde ar líne

Déan taighde ar líne faoin obair a bhíonn ar bun ag Dámhachtainí Eco UNESCO do Chomhshaolaithe Óga.

Gluais

Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil – Reduce, Reuse, Recycle
dramhaíl – waste
saoránaigh – citizens
in-athúsáidte – renewable
scragall alúmanaim – aluminium foil
scannán cumhdaithe – cling film
siopaí carthanais – charity shop
ceallraí in-athluchtaithe – rechargable batteries
ionad athchúrsála – recycling centre
lorg carbóin – carbon footprint
téamh domhanda - global warming
meán domhanda – world average
gléasanna leictreacha – electrical appliances
tíosach ar fhuinneamh - energy saving
Uair an Chloig ar son an Domhain 2011 - World Earth Hour 2011
tiomantas – commitment
cumhacht - power

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSPS – Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte

Scileanna Staidéir

Éist go maith sa rang!
Tá sé tábhachtach éisteacht go maith sa rang. Is de bhéal a chuireann múinteoirí an chuid is mó den ábhar i láthair sa rang. Is rud amháin é an múinteoir a chloisteáil ach is rud eile ar fad é éisteacht leis an múinteoir. Chun éisteacht leis an múinteoir caithfidh tú aird a thabhairt, smaoineamh a dhéanamh faoin ábhar a bhfuil tú ag éisteacht leis, agus próiséail mheabhrach a dhéanamh ar an rud a bhfuil tú ag éisteacht leis. Seo a leanas roinnt leideanna chun cabhrú leat éisteacht go maith sa rang:

- Déan an cinneadh go n-éistfidh tú go cúramach sa rang. Bí cinnte agus an réamhobair ranga a dhéanamh. Smaoinigh arís tar éis an ranga faoin méid a pléadh sa rang.
- Éisteacht dhírithe. Aimsigh na rudaí a bhfuil tú ag súil lena bhfoghlaim sa rang. Bí ag éisteacht le haghaidh na rudaí seo agus an múinteoir ag labhairt le linn an ranga.
- Éist le haigne oscailte. Tá sé go maith ceisteanna a chur chomh fada agus a bheidh tú sásta éis teacht le tuairimí daoine eile chomh maith le do thuairimí féin.
- Tabhair aird ar an méid atá le rá ag an múinteoir. Cabhraíonn sé aird a choinneáil má shuíonn tú chun tosaigh sa rang nó i lár an tseomra. Freisin, tá sé go maith teagmháil súl a choinneáil le do mhúinteoir.
- Bí i do éisteoir gníomhach. Tá tú in ann smaoineamh níos scioptha ná mar atá an múinteoir in ann labhairt. Bain buntáiste as sin agus déan léirmheas ar an méid atá á rá agus smaoinigh céard é an chéad rud eile a déarfaidh an múinteoir.

Nótaí a bhreacadh sa rang
Tá sé tábhachtach mar ullmhúchán do scrúduithe na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh nótaí maithe a bheith agat. Tá an t-eolas a chuireann múinteoirí ar fáil tábhachtach. Tá sé tábhachtach go mbeadh sé de chumas agat nótaí maithe a bhreacadh síos. Deirtear go bhfuil trí chéim ag baint le nótaí a bhreacadh - rudaí áirithe a chaithfear a dhéanamh roimh an rang, i rith an ranga agus i ndiaidh an ranga.

Roimh an rang
Breathnaigh siar ar do chuid nótaí ón rang deireanach. Is fearr a bheidh tú in ann cuimhneamh ar an ábhar a clúdaíodh ann agus is fearr a thuigfidh tú an t-eolas nua a thabharfaidh an múinteoir duit.

Nótaí a bhreacadh i rith an ranga
Dírigh d'aird ar an méid atá á rá ag do mhúinteoir sa rang. Éist le haghaidh ráiteas a thabharfaidh le fios go bhfuil an t-ábhar tábhachtach: "Is é an pointe is tábhachtaí ná…"; " Cuimhnigh go…". Breac síos na nótaí ar fad a chuirtear ar an gclár dubh.

Tar éis an ranga
Scríobh do chuid nótaí amach arís tar éis an ranga. Scríobh amach ina n-iomlán na focail sin a scríobh tú i bhfoirm ghearr sa rang. Aistrigh abairtí gearra ina n-abairtí níos faide. Bain úsáid as téacsleabhar agus foinsí eile chun ábhar sa bhreis a chur le do nótaí ranga.

Plé sa Rang
Tá bealaí difriúla ag daoine difriúla chun staidéar a dhéanamh. Fiafraigh de dhaoine eile i do rang an bhfuil noda úsáideacha staidéir acu m.sh. líne a chur faoi fhocal tábhachtach.

Scileanna Cuimhne

Rím a dhéanamh
Is bealach maith é rím chun cuimhneamh ar ghnéithe casta d'ábhar. Más deacair agat cuimhneamh ar abairtí móra fada, nó fiú amháin liosta fada, déan rím amach as. Mar shampla, má bhíonn ort liosta tréithe a fhoghlaim san eolaíocht, tóg an chéad litir de gach tréith agus déan abairtí éasca díobh a bhfuil tú in ann rím a dhéanamh astu.

Scéal a chumadh
Má dhéanann tú scéal as na gnéithe a bhfuil ort foghlaim fúthu, ní bheidh deacrachtaí ar bith agat cuimhneamh orthu. Mar shampla, má bhíonn ort liosta de chomhábhair a fhoghlaim le haghaidh eacnamaíocht bhaile, déan scéal astu a mbeidh sé éasca agat féin cuimhneamh air.

Athscríobh
Seans go gcuimhneoidh tú níos fearr ar rud má scríobhann tú síos é arís agus arís eile. Spreagann sé seo d'aigne le greim a fháil ar an eolas agus é a choimeád i do chloigeann i gcónaí. Ansin, nuair a thiocfaidh sé go dtí aimsir na scrúduithe, ní bheidh fadhb ar bith agat an t-eolas a scríobh síos arís.

Abair ós ard é
Bíonn an cleas seo ina chuidiú ag daoine áirithe chun cuimhneamh ar rudaí. Má léann tú amach ós ard roinnt uaireanta an píosa a chaithfidh tú a fhoghlaim, seans go bhfanfaidh sé i d'aigne. Chomh maith leis sin, má labhraíonn tú le do chairde faoin ábhar, beidh sibh in ann cabhrú lena chéile cuimhneamh ar an ábhar. Seans go mbeidh do chara i bponc le píosa a cheapann tusa a bheith éasca, agus go mbeidh do chara ag ceapadh go bhfuil an píosa a bhfuil deacrachtaí agatsa leis éasca.

Diaidh ar ndiaidh
Má thosaíonn tú amach leis an gcuid is deacra, beidh fonn níos mó ort na píosaí éasca a fhoghlaim nuair a thiocfaidh tú chomh fada leo. Nuair a chuimhníonn tú ar na giotaí deacra ar dtús, dúisíonn d'intinn agus ní bheidh fadhb agat leis an gcuid eile ansin.

Plé sa Rang
Tá bealaí difriúla againn ar fad le cuimhneamh ar rudaí. Inis do do chairde faoi aon nod atá úsáideach agatsa chun cuimhneamh ar ábhar scoile.

Fíricí éagsúla suimiúla faoin bhfoghlaim!

- Is féidir le boladh smaoineamh a thabhairt ar ais chun cuimhne. Is mó seans atá ann go gcuimhneoidh tú go soiléir ar an smaoineamh má fhaigheann tú an boladh a fuair tú nuair a tharla sé.
- Is féidir le focail tionchar a imirt ar an dóigh a ndéanann tú gníomh. Rinne roinnt saineolaithe turgnaimh inar léigh na rannpháirtithe amach liosta focal sula ndearna siad gníomh. Iad siúd a léigh focail a bhain leis an tseanaois (m.sh sean, mall) thóg sé níos faide orthu siúl trasna an tseomra ná iad siúd a léigh liostaí eile.
- Leanaí a fhoghlaimíonn dhá theanga sula mbíonn siad 5 bliana d'aois bíonn struchtúr difriúil intinne acu le leanaí a fhoghlaimíonn teanga amháin.
- Bíonn an intinn ag fás go dtí go mbíonn an duine 18 mbliana d'aois.
- Má bhíonn easpa codlata ort beidh sé níos deacra smaointe a choimeád i d'intinn.

Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht don mhúinteoir!

Tabharfaidh Gaelscéal ar Scoil, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht, dearbhán €20 le caitheamh ar ábhar Chló Iar-Chonnacht do gach múinteoir a chuirfidh isteach ordú do 3 shíntiús ar a laghad do Ghaelscéal!

Faigh bhur gcóipeanna anois trí fhoirm shíntiúis a íoslódáil ag
www.oideachas.gaelsceal.ie
nó trí ghlaoch a chur ar
091-897766 nó trí ríomhphost a chur chuig scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhairle Gairmtreorach

Múinteoireacht i mBunscoileanna – Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmtreorach

Is coláiste de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é Coláiste Phádraig, Droim Conrach. De réir na riachtanas atá leagtha síos ag an gComhairle Múinteoireachta, tá sé i gceist ag an gColáiste clár BOid ceithre bliana a fhorbairt go luath. Is cúrsa trí bliana atá acu faoi láthair. Mar sin is cúrsa ceithre bliana a bheidh á dhéanamh ag mic léinn a thosóidh ar an gcúrsa PD101/PD102 sa bhliain 2012. Beidh tuilleadh eolais le fáil ar www.spd.dcu.ie/admissions. Clár Onóracha leibhéal 8 is ea an chéim BOid agus beidh mic léinn cáilithe chun múineadh i mbunscoileanna. Déanfaidh ábhar múinteoirí ar an gcúrsa forbairt i dtreo is go mbeidh siad oilte agus eolach. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh siad in ann machnamh a dhéanamh ar rudaí agus clúdaítear é seo mar chuid den chúrsa.

Is í an phríomhaidhm atá ag an gcoláiste ná go mbeadh na múinteoirí in ann taitneamh a chur i saol páisti óga sa seomra ranga. Má bhíonn páistí sásta ar scoil beidh siad in ann forbairt a dhéanamh ar scileanna faoi leith agus beidh féinmhuinín ard acu.

Bíonn ar na mic léinn a bhíonn ag freastal ar an gcoláiste seo agus ar choláistí eile atá ag plé le múinteoireacht i mbunscoileanna taithí oibre a fháil. Cuireann an taithí oibre seo lena bhforbairt phearsanta agus lena bhforbairt phróifisiúnta. Bíonn maoirseacht á déanamh ag an gcoláiste ar na mic léinn nuair a bhíonn siad ar chleachtadh múinteoireachta. Bíonn múinteoirí ranga sna bunscoileanna ag tabhairt treorach dóibh chomh maith.

Cúrsaí Sláinte /Grinnfhiosrúcháin na nGardaí

Mar chuid de na coinníollacha iontrála beidh ar mhic léinn foirm eolais leighis a líonadh agus dul faoi ghrinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochana.

Pointí Bónais

Beidh bliain iomlán múinteoireachta le déanamh ag mic léinn mar chuid den cheithre bliana de staidéar. Chomh maith leis sin, ón mbliain 2012 ar aghaidh, ar bhonn píolótach, cuirfear 25 pointe leis an scór ar pháipéir Ardleibhéil sa Mhata ag grád D3 nó grád níos airde ná sin.

Riachtanais iontrála

Is é a bhíonn ag teastáil ná Grád C3 Ardleibhéil i dtrí ábhar ar a lághad, D3 i dtrí ábhar eile, ina measc C3 Ardleibhéil sa Ghaeilge, C3 Gnáthleibhéil sa Bhéarla nó D3 Ardleibhéil sa Bhéarla, D3 Gnáthleibhéil nó Ardleibhéil sa Mhata. Muna n-éireoidh leat na cáilíochtaí seo a bhaint amach i mbliain amháin den Ardteist is féidir iarracht a dhéanamh iad a fháil arís, ach ní ghlacfar ach le babhta amháin de thorthaí Ardteistiméireachta. Is féidir na coinníollacha iontrála a chomhlíonadh thar threimhse dhá bhliain nó níos mó, ach ní áirítear ach pointí i scrúdú iomlán Ardteiste. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi riachtanais iontrála i dtaobh scrúduithe GCSE agus scrúduithe GCE/Ardleibhéil téigh chuig www.spd.dcu.ie/admissions Is tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO) a chuirfear isteach ar an gcúrsa.

Daoine Lánfhásta

Ár ndóigh tá fáilte roimh dhaoine lánfásta freisin iarratas a chur díreach chuig an gcoláiste nó trí CAO nó an dá iarratas a dhéanamh. Coinnítear 10% de na háiteanna do dhaoine lánfhásta. Má tá tú ag cur iarratais isteach díreach chuig an gcoláiste ní mór é a bheith istigh roimh 2ú Aibreán, 2012. Ní bheidh tú in iomaíocht le scoláirí atá ag déanamh iarratais trí CAO. Tá na foirmeacha le fáil ón gcoláiste nó téigh chuig www.spd.dcu.ie/matures

Beidh comhdháil idirnáisiúnta ar "Forbairt Litríocht agus Chultúr na nÓg á reáchtáil ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach 23-24 Márta 2012 ina mbeidh stair, stádas agus cearta na n-óg á bplé. Seo ráiteas faoin gcomhdháil:

"Le tamall anuas, tá go leor díospóireachta sna meáin chumarsáide maidir le stair, stádas agus cearta na n-óg in Éirinn. Ach céard faoi chultúr na n-óg sa tír seo agus céard faoi thionchar agus ról na Gaeilge mar chuid den chultúr sin?

Tá sé mar aidhm ag an gComhdháil seo ar Litríocht agus Cultúr na nÓg ardán a thabhairt d'oideachasóirí, do scoláirí, d'fhoilsitheoirí agus d'ealaíontóirí den uile chineál chun a dtuairimí maidir le litríocht agus cultúr Gaelach na n-óg a phlé. Díreofar ar stair chultúr Gaelach na n-óg, ar an suíomh reatha, agus ar dhúshláin na todhchaí.

Iarrtar ar dhaoine a bhfuil spéis acu caint a thabhairt ar aon ghné de litríocht nó de chultúr na n-óg teideal na cainte agus achoimre ar an ábhar a sheoladh isteach.

D'fhéadfadh na hábhair seo a leanas a bheith i gceist, ach glacfar le hábhair eile freisin:

Stair Litríocht na nÓg; an Litearthacht i measc na nÓg; an Óige sa Bhéaloideas; Freastal na Meán Cumarsáide Gaeilge ar an Óige; Cartúin agus Cláir Ghaeilge do Pháistí; Amhráin agus Dánta do Pháistí; Drámaíocht agus na Taibhealaíona i measc na nÓg; an Óige agus Gluaiseachtaí na Gaeilge.

Tuilleadh eolais: http://litriochtnanog.blogspot.com

Riarthóir na Comhdhála: An Dr. Ríona Nic Congáil, Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9."

Raidió Rí-Rá
www.rrr.ie

Hi agus fáilte go PopNuacht na seachtaine ar Raidió Rí-Rá, liomsa Síne Nic an Ailí!

Éist leis an bPopNuacht seo mar audio mp3 ag www.rrr.ie/pop-nuacht-10-deireadh-fomhair-2011 agus íoschóipeáil app nua Raidió Rí-Rá IN AISCE ó iTunes trí www.rrr.ie/iphone/ chun scoth an cheoil ó na cairteacha a chloisteáil ar do ghuthán 24/7!

Tá sé cloiste againn anseo i bPopNuacht gur bhailigh an cheolchoirm bhliantúil Children In Need breis agus £26,000,000 le déanaí! Chas leithéidí JLS, One Direction agus Susan Boyle ag an ócáid i Londain, áit go raibh meascán de cheoltóirí ag canadh ar an oíche agus daoine cáiliúla eile ag glacadh páirte i geansceitsí le hairgead a bhailiú don charthanas. Thug foireann an chláir Eastenders faoi réimse amhráin Queen a chasadh mar shampla, agus bhí fiú Gok Wan le feiceáil ag ceol agus ag damhsa le hamhrán ón gceoldráma Chicago ar son na cúise! D'eagraigh Gary Barlow ceolchoirm speisialta in aisce i Manchain freisin, dar teideal Children In Need Rocks Manchester, agus thug Lady Gaga, Hugh Laurie, Jessie J, Coldplay agus Snow Patrol faoin stáitse don ghig ar leith seo. Tá leagan nua den amhrán Teardrop le Massive Attack á eisiúint ag ceoltóirí éagsúla faoin ainm The Collective le tuilleadh airgid a bhailiú don charthanas idir seo agus an Nollag freisin.

Tá an t-aisteoir Emma Watson ar ais i mbéal an phobail arís an mhí seo, ach is fada ó Hermione atá sí anois! Ní raibh tásc ná tuairisc de Harry Potter agus Emma ar an gcairpéad dearg ag an gcéad léiriú Eorpach dá saothar nua My Week With Marilyn níos luaithe an mhí seo. Is í Michelle Williams atá le feiceáil i bpáirt Marilyn Monroe sa scannán ach ní fhéadfadh í féin ná Judi Dench a bheith i láthair i Londain, mar sin bhí sé de dhualgas ar Emma agus ar a comhghleacaithe Kenneth Branagh agus Eddie Redmayne tabhairt faoin seoladh galánta i gCearnóg Leicester. Tá an scéal bunaithe ar an gcaidreamh a bhí ag Marilyn leis an Uasal Lairence Olivier fad agus a bhí siad beirt i mbun The Prince and The Showgirl a thaifead i 1956, agus é scríofa ag Colin Clark, cúntóir a d'oibrigh ar sheit an scannáin ag an am. Tá carachtar Emma ina cúntóir ag Monroe sa scannán nua agus in ainneoin nach bhfuil Watson ach 21 bliain d'aois, tá an-tuiscint aici ar an mbrú go raibh á fhulaingt ag Monroe ag an am. Ní féidir linne i Raidió Rí-Rá fanacht len'é a fheiceáil!

THUG na réaltaí móra ceoil ar fad faoin Amharclann Nokia i Los Angeles do Gradaim Cheoil Mheiriceánaigh le déanaí! Ba í Taylor Swift buaiteoir mór na hoíche, ag gnóthú 3 ghradam éagsúla, mórghradam do cheoltóir na bliana ina measc. Bhain téama na Nollag le cur i láthair Justin Bieber, bhí Katy Perry bándearg ó bhun go barr dá cuid ama ar an stáitse, agus chas Drake, Chris Brown agus Kelly Clarkson ar an stáitse ag an searmanas i gcaitheamh na hoíche leis. D'éirigh le Nicki Minaj dhá ghradam a ghnóthú chomh maith, agus is ise a chur tús spleodrach leis an seó ag casadh Super Bass, Sweat agus Turn Me On i dteannta David Guetta. Chas Jennifer Lopez agus Pitbull le chéile freisin, mar aon le Ludacris agus Enrique Iglesias, agus Christina Aguilera le Maroon 5. Bhain leithéidí Adam Lambert, Heidi Klum, Jennifer Hudson agus Joe Jonas sult as an seó, agus chuir LMFAO críoch leis an oíche iontach lena gcnag ollmhór Party Rock Anthem - an bhféadfadh críoch níos fearr a bheith le hoíche mar sin ?!

BEATHA NUACHT Litríochta

Cé Chomh Mór is atá An Ghealach?

Le Heather Henning
Cló Mhaigh Eo
€9
Léirmheas le Katie McGreal



Is leabhar do pháistí é seo, páistí a bheadh thart ar 7 mbliana d'aois. Meallann sé isteach na léitheoirí óga seo ar bhealach anmhaith ó thús an leabhair leis na dathanna agus na pictiúir mhóra, go háirithe ar an gclúdach agus ar an gcéad leathanach. Nuair a théann Cáit agus Teidí go dtí an ghealach, tá sé thar a bheith ildaite agus cruthaíonn sé atmaisféar agus pictiúr spraíúil den turas.

Is leabhar éasca le léamh é toisc nach bhfuil ach píosaí gearra scríofa ar chuile leathanach agus úsáidtear cló níos mó agus dorcha chun focail áirithe a chur chun cinn.

Tríd an scéal déantar comparáid idir an ghealach agus rudaí a bheadh ar eolas ag na léitheoirí óga - liathróid trá, roth, áilleagán intreach, na gnáthrudaí a bheadh ar eolas ag chuile pháiste. Trí na rudaí seo, is féidir le máthair Cháit eolas faoin ngealach a mhíniú di ar bhealach a thuigfidh sí.

Nuair atá sé am codlata, téann an léitheoir isteach i samhlaíocht Cháit. Téann siad le Teidí agus Cáit suas go dtí an spás i spásárthach Cháit chun an ghealach a fheiceáil i gceart agus chun cúrsa na gealaí a fhiosrú.

Leabhar spraíúil a fhreagraíonn roinnt ceisteanna a bheadh ag páistí beaga atá ann. An t-aon rud ar chuir as dom ná go bhfuil sé fíor-éasca na leathanaigh a tharraingt as. Fiú agus mé á léamh thosaigh an leabhar ag titim as a chéile agus le páiste óg tarlóidh sé sin i bhfad níos tapúla.

Athfhianna - An Chéad Bheirt

Le Cóilín Ó Corrbuí
Coiscéim
€7.50
Léirmheas le Katie McGreal



DEIRTEAR go raibh teicneolaíocht ag na Fianna, a mhair na mílte bliain ó shin, agus nach bhfuil siad ach ag geimhriú faoi láthair. Deirtear go dtiocfaidh Fionn Mac Cumhaill agus Goll Mac Mórna ar ais ag amanna éagsúla - agus tá ceann de na hamanna sin buailte linn.

An t-am seo, piocann Fionn agus Goll na déagóirí, Déaglán agus Ciara, le cabhair a thabhairt dóibh agus a thaispeáint agus a mhíniú dóibh conas a oibríonn rudaí san aois seo.

Is leabhar do dhéagóirí é seo a scríobh Cóilín Ó Corrbuí ó Chontae Luimní ach atá lonnaithe i measc na gConallach le fada. Ghnóthaigh sé céim san eolaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, in ainneoin an méid ama a chaith sé leis an gCumann Gaelach. As an dá shruth sin a d'eascair an iarracht seo. Bronnadh duais ar an leabhar seo i gComórtais Liteartha an Oireachtas 2010, éacht a rinne a athair, Máirtín Ó Corrbuí, go minic.

Beireann an leabhar greim ar an léitheoir ón tús. Is féidir an-chuid a fhoghlaim as chomh maith, faoin eolaíocht mar shampla. Is múinteoir eolaíochta é athair Dhéagláin agus Chiara agus tá suim ag Déaglán san ábhar freisin. Tá sé ag iarraidh a léiriú do gach duine gur duine cliste é agus go dtuigeann sé cúrsaí eolaíochta. Chomh maith leis sin, tá an-chuid eolais sa leabhar faoi na Fianna, Fionn Mac Cumhaill agus Goll Mac Mórna.

Cruthaíonn an t-údar leabhar thar a bheith pearsanta leis na carachtair ag labhairt go díreach leis an léitheoir, faighimid tuairimí na clainne ar fad - Déaglán, Ciara agus a n-athair.

Tá meascán de Ghaeilge Uladh, na Mumhan, Chonamara agus Gaeilge chaighdeánach i rith an leabhair agus cruthaíonn sé atmaisféar nádúrtha sa leabhar. Is féidir guth na gcarachtar a chloisteáil i do cheann agus tú á léamh.

Oscar: Gadhar Gaelach Saolaithe

"An rud atá tábhachtach faoi Ár Scéalta, an tsraith seo de dheich leabhrán le haghaidh naíonán, ná go dtugann sé foclóir don pháiste chun na bunmhothúcháin a chur in iúl."

Sin a dúirt Dónal Ó hAiniféin, Príomhoide Ghaelscoil Mhichíl Cíosóg, agus an tsraith á seoladh aige le déanaí i Siopa Leabhar na hInse, Sráid na Mainistreach, Inis, Contae an Chláir.

"Féirín foirfe do naíonáin don Nollaig atá ann," a dúirt sé. Is toradh é an tsraith seo ar chomhoibriú idir Seónaidh Ní Shíomóin, múinteoir sa scoil chéanna a bhfuil spéis ar leith aici in oiliúint leanaí, agus a chum na scéalta, agus Karen Dietrich, dearthóir Meiriceánach, a bhfuil an-taithí aici ar leabhair do pháistí ar an taobh thall den Atlantach.

Cur síos taitneamhach ar eachtraí Choilm agus a mhadra ghreannmhair, Oscar, atá sna leabhráin ildaite seo, atá dírithe ar pháistí 4-7 mbliana d'aois. €4.99 an costas atá ar gach leabhrán.

Tá nótaí i nGaeilge agus i mBéarla iontu mar threoir do mhúinteoirí agus do thuistí ar mian leo cabhrú lena bpáistí an leas oideachasúil is mó agus is féidir a bhaint as na scéalta. Coiscéim na foilsitheoirí.

Crosfhocal 30.11.2011



NODANNA

TRASNA

1 Saghas capall oibre, a bhfuil cáil air gur ainmhí dúr é (4)
8 Teach oiriúnach d'Uachtarán, b'fhéidir (4)
9 Chuig, i dtreo (2)
10 Rud a dhéanann duine atá in aghaidh an dlí (4)
11 Labhair i nguth íseal (5)
12 Toradh lenar chathaigh Éabha Adamh, deirtear (3)
14 Úr; nach raibh ann cheana (3)
15 Spréann daoine é seo ar arán (2)
17 Créatúr beag miotasach (2)
19 Blianta fada ó shin (4)
20 An líon peaca marfach atá ann? (6)
23 Fiche (4)
25 Áit fhoghlamtha (5)
27 Gearradh an fhómhair (5)
29 Faightear é seo san fharraige... nó i dtobar (5)
31 Píosa beag biorach ar chraobh crann róis (5)
33 Fios, eolas (3)
34 Cumhacht, cead cinnidh a ghlacadh (sa Ghaeltacht, b'fhéidir) (6)

SÍOS

2 Croch suas é seo do Dhádaí na Nollag (5)
3 24 uair a' chloig (2)
4 Leathanach oifigiúil le líonadh isteach (5)
5 Scrios; daonra a dhíbirt b'fhéidir(4)
6 Gan chumas radharc na súl (4)
7 Ainmhí beag faoin tuath, a d'fheicfeá um Cháisc b'fhéidir (6)
10 Ábhar scríofa do mhúinteoir nó oide (5)
13 Dochtúir (3) 16 An rud atá ceart agus cuí (4)
18 Ó seo amach (6)
21 Cuidiú, cabhair a thabhairt (6)
22 Nod (don eolach fiú) (4)
24 Seas an fód ar son duine nó áite (6)
26 Seirbhís traenach cathrach i mBaile Átha Cliath (4)
28 Cónaí an éin (4)
30 Éan mór bán, a spreag filíocht WB Yeats (4)
32 Ag croí na háite (3)

Crosfhocal
23.11.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Niamh Ní Dhomhnaill
Béal Feirste

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 05.12.2011 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid Mhargadh, Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

AN TARBH – Pól 'Báinín' Ó Foighil

Le hÁine Ní Chuaig

SEOLADH an clár faisnéise 'An Tarbh' i Seanscoil Shailearna an tseachtain seo caite agus is anocht a thaispeánfear é ar TG4 den chéad uair ag 9.30in. Is é Mac Dara Ó Curraidhín as an Spidéal a léirigh agus a stiúir an scannán slachtmhar seo, a mhaireann ar feadh gar d'uair an chloig.

Tugtar léargas leathan ar shaol aislingeach Phóil Uí Fhoighil sa scannán – mar mhúinteoir scoile, mar cheannródaí pobail, mar chomhairleoir contae, mar ionadaí tofa ar Údarás na Gaeltachta, mar Sheanadóir agus mar fhear teaghlaigh. Tá sruth deas sa scannán agus gluaiseann sé go maith ó thús go deireadh. Tá an scéal ar fad fite fuaite le chéile go snasta, le hagallaimh agus ábhar cartlainne.

'The Bull' a thugtaí ar a sheanathair. De réir an méid atá le rá ag Simon Ó Croinín as Ráth Chairn (duine muinteartha le Ó Foighil), bhí cúlra neamhchoitianta ag seanathair Phóil agus deirtear go raibh tionchar mór aige seo ar a shaol.

Tá agallaimh shuimiúla sa scannán le daoine a bhí bainteach le Ó Foighil thar na blianta – a dhlúthchairde T.P. Ó Conchubhair agus Joe Steve Ó Neachtain, a dúirt go raibh "Ó Foighil cosúil leis an gcumhacht aibhléise", iarchomhoibrithe ó choistí pobail agus comharchumainn mar Pheadar Mac an Iomaire, Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha, Caroline Ní Ráinne agus Páraic Dara Beag Ó Fátharta.

Ó thaobh na polaitíochta de, tá cur síos maith déanta ag Éamon Ó Cuív, Seán Ó Neachtain, Seosamh Ó Cuaig agus Alan Dukes faoin déileáil a bhí acu féin le Ó Foighil agus na tuairimí láidre a bhí aige. Is cosúil nár fheil saol na polaitíochta dó i ndáiríre ach gur bhain sé úsáid as an gcóras le leas a dhéanamh ar a phobal.

Labhraíonn triúr de chlann Uí Fhoighil (Mícheál, Gráinne agus Niamh) óna gcroí faoina n-athair agus roinneann siad a gcuid cuimhní cinn. Cé go n-insíonn siad roinnt scéiliní barúla, tá sé follasach go bhfuil siad fós ag caitheamh i ndiaidh a n-athar go mór.

Deir siad go gcuireadh sé fáilte i gcónaí roimh aon chairde nua a thugaidís abhaile ach an chéad cheist a chuirtí orthu ná, "An bhfuil tú in aois vótála fós?!"

Ghoill bás a mhic go mór air, agus mar a deir Joe Steve Ó Neachtain sa scannán, "Ghoill sé ar an bpobal ar fad." B'iománaí den scoth a bhí in Éinne, a d'imir d'fhoireann na Gaillimhe. Bhuail an galar dubhach é le linn dó bheith ag déanamh staidéir ar an leigheas ar an ollscoil agus chuir sé lámh ina bhás féin. Ní raibh sé ach 21 bliain d'aois.

Labhair Ó Foighil amach go hoscailte ins na meáin faoi seo, rud nach raibh coitianta ag an am, agus thug sé misneach do dhaoine eile a bhí ag dul tríd an bhriseadh croí céanna.

Insíonn a chlann faoin fhuinneamh iontach láidir a bhí ina chroí agus ina intinn i gcónaí, cé go raibh a chorp ag tabhairt uaidh san aimsir dheiridh. Bhásaigh sé i mí an Mhárta 2005. Bhí sé 76 bliain d'aois.

Tá cothramaíocht mhaith sa scannán, ón saol poiblí go dtí an saol a bhí aige sa mbaile lena chlann. Tá go leor seanphictiúr úsáidte sa scannán, go leor acu dubh agus bán, rud atá fíordheas.

Tá radharcanna áille as Conamara agus Árainn roghnaithe ag Ó Curraidhín don scannán. Áiteanna agus suíomhanna a raibh Ó Foighil luaite leo. Mar shampla amháin, taispeántar garraí mór gleoite lán de lus an chromchinn ag lonrú in Inis Oírr.

Ceann de na rudaí is mó is dóigh a sheas amach dom féin go láidir sa scannán ná gur fear maith teaghlaigh a bhí ann. Taobh amuigh de na gníomhaíochtaí ar fad a bhí ar bun aige, b'fhear é nach raibh drogall ar bith air na muinchillí a chrapadh suas le dul ag níochán, ag cócaireacht nó clúidíní na ngasúr a athrú. Tá sé le tuiscint go soiléir sa scannán gur fear céile uasal agus athair cineálta a bhí ann.

Is léir go ndearna sé obair na gcapall ar son mhuintir Chonamara agus Árann ar feadh a shaoil. "Ní raibh rud ar bith rómhór," a deir Seosamh Ó Cuaig. D'fhág sé a lorg san áit agus tá an-ghean ag an bpobal i gcónaí air.

Saothar eile d'ardchaighdeán é seo ó lámh Mhic Dara Uí Churraidhín agus a chriú ildánaigh. Beidh athchraoladh den chlár ar TG4 ar an Satharn 3ú Nollaig ag 7.15in.

Alan Dukes agus Pól Ó Foighil.

Féach ar:

TG4: Scéalta Átha Cliath – The MGM Lion
Tháinig an leon a bhí le feiceáil ag tús scannáin Goldwyn Pictures ó 1924 go dtí 1928 ó Bhaile Átha Cliath. Rugadh i nGairdín na nAinmhithe i bPáirc an Fhionnuisce é agus tugadh go Hollywood in 1917 é. Dé Déardaoin @ 10in.

RTÉ a haon: Small World
Sa chéad chlár den tsraith thaistil nua seo – le gné éagsúil Éireannach – rachaidh Katriona Deveraux go dtí an Bhrasaíl chun labhairt leis na daoine ón áit a chaith an-chuid ama i nGort in Éirinn i rith an Tíogair Cheiltigh. Dé hAoine @ 8.30in.



RTÉ a dó: Grey's Anatomy
Oibríonn Christina agus Owen ar a gcaidreamh, tá deacrachtaí fós ag April lena post nua agus bíonn ar mhuintir an cúigiú bliain obráid a dhéanamh leo féin agus bíonn neart le foghlaim acu tríd an phróiseas. Dé Máirt @ 9.30in.

Éist le:

RTÉ Raidió na Gaeltachta: An Béal Muimhneach
An tseachtain seo, labhrófar faoi chúrsaí agus nósanna Nollag i nDún Chaoin i gCiarraí san am atá caite ó Labhrás Mac Síthigh agus beidh mír ón dráma 'An Chóisir' ó 1958 le hAisteoirí Bhréanainn freisin. Dé Domhnaigh @ 9rn.

Clare fm: Cúlchaint
Labhróidh Donal Ó Loinsigh ar roinnt ábhair éagsúla a bhaineann le Gaeilgeoirí Chontae an Chláir. Beidh roinnt cuairteoirí aige le linn an chláir freisin. Dé Sathairn @ 9rn.

Kildare fm: Ceol agus Caint
Sa chlár dátheangach seo, labhraíonn Clem Ryan faoin gceol traidisiúnta is fearr agus bíonn deis ag na héisteoirí éisteacht le cuid den cheol sin. Tugann sí ardán d'albaim nua gach seachtain. Dé hAoine @ 8in.

Cluichí Euro 2012 le socrú Dé hAoine

Gráinne McElwain

GHEOBHAIDH muid amach Dé hAoine cé na foirne a bheidh ag imirt in aghaidh na hÉireann nuair a dhéanfar an tarraingt in Kiev do na craobhchluichí Eorpacha, nó Euro 2012, a bheas á reáchtáil san Úcráin agus sa Pholainn an bhliain seo chugainn. Luaigh bainisteoir na foirne, Giovanni Trapattoni, i rith na seachtaine gurbh fhearr leis gan bualadh leis an Ghearmáin ná le Sasana sna grúpaí mar gurb í an Ghearmáin ceann de na foirne is fearr ar domhan agus mar gheall ar an traidisiún idir Sasana agus Éire le himeacht na mblianta, bheadh sé níos fearr casadh leo i gcluiche dúshláin ná ag an chomórtas féin.

Dea-scéal do Trapattoni nó de réir dealraimh, beidh sé ag fáil conradh nua dhá bhliain chun fanacht mar bhainisteoir ar fhoireann na hÉireann agus ciallaíonn sé sin go mbeidh sé féin i gceannas ar an fhoireann go dtí 2014 agus ar an fheachtas chun cáiliú do Chraobh an Domhain an bhliain sin. Is i mBaile Átha Cliath atá sé inniu chun an conradh úrnua a shíniú ach de réir na dtuairiscí, ní bheidh a phá chomh maith céanna an uair seo mar go bhfuil sé á laghdú ó €1.8m go €1.5 milliúin in aghaidh na bliana. Is cosúil go mbeidh an fear gnó Denis O'Brien fós ag cuidiú leis an turastal a íoc.

Bainisteoir na hÉireann Giovanni Trapattoni

Feicfear an tarraingt do Euro 2012 beo ar RTÉ2 ó 5.30in ar aghaidh tráthnóna Dé hAoine agus tosnóidh an sciob scab mór ansin chun ticéid do Euro 2010 a aimsiú.

Aghaidh ar Bhá Bhaile Átha Cliath 2012

Gráinne McElwain

224 lá atá fágtha go dtí go mbeidh Craobh Seoltóireachta Domhanda na nÓg de chuid an ISAF ar siúl. Beidh an comórtas á reáchtáil den chéad uair riamh i nDún Laoghaire, Baile Átha Cliath i mí Iúil na bliana seo chugainn. Tiocfaidh trí chéad mairnéalach as seasca tír le chéile ar feadh deich lá agus iad in ocht ngrád seoltóireachta dhifriúla. Bunaíodh an chéad chomórtas den chineál seo i 1971 sa tSualainn agus agus é ag dul i neart le 42 bliain anuas. Le linn na tréimhse sin, tugadh cuairt ar fhiche náisiún éagsúil i ngach mór-roinn agus bhí breis is 100 tír páirteach ann.

Is í an Fhrainc an tír is rathúla sa chomórtas go dtí seo. Tá corn Volvo buaite acu deich n-uaire agus tá 62 bonn buaite acu: 20 bonn óir, 27 bonn airgid agus 15 bhonn cré-umha. Go hiondúil, tagann iomaitheoirí óga chun cinn sa chomórtas seo agus ní gá ach féachaint siar ar na Cluichí Oilimpeacha a bhí i mBéising in 2008 mar chruthúnas air sin.

Cúig dhuine dhéag de na mairnéalaigh a bhuaigh boinn ag na cluichí sin, d'éirigh leo boinn a bhuachan ag Craobh Seoltóireachta Domhanda na nÓg roimhe sin. Bhuaigh Ben Ainslie ón Bhreatain bonn óir ag Craobh Seoltóireachta na nÓg i 1995 agus lean sé ar aghaidh chun ceithre bhonn a bhaint sna Cluichí Oilimpeacha, trí cinn óir in 2000, 2004 agus 2008. Sin mar a tharla do Alessandra Sensini ón Iodáil a chríochnaigh sa tríú háit ag Craobh Seoltóireachta na nÓg i 1987 ach is í an t-aon bhean í a bhfuil ceithre bhonn Oilimpeacha buaite aici, dhá cheann chré-umha, ceann airgid agus ceann óir.

Is mó an onóir d'Éirinn mar sin go mbeidh an ócáid seo á reáchtáil anseo an bhliain seo chugainn agus tá coiste eagrúcháin "Dublin Bay 2012" ag lorg cuidiú ón oiread daoine agus is féidir chun obair a dhéanamh ag an ócáid i réimsí éagsúla. Beidh na húdaráis ag súil go mbeidh gach rud eagraithe go maith mar in amanna má éiríonn le tír Craobh Seoltóireachta na nÓg a chur ar bun mar is ceart, bheadh deis iontach ag an tír chéanna an Chraobh Seoltóireachta Domhanda a reáchtáil ina dhiaidh sin. Sin sprioc eile amach anseo, ach má tá fonn ort a bheith páirteach go deonach san ócáid seo, téigh isteach ar an suíomh idirlín www.dublinbay2012.com

CÚRSAÍ SACAIR: SRAITH AIRTRICITY

Pat Fenlon, sár-bhainisteoir, agus a chlub nua Albanach Hibernian

Daithí Mac Tighearnáin

FAOI dheireadh thiar thall, tá an tír tairngire bainte amach ag Pat Fenlon. Bhí sé ar thairseach bogadh go Dundee United in 2010 ach ní raibh Dundee United in ann cúiteamh de níos mó ná €200,000 a íoc leis na Boihéamaigh. A bhuí le coinníoll áirithe i gconradh deireanach Fenlon, ní raibh ar Hibs pingin rua cúitimh a íoc leis na Boihéamaigh an iarraidh seo. Tar éis bliain thubaisteach leis na Boihéamaigh inar nochtadh go raibh ceithre mhilliún euro d'fhiacha ar an gclub sin agus inar tugadh air an fhoireann a ghlanadh amach a bheag nó a mhór dá bharr agus imeacht i muinín ógánach, tá lá breá ag gealadh do Fenlon.

De réir ráflaí, tuillfidh sé idir £3-4 mhíle in aghaidh na seachtaine thall, trí nó ceithre oiread an méid a shaothraigh sé leis na Boihéamaigh, bunaithe ar chonradh dhá bhliain go leith. Deirtear go bhfuil sé ag fáil tí agus cairr sa mhullach air sin.

Tá staidiam gleoite ag Hibs, le spás do 20,421 duine, suíocháin uilig. Bhí meántinreamh de 11,756 acu anuraidh nuair a chríochnaigh siad sa deichiú háit i bPríomhshraith na hAlban , beagnach ceithre oiread mheántinreamh ár seaimpíní, Ruagairí na Seamróige. Tá siad sa naoú háit i láthair na huaire, dhá phointe chun tosaigh ar an mbunchlub Inverness. Tá máthair na ndúshlán roimhe gan amhras.

Seo na cúiseanna ar fhostaigh Hibs Pat Fenlon: Chroch Síol Broin trí shraith faoina stiúir mar bhainisteoir idir 2002-2006 (2003, 2004, 2006). Idir 2007-2011, bhí sé i mbun na mBóihéamach nuair a thug siad leo dhá shraith (2008, 2009) an Corn FAI (2008), Corn na Sraithe 2009 agus an Corn Setanta 2010. In 2004, bhí Síol Broin ar thairseach chéim na ngrúpaí de Shraith na Seaimpíní UEFA agus pota óir de 7 milliún euro ag 0-0 i gcoinne Deportivo (An Spáinn) leathuair ón chríoch sular thit siad óna chéile 0-3.

Taifead do-chreidte. Agus níl sé fós ach 42 bliain d'aois!

Mar imreoir, tá Sraith na hÉireann buaite aige faoi thrí agus an Corn FAI faoi dhó agus thogh a chomhimreoirí é mar imreoir na bliana faoi dhó freisin. Sna sé chontae, bhain se Sraith amháin agus dhá Chorn IFA le Linfield.

Tá an t-imreoir ab fhearr sa tSraith s'againne le blianta beaga anuas (i mo thuairim), Richie Ryan, ag leanúint Fenlon (an bainisteoir is fearr sa tSraith s'againne), go hAlbain (go Dundee United) i ndiaidh na Nollag, saor in aisce. Beidh staidiam Tannadice Park (ina bhfuil spás do 14,209 duine) agus ceathrar imreoirí Éireannacha eile ag fearadh fáilte roimhe ag United: Willo Flood, Seán Dillon, John Daly (an captaen) agus Gavin Gunning. Tá United sa seachtú háit sa Phríomhshraith faoi láthair. An mbeidh Trap le feiceáil in Tannadice i ndiaidh na Nollag?

Beidh Ruban Kazan v Ruagairí na Seamróige sa Rúis (Sraith na hEorpa) beo ar TV3 an iarnóin seo, túschic 5 in.

Pat Fenlon

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Samhain, 2011

Ar an gclaí

Na hollscoileanna in iomaíocht

Le John Allen

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, ag ceiliúradh a mbua i gcluiche ceannais peile an chontae roinnt seachtainí ó shin. An mbeidh siad i mbun ceiliúrtha arís i gcluiche ceannais na Mumhan Dé Domhnaigh? Grianghraf le Stephen McCarthy / SPORTSFILE

CHUAS sall go staid cúig réalta chumann CLG Mhala, anseo i gCorcaigh, le déanaí . Bhí na craobhanna sraithe tríú leibhéal iomáint sinsir agus chéad bhliana (Freshers) ar siúl ann faoi shoilse i lár na seachtaine seo caite .

Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Ollscoil Luimnigh a bhí in aghaidh a chéile sa dá chluiche. Bhí an bua ag Corcaigh sa phríomhchluiche agus tháinig ógánaigh Luimnigh le críoch láidir sa chluiche eile chun a srón a chur chun tosaigh agus an t-am beagnach istigh. B'shin an chéad uair a bhíodar chun tosaigh agus an t-imreoir contae Declan Hannon a chuir ann iad le hardtaispeántas sa dara leath agus an pointe cinniúnach acu i bhfíordheireadh an chluiche.

Sheas Hannon amach do Luimneach agus ar an taobh eile is é fear óg Luimnigh Jack Ahern a bhí ina phríomhscórálaí ag na Corcaígh.

Cluiche cruaidh tapaidh a bhí ann agus níl aon dabht ach go bhfeicfimid cuid mhaith des na leaideanna óga seo thar na blianta agus iad ag caitheamh an gheansaí contae .

Bhí sé thar a bheith suimiúil sa dara cluiche nár thosaigh oiread is duine amháin ón chontae ar fhoireann Ollscoil Luimnigh agus gur imreoir ó Luimneach a sheas amach d'fhoireann na gCorcaíoch .

Is é Willie Griffin ó Áth Dara a bhí ina phríomhnaoscaire ag Corcaigh ar an oíche agus é ag scóráil 2-9 as 3-14 agus 2-2 de sin ón imirt .

Ar an oíche bhí na leaideanna ó Chorcaigh i bhfad níos fearr agus is dócha ar an fhianaise sin go mbeidh siad i measc rogha na coitiantachta do chomórtas Mhic Giobúin a bheidh ar siúl cois Laoi an Márta seo chugainn.

An deireadh seachtaine céanna tá sé socraithe go mbeidh an comórtas idirchúige ar siúl . Ní fheicim ciall ná réasún bheith ag iarraidh an comórtas seo a choimeád beo a thuilleadh . I mo thuairim tá a rás rite .

Tá a ndóthain cluichí á n-imirt ag na himreoirí is fearr idirchontae agus ná déan dearmad gur do na himreoirí is fearr an comórtas seo. Tá sé i bhfad níos tábhachtaí do Chumann Lúthchleas Gael níos mó a dhéanamh dos na clubanna gan bheith ag iarraidh deireadh seachtaine eile a líonadh le cluichí idirchúige. Níl a fhios agam an fiú leanúint leis an gcomórtas idirnáisiúnta a thuilleadh nó cén fáth nach féidir é a chur ar siúl gach ceithre bliana cosúil leis na Cluichí Oilimpeacha. Ar a laghad thabharfadh sé sin deis dos na peileadóirí is fearr cluichí idirnáisiúnta a imirt uair amháin ar a laghad ina saol spóirt . Rómhinic bíonn stop curtha le cluichí club i gcuid mhaith contaetha i lár an tsamhraidh agus ansin nuair atá na craobhacha idirchontae críochnaithe bíonn tóir ar chuid mhaith des na peileadóirí is fearr arís don fhoireann idirnáisiúnta . Tá sé in am dos na clubanna seasamh le chéile agus cothrom na Féinne a fháil, gan trácht ar an gcinneadh a deineadh chun athimirt a thabhairt isteach dos na cluichí cúigí ar fad sna craobhacha cúige.

Tá a dhóthain cluichí idirchontae ann agus an dara seans ag gach contae sna cluichí craoibhe agus minic go leor bíonn na himreoirí club ag feitheamh cúpla mí chun an chéad chluiche craoibhe eile a imirt . Sin an rant beagnach thart don tseachtain seo .

I Dúrlas an Domhnach seo caite cheapas go raibh Croisín tar éis greim daingean a fháil ar chraobhchluiche iománaíochta na Mumhan roimh leath ama agus ag tosach an dara leath chuireadar leis ach ansin thosnaigh na Piarsaigh ag imirt le i bhfad níos mó spioraid agus is iad a bhí níos fearr sa cheathrú deireanach den chluiche a chríochnaigh ar comhscór .

Ag piocadh suas an rant arís cén fáth nach raibh am breise ann? Tá fhios agam ...rialacha ..rialacha.. ach in ainm Dé, in am an ghátair seo, an ceart na leantóirí a thabhairt ar ais go Dúrlas Éile ar an Domhnach agus fiche euro a thógaint astu arís?

An Domhnach beag seo, freisin, agus Daidí na Nollag ag fáil na litreacha go tiubh agus go tréan, téann Crócaigh Chill Airne agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh suas i gcoinne a chéile i gcraobhchluiche sinsir peile na Mumhan i Staid an Ghearaltaigh, Cill Airne .

Táim ag súil le hardchluiche ó na foirne seo. Is dócha gur buntáiste go bhfuil na Crócaigh ag imirt sa bhaile agus gan dabht is mór an buntáiste é go bhfuil an Gooch Cooper acu ach i ndiaidh séasúr fada le contae agus club tá baol ann go bhfuil sé tuirseach traochta . Ach is cinnte gur buntáiste eile dóibh go raibh dianchluiche acu sa leathchraobh i gcoinne sheaimpíní an Chláir, Cill Mhuire Uí Bhreachain .

Sa leathchraobh eile rinne buachaillí an Choláiste slad ar Fhánaithe na Maoile agus is cinnte go raibh dúshlán is bhfad níos déine ag teastáil uathu.

Ach tá séasúr fada curtha isteach acu san freisin ó thosnaíodar ag traenáil do Chorn Sigerson bliain ó shin .

Pé scéal é tá súil agam go mbeidh an aimsir go maith agus go mbeidh cluiche iontach peile againn roimh bhriseadh na Nollag.

Beir Bua.

Declan Hannon

SÚIL AR AN RUGBAÍ... RABODIRECT PRO 12


Ruan Pienar

DÉ hAOINE
Cúige Uladh v Scarlets Ravenhill @ 19.05 Beo ar BBC NI

NÍL sé féaráilte a rá go bhfuil taom scaoill buailte ar Chúige Uladh go fóill ach cinnte tá brú ag teacht orthu agus iad san ochtú áit ar chlár na bpointí agus níl Cúige Chonnacht ach dhá phointe taobh thiar dóibh. Cé gur thosaigh an séasúr go maith do na hUltaigh, níl ach cluiche amháin buaite acu ó dheireadh mí Mheán Fómhair sa Rabo Direct Pro 12 agus b'shin in aghaidh Chúige Chonnacht (22-3).

Tá cluichí caillte acu in aghaidh Ospreys (14-32), Dragons (9-22), Treviso i Ravenhill (12-23), Scarlets (17-24) agus in aghaidh na Warriors (9-17) an tseachtain seo caite. Ní raibh oíche mhaith ag Ian Humphreys lena chiceanna éirice agus chuir sé trí cinn amú. Chaill siad amach ar phointe breise mar go raibh níos mó ná seacht bpointe eatarthu agus don dara deireadh seachtaine as a chéile, níor aimsigh siad scór sa dara leath.

Is cailliúintí móra iad Jared Payne, Paddy Wallace agus Ruan Piennar atá gortaithe ach tá siad ag súil go mbeidh Piennar in ann páirt de chineál éigin a ghlacadh ar an Aoine. Tá na Scarlets ag imirt go maith agus iad sa séú áit ar chlár na bpointí ar 21 pointe. Rud suimiúil ná go bhfuair Ulaidh an lámh in uachtar ar fhir na Breataine Bige faoi dhó anuraidh ach tá na Scarlets tar éis iad a bhualadh cheana féin an séasúr seo agus iad lán muiníne faoi láthair. Chríochnaigh siad 22-12 chun cinn ar na Dragons an tseachtain seo caite agus bhuaigh siad faoi dhó i gCorn Heineken roimhe sin. Tá toradh maith ag teastáil ó Ulaidh anois go háirithe le cluichí móra ag teacht in aghaidh Aironi agus Leicester Tigers i gCorn Heineken.

Bua: Scarlets

DÉ hAOINE
Cúige Chonnacht v Treviso Sportsground @ 19.30i.n

CHAILL Cúige Chonnacht 6-17 sa bhaile in aghaidh Ospreys an tseachtain seo caite, an seachtú cluiche as a chéile atá caillte ag fir an iarthair. Tar éis an chluiche luaigh cóitseálaí Chonnacht Eric Elwood "go gcaithfidh muid a bheith níos fuarchúisí, níos fisiciúla agus níos neamhthrócairí inár gcuid imeartha" ach ní hé sin an chéad uair go bhfuil an méid sin ráite aige.

Ar feadh tréimhsí fada sa chluiche, bhí níos mó de sheilbh na liathróide ag Cúige Chonnacht ach ní raibh siad in ann na scóranna a aimsiú. Bhí an aimsir lofa ach sheas roinnt amach do na Connachtaigh, an bheirt húcálaí Adrian Flavin agus Ethienne Reynecke a bhí thar barr agus David Gannon sa dara líne chomh maith. Tá Treviso ag imirt go maith le buanna maithe faighte acu in aghaidh na Warriors (15-3), Scarlets (20-10), Cúige Uladh (23-12) agus na Dragons (50-24). Fuair Connacht an lámh in uachtar orthu sa chéad chluiche den chomórtas as baile (11-9) agus seo cluiche gur féidir le Connacht a bhuachan agus, níos tábhachtaí ná sin, go gcaithfidh siad a bhuachaint.

Bua: Cúige Chonnacht

David Gannon

DÉ hAOINE
Cúige Laighean v Cardiff Blues RDS @ 20.05i.n Beo ar TG4

BHÍ bua maith ag Cúige Laighean in aghaidh Treviso an tseachtain seo caite agus níl cluiche caillte ag na Laighinigh ó bhabhta 3 den Rabo Direct Pro 12, ocht gcluiche as a chéile buaite acu anois i ngach comórtas. Tá neart imreoirí ar an phainéal ag Joe Schmidt agus d'athraigh sé a fhoireann in aghaidh Treviso nuair a rinne sé naoi gcinn d'athraithe ón fhoireann a bhuaigh in aghaidh na Warriors an tseachtain roimhe sin. Thosaigh Luke Fitzgearld ag uimhir a cúig déag le Fergus McFadden agus Fionn Carr ar na cliatháin ach ba é McFadden a bhí ag tógáil na gciceanna éirice agus d'éirigh go breá leis.

Is sa dara háit atá Cúige Laighean ar chlár na bpointí le 30 pointe agus iad ar an méid céanna leis na hOspreys atá ar bharr an tábla. Níl ach trí chluiche caillte ag na Cardiff Blues go dtí seo agus iad sa chúigiú áit ar chlár na bpointí. Fuair siad an lámh in uachtar ar Aironi an tseachtain seo caite 38-0. Imríonn na Laighinigh go maith sa bhaile agus beidh a bharraíocht acu do na Blues.

Bua: Cúige Laighean

Fergus McFadden

DÉ SATHAIRN
Ospreys v Cúige Mumhan Liberty Stadium @ 18.30i.n Beo ar RTÉ2/S4C

CLUICHE mór an deireadh seachtaine é seo ina bhfuil na hOspreys atá ar bharr an tábla ag tabhairt aghaidhe ar Chúige Mumhan, seaimpiní na Sraithe. Chas an dá fhoireann seo ar a chéile i mí Dheireadh Fómhair i bPáirc Thuamhan agus fuair na hOspreys an lámh in uachtar 17-13. Níor chaill Cúige Mumhan sa bhaile ar feadh 18 mí roimhe sin. Bhí bua maith ag na hOspreys in aghaidh Chonnacht an tseachtain seo caite ag críochnú 17-6 chun cinn le Matthew Morgan, atá ocht mbliana déag d'aois, agus Sonny Parker ag aimsiú na n-úd.

Beidh na hOspreys gann go leor ar na himreoirí idirnáisiúnta mar gheall ar chluiche Cymru in aghaidh na hAstráile.

Bhuaigh Cúige Mumhan sa bhaile in aghaidh Dhún Éideann an tseachtain seo caite 34-17 le foireann úrnua. Bhí 13 imreoir in easnamh mar gheall ar ghortaithe tar éis dhá chluiche crua i gCorn Heineken agus ní raibh Paul O'Connell, Ronan O'Gara ná Conor Murray ar fáil mar gheall ar pholasaí an IRFU sos a thabhairt do na himreoirí idirnáisiúnta.

B'iad Danny Barnes, Simon Zebo agus Luke O'Dea a fuair na húid agus sheas Donncha O'Callaghan amach sa dara líne. Cluiche eile tábhachtach do roinnt de na himreoirí atá ar an imeall a gcás a chur os comhair chóitseálaí na foirne Tony McGahan roimh bhabhta 3 de Chorn Heineken in aghaidh na Scarlets an tseachtain seo chugainn.

Bua: Cúige Mumhan

Danny Barnes

Saol imeartha Shane Williams ag teacht chun deiridh

Gráinne McElwain

TÁ 12 shéasúr curtha isteach aige agus 57 úd aimsithe aige, ach tá an cliathánaí rugbaí Shane Williams ag éirí as foireann na Breataine Bige in aois a 34 bliain. Dé Sathairn, beidh sé féin agus a chomhghleacaithe ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar fhoireann ó thaobh eile an domhain, an Astráil, rud nach bhfuil déanta ag an Bhreatain Bheag ó bhí 2008 ann. Cuirfidh Williams geansaí dearg na tíre air den 87ú huair agus, ar ndóigh, den uair dheireanach sa chluiche sin. Cé go bhfuil go leor teachtaireachtaí dearfacha faighte ag Williams ag impí air leanacht ar aghaidh ag imirt go hidirnáisiúnta, is cuma cén toradh a bheas ar an chluiche fhisiciúil seo, dar leis, ní thiocfaidh aon athrú intinne air. Bí cinnte go mbeidh slua mór i Staid na Mílaoise agus neart cumha orthu ag deireadh an chluiche sin nuair a thiocfas deireadh le saol imeartha idirnáisiúnta Williams.

Cé go bhfuil deireadh ag teacht le saol imeartha Williams, seo tús úr do Warren Gatland agus don lucht bainistíochta agus iad ag díriú anois ar Chorn Rugbaí an Domhain in 2015. Dúirt Gatland, "D'éirigh go maith linn sa Nua-Shéalainn ach caithfidh muid tús a chur le rudaí anois ionas go gcríochnóidh muid in áit i bhfad níos fearr an chéad uair eile ag Corn Rugbaí an Domhain."

Beidh an Bhreatain Bheag gan cuid de na himreoirí a imríonn le clubanna thar lear agus atá gortaithe ach seo deis do na leaideanna óga iad féin a chur chun cinn i bpleananna Gatland. Gan dabht, tosnóidh Shane Williams ar an chliathán chlé le George North ar an chliathán eile. Seans go bhfeicfimid Liam Williams, lánchúlaí leis na Scarlets, ag imirt i ngeansaí uimhir 15 na Breataine Bige den chéad uair. Is dócha go mbeidh Jamie Roberts agus Jonathan Davies sa lár le Rhys Priestland agus Lloyd Williams mar leathchúlaithe. Níl Adam Jones ar fáil mar gheall ar ghortú ach beidh Matthew Rees ar ais ar an bhinse tar éis gur chaill sé amach ar Chorn Rugbaí an Domhain mar gheall ar ghortú muiníl. Cé go bhfuil imní faoi chúpla imreoir sa phaca déarfainn go mbeidh Gethin Jenkins, Bradley Davies, Toby Faletau agus Huw Bennett ag tosnú.

Mhúin an Astráil ceacht rugbaí do na Barbarians an tseachtain seo caite (60-11) agus feicfimid coimhlint mhaith idir na foirne seo agus, ár ndóigh, beidh a dheis dheireanach ag draoi na Breataine Bige a chuid scileanna a thaispeáint dúinn.

An Bhreatain Bheag v An Astráil
Staid na Mílaoise @ 2.30i.n
Beo ar BBC 1

Cluichí cinniúnacha sna Cúigí

Colm Copper, uimhir 13, agus a chomhimreoirí ó Na Crócaigh, Cill Airne

Gráinne McElwain

PLUS ça change, plus c'est la même chose, mar a deir na Francaigh agus is dócha go bhfuil an ceart acu mar ar an Domhnach beag seo, caithfidh foirne as Corcaigh agus as Ciarraí bualadh lena chéile i gcluiche ceannais peile AIB na Mumhan.

Ní rud neamhghnách é sin ar bhealach ach beidh Crócaigh Chill Airne ag tabhairt aghaidhe ar na mic léinn ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, cluiche a bheidh fíorspéisiúil. Is iomaí duine, áfach, nach bhfuil i bhfabhar na mic léinn a bheith ag dul i gcoinne na gclubanna móra sna comórtais chraoibhe. Cé gur foireann as Corcaigh í Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, nó UCC, tá cuid mhór fear as Ciarraí ar an fhoireann, ina measc Paul Geaney as an Daingean sna tosaithe, Peter Crowley agus Matthew Galvin sna cúlaithe, agus Jamie O'Sullivan as Cill Chuimín i lár na páirce. Is féidir leat a shamhlú an magadh agus na scéalta grinn a bheas i gCill Airne Dé Domhnaigh má éiríonn leis na mic léinn ó Chorcaigh an bua a fháil - le cuidiú mór ó imreoirí Chiarraí, gan dabht.

Bhí an-díomá ar na Crócaigh gur chaill siad cluiche ceannais na Mumhan anuraidh in aghaidh Raonaithe Nemo (1-15 le 1-13). Tá Craobh na Mumhan buaite ag na Crócaigh faoi thrí i 1990, 1991 agus 2006. Chuaigh siad chomh fada le cluiche ceannais chlubanna na hÉireann i 1992 nuair a bhuaigh siad an comórtas agus arís in 2007 ach chaill siad tar éis athimeartha in aghaidh Chrois Mhic Lionnáin as Ard Mhacha an uair sin. I mbliana, fuair siad an lámh in uachtar ar Bhaile na Cúirte ó Phort Láirge i mbabhta ceathrú ceannais na Mumhan agus bhí ar Cholm Cooper trí chúilín a aimsiú sna nóiméid dheireanacha chun an lámh in uachtar a thabhairt dóibh in aghaidh Chill Mhuire Uí Bhreacáin i gcluiche leathcheannais an chomórtais.

Thóg sé naoi nóiméad ar na Crócaigh scór a fháil sa chluiche sin agus beidh orthu imirt i bhfad níos fearr Dé Domhnaigh chun an lá a chrochadh leo. Is iad Colm Cooper, Eoin Brosnan, Kieran O'Leary agus Kieran Cremin na hainmneacha móra a sheasann amach ar an fhoireann seo.

D'aimsigh Paul Geaney as an Daingean 2-5 do na mic léinn in aghaidh Fhánaithe na Maoile as Tiobraid Árann i gcluiche leathcheannais na Mumhan agus rinne Gavin O'Grady agus Stephen O'Brien sa líne lántosaithe raic an lá sin. Chríochnaigh UCC le 5-12 in aghaidh 1-5 agus seo rud a gcaithfidh na Crócaigh a bheith aireach faoi. Níor imir na Crócaigh go maith coicís ó shin ach léirigh siad carachtar láidir agus aibíocht chun an cluiche a bhuachan sna bomaití deireanacha, rud a d'admhaigh Colm Cooper i ndiaidh an chluiche nach dtarlódh cúpla bliain ó shin. Sílim go seasfaidh sé sin leo Dé Domhnaigh.

Bhí cluiche den scoth idir na Piarsaigh ó Luimneach agus Croisín ón Chlár an tseachtain seo caite i gcluiche ceannais iomána na Mumhan a chríochnaigh ar comhscór (1-11 le 0-14). Níl ceachtar den dá fhoireann seo tar éis Craobh na Mumhan a bhuachan cheana agus caithfidh siad imirt arís i nDurlas Éile Dé Domhnaigh. Bhí ar na Piarsaigh teacht aniar sa chluiche nuair a bhí an Croisín ceithre chúilín chun cinn agus is dócha go mbeidh díomá ar fhoireann an Chláir nach raibh an lá leo. Mhothaigh bainisteoir na bPiarsach Seán Stack i ndiaidh an chluiche go mbeidh a fhoireann ábalta imirt níos fearr ach beidh ainm nua le dul ar an chorn oíche Dé Domhnaigh cibé rud a tharlóidh.

Tá cluiche ceathrú ceannais peile i gcomórtas chlubanna na hÉireann ar siúl an Domhnach beag seo nuair a imreoidh Gaeil Fulham as Londain in aghaidh Naomh Bríd ó Ros Comáin thall in Ruislip.